

Health Information and Quality Authority

An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte



# Tuarascáil Bhliantúil 2015







*Cúram níos sábháilte, níos fearr*

# BROLLACH
# **ón gCathaoirleach**



**Brian McEnery**
*(Cathaoirleach)*

Le linn na bliana 2015, lean an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) ar aghaidh le ról suntasach a imirt agus le rannchuidiú suntasach a dhéanamh chun a chinntiú gur sábháilte agus ar ardchaighdeán atá córas cúram sláinte agus cúraim shóisialaigh na hÉireann agus go dtagann feabhas comhleanúnach ar eispéireas gach duine a bhaineann úsáid as.

Le linn na bliana 2015, leanamar ar aghaidh lenár bPlean Corparáideach don tréimhse 2013-2015 a chur chun feidhme. Rinneamar dul chun cinn ar na príomhghníomhaíochtaí atá ar bun againn maidir le seirbhísí a rialáil agus maoirseacht a dhéanamh orthu, le caighdeáin a leagan síos, agus le comhairle straitéiseach a chur ar eagraíochtaí Rialtais agus ar eagraíochtaí náisiúnta is soláthraithe. Tar éis dó comhairliúchán fairsing agus rannpháirtíocht fhairsing a dhéanamh lena chuid geallsealbhóirí, chuir Bord HIQA a Phlean Corparáideach nua don tréimhse 2016 – 2018 faoi bhráid an Aire Sláinte. Sainaithnítear sa Phlean sin na tosaíochtaí atá ag HIQA don chéad trí bliana eile agus cuirtear síos ann ar na torthaí a bhfuil sé beartaithe ag HIQA iad a bhaint amach agus ar na gníomhaíochtaí a dtabharfar fúthu d'fhonn na torthaí sin a chomhlíonadh thar an gcéad trí bliana eile.

Tionscnamh ríthábhachtach amháin a bhfuil súil againn é a threorú sa chéad trí bliana eile is ea an chéad suirbhé náisiúnta riamh ar eispéireas othar a chur i bhfeidhm. Mar aon le táscairí eile sábháilteachta othar agus le faisnéis faoi fheidhmíocht na seirbhísí, aithnítear anois gur táscaire ríthábhachtach maidir le cáilíocht agus le sábháilteacht atá i bhfaisnéis a fhaightear go díreach ó úsáideoirí seirbhíse. Tá tús curtha leis an obair ar an mórthionscnamh sin cheana féin.

Croíphrionsabal de chuid HIQA is ea cinntí a dhéanamh bunaithe ar fhianaise agus ar thaighde. Trí na Measúnachtaí Teicneolaíocht Sláinte (MTSanna) a dhéanann sé, cinntíonn HIQA gur dírithe ar an othar agus costéifeachtach a bhíonn na cinntí a dhéantar agus na beartais a cheaptar i gcúram sláinte na hÉireann. Sa bhliain 2015, d'fhoilsíomar MTS inar moladh go n-athrófaí ó straitéis vacsaínithe uilechoitinn BCG do nua-naíonna go ceann atá roghnaitheach. Chuireamar in iúl inti freisin gur cheart tiomantas soiléir do bhearta córasacha agus cuimsitheacha chun eitinn (TB) a rialú a bheith taobh thiar d'aon athrú a dhéanfaí ar straitéis.

Tar éis measúnacht a dhéanamh inti ar éifeachtacht chliniciúil agus ar chostéifeachtacht na n-idirghabhálacha tacaíochta a chabhraíonn le hothair gnéithe de ghalair fhadtéarmacha a bhainistiú, moladh san MTS d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) tús áite a thabhairt d'infheistíocht a dhéanamh sna hidirghabhálacha sin ar taispeánadh fianaise ar a n-éifeachtacht chliniciúil. Chomh maith leis sin, sholáthraíomar MTS ar mheastóireacht eacnamaíoch a rinneadh ar chlár náisiúnta scagthástála le haghaidh fibriliú aitriamach i gcúram príomhúil. Fuarthas amach san MTS sin gur dócha go mbeadh clár scagthástála den sórt sin costéifeachtach in Éirinn agus go mbeifí in ann strócanna a bhrath agus a chosc go luath dá bharr sin.

Ina theannta sin, d’fhoilsíomar na torthaí ar MTS ar an teicneolaíocht faisnéise a úsáid le haghaidh córais luathrabhaidh agus córais aistrithe chliniciúil d’fhonn cabhrú leis an othar atá ag meath a shainaithint.

Fuaireamar amach gur cheart infheistíocht i ríomhchórais luathrabhaidh a bheidh nasctha le clár oiliúna chun an t-othar atá ag meath go géar a mheasúnú agus a chóireáil. Fuaireamar amach freisin gur cheart acmhainneacht iomlán na gcóras a thabharfar isteach a bhaint amach trí leas a bhaint as na sonraí cliniciúla a bhaileofar d’fhonn cabhrú le feidhmeanna iniúchóireachta agus rialachais.

Creideann HIQA go láidir go bhfuil rShláinte ina cumasóir tábhachtach maidir le cúram sláinte a bhunathrú in Éirinn. Dá bhrí sin, táimid tiomanta do chlár oibre a thacaíonn lena cur chun feidhme. Tógadh céimeanna tábhachtacha i dtreo straitéis rShláinte na hÉireann a bhaint amach nuair a foilsíodh caighdeáin maidir le ríomhchóras um ordú oideas agus um aistriú oideas i mí an Mhárta 2015.  Mar an gcéanna, d’fhoilsíomar caighdeáin nua maidir le hAitheantóirí Sláinte Aonair a thabhairt isteach in Éirinn. Tá an tAitheantóir Sláinte Aonair ar an dúshraith do chórais rShláinte. Tá sé ríthábhachtach maidir le ríomhthaifid sláinte agus le ríomhchóras um ordú oideas a chur chun feidhme freisin. Leis na ríomhchórais sin, beifear in ann sábháilteacht othar a chinntiú trí fheabhas a chur ar chomhroinnt faisnéise cúram sláinte idir cleachtóirí cúram sláinte.

Sa bhliain 2015, leanamar ar aghaidh le cultúr um eispéireas feabhsaithe othar a chur chun cinn laistigh de sheirbhísí cónaithe do dhaoine scothaosta. Rinneamar breis agus 400 cigireacht ar thithe altranais agus sheolamar clár nua cigireachtaí téamacha ina ndírítear ar chúram néaltraithe. Is é an aidhm atá leis na cigireachtaí sin feabhsuithe a spreagadh agus a éascú do dhaoine a bhíonn ag fáil seirbhísí néaltraithe. Mar gheall ar athrú ar an mbeartas Rialtais i dtaca le comhlíonadh caighdeán timpeallachta fisiciúla, leanfaidh HIQA de bheith ag obair go dlúth le FSS chun gach teach altranais a thabhairt aníos go dtí an caighdeán náisiúnta riachtanach faoin mbliain 2021, rud a dhéanfaidh cáilíocht beatha, dínit agus príobháideachas na gcónaitheoirí a chur chun cinn agus a chosaint.

Cé go bhfuil díomá orainn nach bhfuil na caighdeáin riachtanacha timpeallachta comhlíonta ag roinnt tithe altranais go dtí seo, cuirimid fáilte roimh an tiomantas atá ann d’infheistíocht a dhéanamh i dtithe altranais poiblí ionas go mbeidh siad in ann na caighdeáin riachtanacha a chomhlíonadh. Tá ár leagan athbhreithnithe de na *Caighdeáin Náisiúnta um Shuíomhanna Cúram Cónaithe do Dhaoine Scothaosta in Éirinn fós* le faomhadh ag an Aire Sláinte.

Chuaigh HIQA ar aghaidh lena chéad timthriall clárúcháin le haghaidh lárionad do dhaoine fásta agus do leanaí faoi mhíchumas sa bhliain 2015. Bhí 741 chigireacht déanta ag an bhFoireann Cúraim Shóisialaigh do Dhaoine Fásta agus bhí 402 lárionad cláraithe aici faoi dheireadh na bliana. Mar rialálaí, tá sé mar thosaíocht dúinn go fóill aird a thabhairt ar na cearta agus ar na heispéiris atá ag roinnt de na húsáideoirí is leochailí seirbhíse. Níl aon amhras ann gur tháinig raon suntasach dúshlán chun cinn ina leith le linn dúinn seirbhísí cónaithe a rialáil. Mar sin féin, cuireadh feabhas suntasach ar na seirbhísí sin mar gheall ar ár n-idirghabhálacha freisin.

Sa bhliain 2015, thugamar faoi bhreis agus 100 cigireacht ar sheirbhísí do leanaí. Táimid tiomanta dá chinntiú go seasfar le cearta leanaí, go háirithe iad sin atá faoi chúram an

Stáit. D'fhoilsíomar Caighdeáin *Náisiúnta d'Aonaid Sainchúraim* d'fhonn feabhsuithe comhleanúnacha a chur chun cinn ar cháilíocht agus ar shábháilteacht an chúraim sna haonaid sin. Chomh maith leis sin, rinneamar ceithre mholadh don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach maidir le leanaí a bhfuil cónaí orthu in ionaid soláthair dhírigh. Tháinig roinnt ábhar imní chun cinn le linn ár gcigireachtaí maidir le neamhréireacht an chúraim a chuirtear ar fáil do na leanaí.


I mí na Bealtaine 2015, d'fhoilsíomar tuarascáil cigireachta ar shábháilteacht othar san Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise. I measc na moltaí a rinneadh sa tuarascáil, bhí seirbhís neamhspleách tathanta othar a chruthú chun a chinntiú go dtaifeadfar na heispéiris atá tuairiscithe ag othar, go n-éistfear leo agus go bhfoghlaimeofar uathu, agus straitéis náisiúnta máithreachais a fhorbairt chun a chinntiú go bhfreastalóidh próifíl agus samhlacha na seirbhísí máithreachais ar riachtanas na mban ar fud na tíre. Tá áthas orainn a fheiceáil gur forbraíodh an chéad straitéis náisiúnta máithreachais riamh d'Éirinn ó shin i leith.

Drochtheagmhas a tharlaíonn go minic le linn soláthar cúram sláinte is ea Ionfhabhtuithe a Bhaineann le Cúram Sláinte. Dá bhrí sin, tá sé mar mhórthosaíocht againn iad a chosc agus a rialú. Sa bhliain 2015, thugamar faoi 39 gcigireacht neamhfhógartha ar ospidéil ghéarmhíochaine phoiblí mar chuid dár gclár um fhaireachán a dhéanamh orthu de réir na *gCaighdeán Náisiúnta maidir le hIonfhabhtuithe a Bhaineann le Cúram Sláinte a Chosc agus a Rialú*. Chomh maith leis sin, chuireamar tús le clár nua cigireachtaí ina ndírítear ar shláinteachas láimhe, ar ghlaineacht timpeallachta agus ar bheartáin chúraim chun a chinntiú go ndéanfar luach na n-oibreán antaimhiocróbach a chaomhnú a fhad is féidir trí shainúsáid chúramach.

Le linn na bliana 2015, chuireamar tús freisin le cigireachtaí ar an láthair ar ospidéil ghéarmhíochaine phoiblí d'fhonn féachaint ar an dóigh a gcuireann siad cúram cothaithe agus hiodráitithe ar fáil.

Gabhaim buíochas le gach ball foirne in HIQA as a n-obair chrua agus as a dtiomantas le linn na bliana 2015 agus gabhaim buíochas freisin leis na comhaltaí den Bhord as an gcomhairle agus as an treoir a chuireann siad ar fáil.

Agus sinn ag obair le chéile, leanfaimid ar aghaidh le hacmhainn agus le hinniúlacht a chur chun cinn agus le muinín a chothú as cáilíocht agus as sábháilteacht na seirbhísí cúram sláinte agus cúraim shóisialaigh a sholáthraítear sa tír seo.



**Brian McEnery**
Cathaoirleach

# Clár Ábhar


## 1 Maidir leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte 6

1.1 Réamhrá 6
1.2 Ár sainordú agus ár ngníomhaíochtaí 7
1.3 Ráiteas misin agus luachanna corparáideacha 8

## 2 Rialachas agus bainistíocht 10

2.1 Ár mBord 10
2.2 Cruinnithe Boird 13
2.3 Coistí Boird 13
2.4 Struchtúr eagrúcháin 13

## 3 Cuspóirí straitéiseacha agus éachtaí 16

3.1 Cuspóirí straitéiseacha 16
3.2 Achoimre ar éachtaí ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2015 17

## 4 Gníomhaíochtaí de réir Stiúrthóireachta 21

4.1 Tuarascáil Oifig an Phríomh-Chigire (an Stiúrthóireacht um Rialáil) 21
4.2 Measúnacht Teicneolaíocht Sláinte 39
4.3 Faisnéis Sláinte 52
4.4 Feabhsú Sábháilteachta agus Cáilíochta 60
4.5 Seirbhísí Corparáideacha 65
4.6 Cumarsáid agus Rannpháirtíocht le Geallsealbhóirí 70
4.7 Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh 75

## 5 Faisnéis airgeadais 78

5.1 Ráitis airgeadais 78

## 6 Aguisíní 79

Aguisín 1: Gníomhaíocht an Bhoird agus freastal ar chruinnithe sa bhliain 2015 79
Aguisín 2: Léarscáil Straitéise 81
Aguisín 3: Tuarascáil Bhliantúil maidir le Rialachas agus Comhlíonadh 82
Aguisín 4: Tuarascáil Bhliantúil maidir le Nochtadh Cosanta 84

# CAIBIDIL 1
# Maidir leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

## 1.1 Réamhrá

Is é an misean atá ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) daoine a úsáideann seirbhísí cúram sláinte agus cúraim shóisialaigh a chosaint, feabhsuithe inbhuanaithe a chur chun cinn agus tacú le cinntí eolacha a dhéanamh ar an dóigh a soláthrófar seirbhísí. Cabhraíonn gach ceann de na feidhmeanna atá ag HIQA le feabhsuithe leanúnacha a bhrú chun cinn ar shábháilteacht agus ar cháilíocht an chúraim agus na tacaíochta a chuirtear ar fáil do dhaoine a úsáideann seirbhísí cúram sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Tá an Tuarascáil Bhliantúil seo, an naoú ceann dá leithéid, á foilsiú tráth a bhfuil *Plean Corparáideach 2013-2015* ó HIQA ag teacht chun deiridh agus a bhfuil leathnú tagtha ar HIQA chun go gcomhlíonfaidh sé caighdeáin nua rialála mar a shamhlaítear sa doiciméad *Sláinte sa Todhchaí: Creat maidir le hAthchóiriú na Seirbhíse Sláinte 2012-2015),* rud a d’fhoilsigh an tAire Sláinte i mí na Samhna 2012.

Sa bhliain 2015, leanamar ar aghaidh le seirbhísí cónaithe do dhaoine scothaosta, do leanaí, agus do dhaoine fásta agus do leanaí faoi mhíchumas a rialáil. Leanamar ar aghaidh le comhairle a chur ar fáil ar an gcinnteoireacht agus ar an measúnacht ar theicneolaíochtaí sláinte nua agus ar chinn a bhí ann cheana féin. Chomh maith leis sin, thugamar faoi chlár oibre a raibh sé mar aidhm leis úsáid na n-aitheantóirí sláinte aonair a chur ar aghaidh i gcóras cúram sláinte na hÉireann agus tharraingíomar aird ar a ríthábhachtaí atá faisnéis sláinte maidir le feabhas a chur ar thorthaí d’othair. Leanamar ar aghaidh le deiseanna forbartha cáilíochta agus sábháilteachta a sholáthar a thacaíonn le seirbhísí a fheabhsú.

Sa bhliain 2013, d’fhoilsigh HIQA plean corparáideach nua trí bliana dar teideal *Cúram Níos Sábháilte, Níos Fearr: Plean Corparáideach 2013-2015*. Ba iad na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach sin a mhúnlaigh ár gcuid oibre sa bhliain 2015. Leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo an dóigh ar chuireamar na cuspóirí sin agus na cuspóirí atá leagtha amach inár bPlean Gnó don bhliain 2015 ar aghaidh.

Léirítear sa Phlean Corparáideach na croíluachanna atá ag HIQA, is iad sin: tús áite a thabhairt do dhaoine, bheith cóir agus neodrach, díriú ar shármhaitheas agus ar nuálaíocht, agus bheith oscailte agus cuntasach. Leagtar amach ann na tosaíochtaí is gá a chomhlíonadh chun sinn a chumasú ár gcuspóirí corparáideacha straitéiseacha a chomhlíonadh. Ba as próiseas comhairliúcháin fhairsing a tháinig an Plean agus tugtar aird ann ar an timpeallacht sheachtrach ina gcuirimid ár gcuid oibre i gcrích. Tugtar gealltanas sa Phlean go n-oibreoidh HIQA i gcomhar agus go cuiditheach lenár ngeallsealbhóirí. Tugtar gealltanas ann freisin dá chinntiú go bpleanálfar feidhmeanna nua i gceart, go gcuirfear dóthain acmhainní ar fáil dóibh agus go mbeidh siad costéifeachtach.

Cé go bhfuil sé ag rialáil seirbhísí cúram sláinte agus cúraim shóisialaigh i bPoblacht na hÉireann agus ag brú feabhsuithe suntasacha chun cinn ar na seirbhísí sin le naoi mbliana anuas, bíonn

HIQA ag foghlaim faoina chuid oibre go fóill. Foghlaimímid ó eagraíochtaí den chineál céanna agus ó dhúshláin chúram sláinte a thagann chun cinn i ndlínsí eile. Féachaimid lena chinntiú nach dtiocfaidh ábhair imní atá i réim in áiteanna eile chun cinn i réimsí a thagann faoi shainchúram HIQA ná i mórchóras cúram sláinte agus cúraim shóisialaigh na hÉireann.

Cinntíonn an fhoghlaim sin go mbíonn córais láidre i bhfeidhm againn chun measúnacht éifeachtach a dhéanamh ar rioscaí ag leibhéil áitiúla agus náisiúnta.

Baineann ár gcuid foghlama freisin le hathbhreithnithe a dhéanamh ar an dea-chleachtas i ndlínsí eile agus lena mholadh go gcuirfear córais nua chun feidhme i suíomh cúram sláinte na hÉireann. Sa bhliain 2015, d'fhoilsíomar caighdeáin chun tacú le straitéis rShláinte agus le hAitheantóirí Sláinte Aonair a thabhairt isteach in Éirinn. Ba cheart go ndéanfadh cur chun feidhme na moltaí sin laghdú ar ilroinnt agus ar dhúbláil agus ba cheart go gcinnteodh sé go nglacfaí cur chuige ní ba chomhsheasmhaí i leith cáilíocht na sonraí in Éirinn a fheabhsú, rud as a dtiocfadh sábháilteacht mhéadaithe othar ar fud seirbhísí cúram sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Agus sinn ag freastal ar na cuspóirí atá againn feabhas a chur ar shábháilteacht agus ar cháilíocht, leanaimid ar aghaidh le cosaint phríobháideachas an othair a chinntiú de réir mar a chuirimid éifeachtúlacht mhéadaithe chun cinn sa tseirbhís sláinte. D'fhoilsíomar ár dtuarascáil ar imscrúdú ar shábháilteacht, ar cháilíocht agus ar chaighdeáin na seirbhísí san Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise. Cuireadh tús leis an imscrúdú sin mar thoradh ar na heispéiris dhiúltacha a bhí ag roinnt othar agus ag a dteaghlach ar na seirbhísí, eispéiris a tharraing aird ar easnaimh shuntasacha sa dóigh a raibh cúram atá dírithe ar an duine á sholáthar ag an ospidéal. Sa bhliain 2015, shínigh HIQA Meabhrán Tuisceana le hOifig an Ombudsman d'fhonn an malartú faisnéise agus gearán a éascú ar mhaithe le feabhas a chur ar sheirbhísí cúram sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Leanaimid ar aghaidh le tuairisc a thabhairt go poiblí ar shábháilteacht, ar cháilíocht agus ar éifeachtacht na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh. Agus an méid sinn á dhéanamh againn, cuireann HIQA ar chumas an chórais chúram sláinte agus cúraim shóisialaigh laghdú a dhéanamh ar an mbaol go ndéanfar díobháil do dhaoine a úsáideann na seirbhísí nó go mbainfear mí-úsáid astu. Cuirimid bonn eolais faoi bheartas sláinte agus faoi chinntí seirbhísbhunaithe a bhaineann le hinfheistíocht agus le dí-infheistíocht. Comhroinnimid an fhoghlaim ó ghníomhaíochtaí chun a chinntiú go gcuirfear feabhas leanúnach ar an dóigh a ndéantar seirbhísí a phleanáil, a bhainistiú agus a sholáthar.

## 1.2 Ár sainordú agus ár ngníomhaíochtaí

Údarás neamhspleách is ea an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA), a bunaíodh chun cúram atá ar ardchaighdeán agus sábháilte a bhrú chun cinn do dhaoine a úsáideann seirbhísí cúram sláinte agus cúraim shóisialaigh in Éirinn. Is é an ról atá ag HIQA caighdeáin a fhorbairt, cigireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhísí cúram sláinte agus cúraim shóisialaigh, agus tacú le cinntí eolacha a dhéanamh ar an dóigh a soláthrófar seirbhísí.

Is é an aidhm atá ag HIQA daoine a chosaint agus sábháilteacht agus cáilíocht na seirbhísí cúram sláinte agus cúraim shóisialaigh a fheabhsú ar fud raon iomlán a chuid feidhmeanna.

Cuimsíonn sainordú HIQA raon sonraithe de sheirbhísí earnála poiblí, de sheirbhísí earnála príobháidí agus de shaoráidí earnála deonaí. Agus tuairisc á tabhairt aige don Aire Sláinte agus don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, tá freagracht reachtúil ar HIQA as na nithe seo a leanas:

- **Caighdeáin a Leagan Síos le haghaidh Seirbhísí Cúram Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh** – Caighdeáin atá dírithe ar an duine agus atá bunaithe ar fhianaise agus ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta a fhorbairt do sheirbhísí cúram sláinte agus cúraim shóisialaigh in Éirinn
- **Rialáil** – Lárionaid ainmnithe a chlárú agus cigireacht a dhéanamh orthu
- **Faireachán a Dhéanamh ar Sheirbhísí do Leanaí** – Faireachán agus cigireacht a dhéanamh ar sheirbhísí sóisialacha do leanaí
- **Faireachán a Dhéanamh ar Shábháilteacht agus ar Cháilíocht Cúram Sláinte** – Faireachán a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar cháilíocht seirbhísí sláinte, agus imscrúdú a dhéanamh, de réir mar is gá, ar ábhair imní thromchúiseacha maidir le sláinte agus le folláine na ndaoine a úsáideann na seirbhísí sin
- **Measúnacht Teicneolaíocht Sláinte** – Comhairle a chur ar fáil chun an toradh is fearr a bhaint amach do dhaoine a úsáideann ár seirbhís sláinte agus chun an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní trí mheastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht chliniciúil agus ar chostéifeachtacht drugaí, trealaimh, teicnící máinliachta agus diagnóiseacha, agus gníomhaíochtaí chun dea-shláinte a chur chun cinn agus a chosaint
- **Faisnéis Sláinte** – Comhairle a chur ar fáil maidir le faisnéis sláinte a bhailiú agus a chomhroinnt ar bhealach éifeachtúil agus slán, caighdeáin a leagan síos, meastóireacht a dhéanamh ar acmhainní faisnéise, agus faisnéis a fhoilsiú faoin dóigh a soláthraítear seirbhísí cúram sláinte agus cúraim shóisialaigh in Éirinn agus faoi fheidhmíocht na seirbhísí sin.

## Ár sainordú dlíthiúil

Tá na feidhmeanna reachtúla arb iad an bonn d'obair an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte leagtha amach san Acht Sláinte 2007, sna hAchtanna um Chúram Leanaí, 1991 agus 2001 (arna leasú), in Acht na Leanaí 2001, san Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 agus san Acht um Míchumas 2005.


Déantar an Tuarascáil Bhliantúil seo, ina leagtar amach an obair a rinne HIQA ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2015, a chur i láthair de réir cheanglais reachtúla an Achta Sláinte 2007 agus áirítear inti na socruithe atá i bhfeidhm ag HIQA chun an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Poiblí a chur chun feidhme agus chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis. Áirítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo freisin Tuarascáil Bhliantúil an Phríomh-Chigire Seirbhísí Sóisialacha agus an Tuarascáil Bhliantúil maidir le Rialachas agus Comhlíonadh a cheanglaítear leis an Acht Sláinte 2007.

## 1.3 Ráiteas misin agus luachanna corparáideacha

Is ann do HIQA chun feabhsuithe inbhuanaithe a chur chun cinn, daoine a úsáideann seirbhísí cúram sláinte agus cúraim shóisialaigh a chosaint, agus tacú le cinntí eolacha a dhéanamh ar an dóigh a soláthrófar seirbhísí. Is é an misean sin a threoraíonn gach a ndéanann HIQA. Is é an aidhm atá le luachanna corparáideacha na nithe seo a leanas a chur in iúl: na nithe a chreidimid a bheith tábhachtach, an dóigh a n-oibrímid, an tuairim atáimid ag súil go mbeidh ag geallsealbhóirí seachtracha orainn, agus an t-éiteas agus an cur chuige a moltar dár bhfoireann cloí leo. Is orthu sin atá cultúr na heagraíochta bunaithe. Tá na cúig luach chorparáideacha atá againn luaite ar dheis. Tá siad léirithe i bhFíor 1 freisin.

- **Tús áite a thabhairt do dhaoine** – tugaimid tús áite, i ngach a ndéanaimid, do riachtanais agus do thuairimí na ndaoine a úsáideann agus a sholáthraíonn na seirbhísí
- **Bheith cóir agus neodrach** – féachaimid le bheith cóir agus neodrach agus sinn ag déileáil le daoine agus le heagraíochtaí. Tugaimid faoinár gcuid oibre gan eagla gan claonadh
- **Bheith oscailte agus cuntasach** – comhroinnimid faisnéis faoin gcineál oibre a dhéanaimid agus faoi na torthaí a bhíonn uirthi. Glacaimid lánfhreagracht as ár ngníomhartha
- **Sármhaitheas agus nuálaíocht** – déanaimid ár ndícheall sármhaitheas a bhaint amach inár gcuid oibre. Féachaimid le feabhas leanúnach a bhaint amach trí fhéinmheastóireacht agus trí nuálaíocht
- **Obair le chéile** – oibrímid le daoine a sholáthraíonn na seirbhísí agus a úsáideann iad nuair a bhíonn gach gné dár gcuid oibre á bhforbairt againn.

**Fíor 1:** Na Croí-Luachanna atá ag HIQA



# CAIBIDIL 2
# Rialachas agus bainistíocht

## 2.1 Ár mBord

Is ionann an Bord agus comhlacht rialaithe HIQA. Bunaíodh é den chéad uair an 15 Bealtaine 2007. Cuimsíonn an comhaltas den Bhord Cathaoirleach amháin agus 11 Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin arna gceapadh ag an Aire Sláinte. Tagann na comhaltaí den Bhord as gairmeacha agus as tionscail éagsúla san earnáil cúram sláinte agus cúraim shóisialaigh agus aithnítear iad mar dhaoine a bhfuil taithí agus saineolas acu ar réimsí a bhaineann go sonrach le feidhmeanna HIQA.

Bhí na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí den Bhord le linn na bliana 2015:



**Brian McEnery**
*(Cathaoirleach)*

Comhpháirtí i gCuntasóirí agus Comhairleoirí Gnó BDO. Comhalta, Comhairle Dhomhanda Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte.



**Sheila O'Malley**

Iar-Phríomhoifigeach Altranais, an Roinn Sláinte. Iar-Uachtarán ar Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann.



**David Molony**

Liachleachtóir ginearálta agus lia sláinte ceirde, bunaitheoir Ionad Cúraim Shláinte Phríomhúil Mhala, oiliúnóir i Scéim Gairmoiliúna an Iar-Dheiscirt, léachtóir taca sinsearach le Scoil Míochaine Iontrála do Chéimithe in Ollscoil Luimnigh, agus comhalta de Choiste náisiúnta Lia-Chleachtóirí Ginearálta Cheardchumann Dochtúirí na hÉireann.



**Una Geary**

Comhairleach sa Leigheas Éigeandála in Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath. Léachtóir oinigh i Scoil an Leighis, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.



### Anne Carrigy

Iar-Cheannaire ar Sheirbhísí Ospidéil Ghéarmhíochaine, FSS. Iar-Uachtarán ar Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann.



### Bairbre O'Neill

Abhcóide, atá ag cleachtadh sa dlíthíocht shibhialta, agus béim ar leith á cur ar an dlíthíocht tráchtála agus ar an athbhreithniú breithiúnach.



### Mary Fennessy

Iarcheann oibre sóisialta i Seirbhísí Meabhairshláinte Lucena do Leanaí agus d'Ógánaigh. Comhalta den Bhord agus Coimisinéir ar an gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú. Cathaoirleach ar Choiste Cuairte Phríosún Mhuinseo agus Comhalta de Choiste Sláinte Chumann Cógaiseoirí na hÉireann. Fónann sí ar choiste de chuid CORU, an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh.



### Judith Foley

Oifigeach oideachais sa Bhord Altranais agus i mBord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann.



### Paula Kilbane**

Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Bhord Sláinte agus Seirbhísí Sóisialacha an Oirthir i dTuaisceart Éireann agus iar-Stiúrthóir Sláinte Poiblí ar Bhord Sláinte an Deiscirt, Tuaisceart Éireann. Stiúrthóir le roinnt bord sna hearnálacha príobháideacha, poiblí agus carthanas.



### Molly Buckley**

Altra sláinte poiblí. Leas-Chathaoirleach ar Chomhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta agus stiúrthóir agus cathaoirleach ar roinnt eagraíochtaí agus tionscadal náisiúnta agus idirnáisiúnta um chuimsiú sóisialta.

*** Chuaigh an Comhalta leis an mBord i mí Iúil 2015*



### Martin Sisk**

Aturnae. Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách ar Bhord Eatramhach na hOifige um Sholáthar Rialtais. Stiúrthóir ar Chonradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa.



### Stephen O'Flaherty**

Cuntasóir cáilithe le comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte, atá ag obair le AIB Business Banking.

*** Chuaigh an Comhalta leis an mBord i mí Iúil 2015*

D'éirigh na comhaltaí seo a leanas as an mBord sa bhliain 2015:



### Philip Caffrey

Iar-Stiúrthóir, United Drug PLC, agus iar-Stiúrthóir le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann.



### Samuel J. McConkey

Ceann na Rannóige Sláinte Idirnáisiúnta agus Míochaine Trópaicí i gColáiste Ríoga na Máinleá in Éirinn. I gceannas ar an tSeirbhís Galar Aicídeach Cliniciúil agus Míochaine Trópaicí in Ospidéal Beaumont freisin.



### Gráinne Tuke

Aturnae, Deloitte.



### Cillian Twomey

Geiriatraí ar Scor. Comhordaitheoir an Líonra Intéirneach, Líonra Intéirneach an Deiscirt, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Cathaoirleach ar Bhord Ospidéal Phádraig, Ospís Marymount, Corcaigh.

Tá an Bord freagrach as rialachas cuí an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte. Cinntíonn sé gur i bhfeidhm ag HIQA atá córais éifeachtacha um rialú inmheánach, um chomhlíonadh reachtúil agus oibriúcháin agus um bainistíocht riosca. Is iad na córais sin a sholáthraíonn na gnéithe riachtanacha de rialachas corparáideach agus de chomhlíonadh atá éifeachtach.

## 2.2 Cruinnithe Boird

Faoin Acht Sláinte 2007, ceanglaítear ar an mBord teacht le chéile sé huaire in aghaidh na bliana.

Tionóladh trí chruinniú bhreise de chuid an Bhoird sa bhliain 2015 d'fhonn ábhair shuntasacha éagsúla a chur ar aghaidh (féach Aguisín 1 le haghaidh dhátaí na gcruinnithe sin agus sonraí faoi fhreastal na gcomhaltaí den Bhord orthu).

## 2.3 Coistí Boird

Tacaíonn ceithre choiste Boird a bhfuil freagrachtaí sonracha orthu le gníomhaíochtaí an Bhoird a rialaíonn HIQA:

- Tacaíonn **an Coiste Rialachais Chúram Sláinte agus Chúraim Shóisialaigh** leis an maoirseacht a dhéanann an Bord ar a éifeachtaí a bhíonn comhlíonadh na bhfeidhmeanna cúram sláinte agus cúraim shóisialaigh atá ag HIQA agus ar na rialuithe a bhaineann leis na feidhmeanna sin.
- Tacaíonn **an Coiste Faisnéise, Taighde agus Teicneolaíochtaí** leis an rialú a dhéanann an Bord ar na feidhmeanna faisnéise agus measúnachta teicneolaíocht sláinte atá ag HIQA.
- Tacaíonn **an Coiste Iniúchóireachta agus Rialachais Chorparáidigh** leis an mBord measúnacht a dhéanamh ar a éifeachtaí agus ar a iontaofa a bhíonn na córais um rialú inmheánach atá i bhfeidhm ag HIQA agus ar na dearbhuithe a bhíonn ann maidir le rialachas, le bainistíocht riosca agus leis an timpeallacht rialaithe, agus ar a chruinne agus ar a iomláine atá na ráitis airgeadais.
- Tacaíonn **an Coiste Luach Saothair agus Ainmniúchán** leis an mBord trí fhaireachán a dhéanamh ar na riachtanais eagrúcháin atá ag HIQA agus ar fhorbairt bhainistíochta an Údaráis.

## 2.4 Struchtúr eagrúcháin

Léiríonn struchtúr eagrúcháin HIQA na croífheidhmeanna atá againn agus na croíghníomhaíochtaí atá ar bun againn – is iad sin, Rialáil, Measúnacht Teicneolaíocht Sláinte, Faisnéis Sláinte, agus Feabhsú Sábháilteachta agus Cáilíochta – i dteannta na seirbhísí tacaíochta a chuireann ar ár gcumas na cuspóirí corparáideacha atá againn a bhaint amach. Áirítear leis na seirbhísí sin Seirbhísí Corparáideacha, Cumarsáid agus Rannpháirtíocht le Geallsealbhóirí, Seirbhísí Dlíthiúla, agus Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh. Tá an eagraíocht faoi stiúir ag Foireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin a fhaigheann tacaíocht ó bhainisteoirí sinsearacha eile atá freagrach as na croífheidhmeanna gnó.

Bhí na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí d'Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin HIQA amhail mí na Nollag 2015:



**Phelim Quinn**

Príomhfheidhmeannach.



**Máirín Ryan**

Stiúrthóir um Measúnacht Teicneolaíocht Sláinte agus Leas-Phríomhfheidhmeannach.



**Mary Dunnion**

Príomh-Chigire Seirbhísí Sóisialacha agus Stiúrthóir um Rialáil.



**Rachel Flynn**

Stiúrthóir um Fhaisnéis Sláinte.



**Marie Kehoe-O'Sullivan**

Stiúrthóir um Fheabhsú Sábháilteachta agus Cáilíochta.



**Sean Angland**

Príomhoifigeach Oibriúcháin Gníomhach.

Leagtar amach sa tábla seo a leanas an dóigh a gcuirimid ár gcroífheidhmeanna gnó i gcrích.

## An cuspóir atá ag gach Stiúrthóireacht fheidhmiúil

| | |
|---|---|
| RIALÁIL | Clárú, faireachán agus iniúchadh a dhéanamh ar sheirbhísí ainmnithe cúram sláinte agus cúraim shóisialaigh de réir ceanglais dhlíthiúla. Leanfaimid ar aghaidh leis na cineálacha cur chuige a ghlacaimid i leith rialáil a fhorbairt de réir an bheartais rialtais atá ag teacht chun cinn, agus sinn ag obair i dtimpeallacht dhúshlánach airgeadais agus de réir prionsabail náisiúnta agus idirnáisiúnta um dhea-rialáil. |
| FEABHSÚ SÁBHÁILTEACHTA AGUS CÁILÍOCHTA | Tacú go gníomhach le cultúr um fheabhsú sábháilteachta agus cáilíochta agus an cultúr sin a chumasú ar fud an chórais chúram sláinte agus chúraim shóisialaigh agus laistigh de araon; cabhrú le hinniúlacht agus le hacmhainn a fhorbairt i measc na ndaoine a bhíonn ag soláthar seirbhísí; caighdeáin agus treoir náisiúnta a fhorbairt i gcomhairle le geallsealbhóirí agus modheolaíochtaí agus uirlisí um fheabhsú cáilíochta a sholáthar; feidhmiú a dhéanamh ar scéimeanna arb é is aidhm dóibh sábháilteacht agus cáilíocht a chinntiú agus seirbhísí á soláthar. |
| FAISNÉIS SLÁINTE | Easnaimh i bhfaisnéis sláinte a shainaithint agus comhairle a chur ina leith; creat um rialachas faisnéise a bhunú agus caighdeáin a leagan síos le haghaidh faisnéis sláinte agus córais faisnéise sláinte; meastóireacht a dhéanamh ar fhaisnéis faoin dóigh a soláthraítear seirbhísí sláinte agus sóisialacha agus an fhaisnéis sin a chur ar fáil. |
| MEASÚNACHT TEICNEOLAÍOCHT SLÁINTE | Bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht náisiúnta ar an dóigh a n-úsáidfear acmhainní inár seirbhísí sláinte, go háirithe trí mheasúnacht (agus trí thacú le measúnacht) a dhéanamh ar éifeachtacht chliniciúil agus ar chostéifeachtacht teicneolaíochtaí sláinte d'fhonn an toradh is fearr a bhaint amach don othar. |

# CAIBIDIL 3
# Cuspóirí straitéiseacha agus éachtaí

## 3.1 Cuspóirí straitéiseacha

Sa bhliain 2012, rinne an Rialtas feidhmeanna nua rialála a tharmligean chuig HIQA. Chuir an méid sin tuilleadh leis an ról atá ag HIQA. Sa bhliain 2013, d'fhoilsíomar Plean Corparáideach trí bliana ina leagtar amach ár gcuspóirí don tréimhse 2013-2015. Is sa Phlean Corparáideach a leagtar amach an creat agus na cuspóirí a chuireann ar ár gcumas oibleagáidí reatha agus oibleagáidí nua araon a chomhlíonadh.

Tá ár bPlean Corparáideach deartha chun go n-áirítear ann na torthaí a bhfuil sé mar aidhm againn iad a bhaint amach, ár gcroíghníomhaíochtaí, ár gcuspóirí straitéiseacha, agus na príomhthosca a chuirfidh ar ár gcumas an Plean a chomhlíonadh.

Shainaithin HIQA ceithre thoradh ar mian linn iad a bhaint amach d'fhonn ár misean a chomhlíonadh. Cuirtear síos ar na torthaí sin mar seo a leanas:

- **Beidh feabhas ann ar an gcúram** – cumasaímid feabhsú inbhuanaithe ar shábháilteacht agus ar cháilíocht seirbhísí cúram sláinte agus cúraim shóisialaigh
- **Beidh daoine faoi chosaint** – gníomhaímid chun laghdú a dhéanamh ar an mbaol go ndéanfar díobháil do dhaoine a bhíonn ag úsáid seirbhísí cúram sláinte agus cúraim shóisialaigh nó go mbainfear mí-úsáid astu
- **Beidh daoine ar an eolas** – tugaimid tuairisc go poiblí ar shábháilteacht, ar cháilíocht agus ar éifeachtacht na seirbhísí cúram sláinte agus cúraim shóisialaigh
- **Beidh bonn eolais ann faoi chinntí beartais agus seirbhíse** – cuirimid bonn eolais faoi fhorbairt beartais agus faoin dóigh a soláthrófar seirbhísí.

Tá HIQA tiomanta do na feidhmeanna atá aige a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil, agus tús áite á thabhairt aige ag an am céanna do réimsí ina bhfuil an gá is mó le feabhsuithe ar sheirbhísí. Leantar an Plean Corparáideach chun na feidhmeanna nua atá againn a ionchorprú agus chun a chinntiú ag an am céanna go bpleanáiltear iad i gceart agus go mbíonn siad costéifeachtach. Léirítear sa Phlean Corparáideach an fheasacht atá againn ar an gcomhthéacs geilleagrach náisiúnta agus ar na riachtanais éifeachtúlachta a ghabhann leis.

Leagadh amach i bPlean Gnó HIQA 2015 na spriocanna a bheadh le glacadh agus le baint amach de réir mar a chuamar isteach i mbliain deiridh chuspóirí straitéiseacha ár bPlean Chorparáidigh don tréimhse 2013-2015.

Tá achoimre thíos ar na cuspóirí straitéiseacha. Tá siad léirithe in Aguisín 2 freisin.

### Rialáil:

- Tabhairt faoi chláir rialála ar sheirbhísí cúram sláinte agus cúraim shóisialaigh ionas go spreagfar na seirbhísí sin feabhas leanúnach a bhaint amach agus, dá réir sin, cosaint níos fearr a thabhairt do dhaoine agus torthaí níos fearr a bhaint amach d'úsáideoirí seirbhíse
- Rialáil éifeachtach agus éifeachtúil a dhéanamh, agus a chinntiú go gcuirfear gach geallsealbhóir ábhartha ar an eolas faoi thorthaí agus faoin tionchar a imrítear ar bheartas.

### Tacú le feabhsú:

- Caighdeáin agus treoir atá dírithe ar an duine a fhorbairt
- Acmhainn a fhorbairt agus tacú le feabhsuithe inbhuanaithe a chur chun feidhme
- An fhoghlaim ónár ngníomhaíochtaí a chomhroinnt ar mhaithe le feabhas a chur ar an gcultúr um shábháilteacht othar.

### Measúnacht teicneolaíocht sláinte:

- Roinnt measúnachtaí teicneolaíocht sláinte (MTSanna) ábhartha a dhéanamh a éifeachtúla is féidir
- Gníomhú chun MTSanna a leabú i mbeartas náisiúnta agus i gcinntí náisiúnta ar sheirbhísí.

### Faisnéis sláinte:

- Caighdeáin a leagan síos chun tacú le rShláinte
- Cur chun cinn a dhéanamh ar fhaisnéis a úsáid chun seirbhísí cúram sláinte agus cúraim shóisialaigh a phleanáil, a bhainistiú agus a sholáthar, agus an úsáid sin a chumasú.

## 3.2 Achoimre ar éachtaí ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2015

- Sa bhliain 2015, leanamar ar aghaidh le lárionaid ainmnithe do leanaí agus do dhaoine fásta faoi mhíchumas a rialáil. Le linn na bliana, rinneamar 741 chigireacht agus chláraíomar 402 lárionad ina bhfreastalaítear ar dhaoine fásta agus ar leanaí araon.
- Leanamar ar aghaidh lenár gclár um lárionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta a rialáil. Cuireadh 411 chigireacht ar 343 lárionad ainmnithe do dhaoine scothaosta i gcrích sa bhliain 2015. Rinneadh cigireacht amháin ar a laghad ar 59% de líon iomlán na lárionad cláraithe. Ba neamhfhógartha a bhí 49% de na cigireachtaí ar lárionaid do dhaoine scothaosta.
- D'fhoilsíomar ár dtuarascáil bhliantúil forbhreathnaithe ar rialáil na lárionad ainmnithe do dhaoine scothaosta don bhliain 2014. Cé gur léiríodh inti go bhfuil tithe altranais níos sábháilte do chónaitheoirí anois, is gá do chuid mhór lárionad feabhas a chur ar cháilíocht na beatha agus ar cháilíocht an chúraim do chónaitheoirí.
- D'fhoilsíomar forbhreathnú ar ár ngníomhaíocht rialála do sheirbhísí do leanaí don bhliain 2014, áit ar tarraingíodh aird ar na hábhair imní atá againn faoi na neamhréireachtaí atá ann maidir le sábháilteacht agus le cáilíocht na seirbhísí sin ar bhonn náisiúnta.

- I mí na Bealtaine 2015, d'fhoilsíomar ár d*Tuarascáil ar an imscrúdú ar shábháilteacht, ar cháilíocht agus ar chaighdeáin na seirbhísí a chuireann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar fáil d'othair san Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise*. Aimsíodh inár dtuarascáil go bhfuil ag teip ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) le roinnt blianta anuas dul i ngleic go cinntitheach le roinnt fadhbanna rialachais chliniciúil agus bainistíochta ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, fadhbanna a chuaigh i bhfeidhm ar cháilíocht agus ar shábháilteacht na seirbhísí a bhí á gcur ar fáil ag Ospidéal Phort Laoise.




- D'fhoilsíomar *Caighdeáin Náisiúnta nua d'Aonaid Sainchúraim do Leanaí*.
- D'fhoilsíomar roinnt doiciméad le haghaidh comhairliúchán poiblí, lena n-áirítear iad seo a leanas;
    - *Dréachtchaighdeáin maidir le rialachas agus bainistíocht faisnéise le haghaidh oibreoir na n-aitheantóirí sláinte in Éirinn*
    - *Measúnacht teicneolaíocht sláinte ar chlár vacsaínithe roghnaithigh BCG: Dréacht le haghaidh comhairliúchán poiblí*
    - *Dréacht-Réamhchúraimí in aghaidh Dóiteáin i Lárionaid Ainmnithe*
    - *Dréacht-Phlean Corparáideach 2016-2018*
- D'fhoilsíomar dhá chaighdeán chun tacú le straitéis rShláinte a fhorbairt in Éirinn, ba iad sin:
    - *Samhail sonraí do ríomhchatalóg tagartha le haghaidh táirgí míochaine – Caighdeán Náisiúnta*
    - *caighdeán maidir le ríomhthacar sonraí um ordú oideas agus ailtireacht doiciméad cliniciúil*
- Thugamar faoi 39 gcigireacht neamhfhógartha ar ospidéil ghéarmhíochaine phoiblí mar chuid dár gclár um fhaireachán a dhéanamh orthu de réir na g*Caighdeán Náisiúnta maidir le hIonfhabhtuithe a Bhaineann le Cúram Sláinte a Chosc agus a Rialú*. D'fhoilsíomar treoir nua maidir leis an gclár faireacháin freisin, áit a gcuirtear béim ar leith ar Ionfhabhtuithe a Bhaineann le Cúram Sláinte a chosc.
- D'fhoilsíomar tuarascáil forbhreathnaithe ar chigireachtaí ar ospidéil ghéarmhíochaine phoiblí, cigireachtaí a rinneadh de réir na g*Caighdeán Náisiúnta maidir le hIonfhabhtuithe a Bhaineann le Cúram Sláinte a Chosc agus a Rialú*.
- Sa bhliain 2015, d'fhoilsíomar treoir nua maidir lenár n-athbhreithniú ar úsáid oibreán antaimhiocróbach a mhaoirsiú in ospidéil ghéarmhíochaine phoiblí.

- D'fhorbraíomar treoir maidir le Cumarsáid a Dhéanamh i mBéarla Sothuigthe do sholáthraithe seirbhísí cúraim shóisialaigh do dhaoine fásta agus do leanaí.
- D'fhoilsíomar treoir maidir lenár measúnacht ar an gcúram cothaithe agus hiodráitithe a chuirtear ar fáil in ospidéil ghéarmhíochaine phoiblí.
- Leanamar ar aghaidh le caighdeáin a ullmhú maidir le hAitheantóirí Sláinte Aonair a thabhairt isteach in Éirinn. Sa bhliain 2015, d'fhoilsíomar *Caighdeáin maidir le Rialachas agus Bainistíocht Faisnéise le haghaidh oibreoir na n-aitheantóirí sláinte in Éirinn*, Caighdeáin inar pléadh leis an mbunachar sonraí náisiúnta a chur ar bun agus a bhainistiú.
- D'fhoilsíomar *Treoir maidir le Bainistíocht Leigheasanna* le haghaidh lárionaid ainmnithe d'fhonn cabhrú leo rialacháin a chomhlíonadh agus caighdeáin a chur chun feidhme.
- D'fhoilsíomar na measúnachtaí teicneolaíocht sláinte (MTSanna) seo a leanas:
  - *Measúnacht teicneolaíocht sláinte ar an teicneolaíocht faisnéise a úsáid le haghaidh córais luathrabhaidh agus córais aistrithe chliniciúil*
  - *Measúnacht teicneolaíocht sláinte ar chlár náisiúnta scagthástála le haghaidh fibriliú aitriamach i gcúram príomhúil*
  - *Measúnacht teicneolaíocht sláinte ar chlár vacsaínithe roghnaithigh BCG*
  - *Measúnacht teicneolaíocht sláinte ar idirghabhálacha tacaíochta féinbhainistíochta le haghaidh galar ainsealach*
- Leanamar ar aghaidh le treoir a ullmhú maidir le measúnachtaí teicneolaíocht sláinte a dhéanamh nuair a d'fhoilsíomar *Treoir maidir le hAnailís Tionchar Buiséid ar Theicneolaíochtaí Sláinte in Éirinn*.
- D'fhoilsíomar tuarascáil forbhreathnaithe ar na seirbhísí cosanta agus leasa leanaí a chuirtear ar fáil do leanaí a bhfuil cónaí orthu i gcóiríocht soláthair dhírigh i gceithre Limistéar Seirbhíse de chuid na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla), ba iad sin: Lú/an Mhí; an Réigiún Lár Tíre; Sligeach/Liatroim/an Cabhán Thiar; agus Tuaisceart Chathair Bhaile Átha Cliath.
- D'fhoilsíomar treoir maidir le *Foghlaim a Nascadh le Caighdeáin Náisiúnta* d'fhonn cabhrú le hospidéil agus le soláthraithe cúram sláinte feabhas a chur ar cháilíocht agus ar shábháilteacht trí na moltaí ó imscrúduithe agus ó athbhreithnithe roimhe de chuid HIQA a nascadh leis na caighdeáin náisiúnta a bhfuiltear ag súil leis go gcomhlíonfaidh siad iad.
- Shíníomar Meabhrán Tuisceana le hOifig an Ombudsman d'fhonn an malartú faisnéise agus gearán idir an dá oifig a éascú chun leas an phobail agus na seirbhísí cúram sláinte agus cúraim shóisialaigh. Chomh maith leis sin, bunóidh an comhaontú nósanna imeachta a chabhróidh le daoine den phobal rochtain a fháil ar sheirbhísí an dá eagraíocht.
- Rinneamar an tuarascáil ar shábháilteacht, ar cháilíocht agus ar chaighdeáin na seirbhísí a chuireann FSS ar fáil d'othair san Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise, a chur i láthair an Chomhchoiste Oireachtais um Shláinte agus Leanaí.

# 4.1 An Stiúrthóireacht um Rialáil

**577** lárionad do dhaoine scothaosta

Líon na lárionad a bhí cláraithe amhail an 31 Nollaig

**561** CHIGIREACHT

i lárionaid do dhaoine fásta faoi mhíchumas

**411** CHIGIREACHT

343 lárionad do dhaoine scothaosta

**114** CHIGIREACHT

ar sheirbhísí do leanaí

**60**

cigireacht in ospidéil ghéarmhíochaine phoiblí

# CAIBIDIL 4
# Gníomhaíochtaí de réir Stiúrthóireachta

Tuairiscítear sa chaibidil seo den Tuarascáil Bhliantúil an obair ar thug ár Stiúrthóireachtaí fúithi sa bhliain 2015 d'fhonn na cuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach i bPlean Corparáideach HIQA 2013 - 2015 a chur ar aghaidh.

## 4.1 Tuarascáil Oifig an Phríomh-Chigire Seirbhísí Sóisialacha (an Stiúrthóireacht um Rialáil)

### 4.1.1 Cúlra

Is í an Stiúrthóireacht um Rialáil in HIQA atá freagrach as rialáil agus as iniúchadh a dhéanamh ar cháilíocht agus ar shábháilteacht seirbhísí sonraithe cúram sláinte agus cúraim shóisialaigh a chuirtear ar fáil do dhaoine fásta agus do leanaí in Éirinn. Cuimsíonn an Stiúrthóireacht oifig agus ról an Phríomh-Chigire Seirbhísí Sóisialacha (an Chigireacht Seirbhísí Sóisialacha roimhe seo). Is ionann an rannán seo den tuarascáil agus tuarascáil an Phríomh-Chigire Seirbhísí Sóisialacha. Baineann sé leis na freagrachtaí atá orainn faoi alt 37 den Acht Sláinte 2007 tuairisc a thabhairt ar ghníomhaíochtaí na hoifige. Feidhmíonn an Stiúrthóireacht in dhá rannóg ar leith:

1. **Rialáil a dhéanamh ar sheirbhísí cúraim shóisialaigh do dhaoine fásta** – Clárú agus cigireacht a dhéanamh ar lárionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta agus do dhaoine cleithiúnacha agus ar lárionaid do dhaoine fásta faoi mhíchumas de réir fhorálacha an Achta Sláinte 2007.
2. **Rialáil agus iniúchadh a dhéanamh ar sheirbhísí cúram sláinte agus ar sheirbhísí do leanaí** – Faireachán a dhéanamh ar sheirbhísí sláinte agus ar sheirbhísí do leanaí de réir na gcaighdeán iomchuí; clárú agus cigireacht a dhéanamh ar lárionaid ainmnithe do leanaí faoi mhíchumas de réir fhorálacha an Achta Sláinte 2007; cigireacht a dhéanamh ar sheirbhísí cónaithe do leanaí de réir an Achta um Chúram Leanaí, 1991; agus cigireacht a dhéanamh ar scoileanna coinneála faoi Acht na Leanaí 2001.

Comhlíonaimid ár gcuspóirí straitéiseacha freisin trínár ngníomhaíocht rialála, trína chinntiú go gcuirtear feabhas ar an gcúram, go dtugtar cosaint do dhaoine, go dtugtar eolas do dhaoine agus go dtéimid i bhfeidhm ar an dóigh a ndéantar cinntí ar bheartas agus ar sheirbhísí.

### Míniú ar na cúig chineál dhifriúla cigireachta:

- 'I g**cigireachtaí '18 dtoradh ar fad',** leagtar amach an dóigh a bhfuil an lárionad ag comhlíonadh gach ceann de na caighdeáin agus de na rialacháin. I bhformhór na gcásanna, is chun bonn eolais a chur faoi chinneadh clárúcháin nó athnuachana a dhéantar an cineál seo cigireachta
- I g**cigireachtaí faireacháin** déantar faireachán ar chomhlíonadh leanúnach rialachán agus caighdeán. Breithnítear líon sonrach réimsí toraidh le linn na gcigireachtaí seo, ach ní bhreithnítear na 18 dtoradh ar fad iontu

- I g**cigireachtaí leantacha**, déantar measúnacht ar cé acu atá nó nach bhfuil na gníomhartha riachtanacha curtha chun feidhme ag an soláthraí
- Tá **cigireachtaí saincheiste aonair/ar leith** bunaithe ar fhógra nó ar fhaisnéis a fuarthas
- I g**cigireachtaí téamacha**, dírítear ar chúram deireadh saoil/ar bhia agus ar chúram cothaithe/néaltraithe.


## 4.1.2 Rialáil a Dhéanamh ar Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta

Amhail an 31 Nollaig 2015, bhí 577 lárionad ainmnithe chláraithe ghníomhacha ann do dhaoine scothaosta, áit ar cuireadh 30,106 leaba chláraithe ar fáil san earnáil.

Sa bhliain 2015, deonaíodh athnuachan ar a gclárú do 208 soláthraí lárionad ainmnithe do dhaoine scothaosta agus do dhaoine cleithiúnacha. Chuir 48 lárionad eile iarratas isteach agus bhí siad fós ar feitheamh cinneadh deiridh ar an iarratas. Ní raibh HIQA sásta gurbh imleor a bhí timpeallacht fhisiciúil na lárionad sin agus d'eisigh sé fógra maidir le togra chun iad a chlárú le coinníollacha. Rinne na soláthraithe uiríll de réir an Achta Sláinte 2007 (arna leasú) agus bhí na huiríll sin fós faoi bhreithniú.

Rinneadh 33 iarratas chun coinníoll le clárú a deonaíodh a athrú nó a bhaint sa bhliain 2015. Rud tábhachtach, agus tráth a raibh éileamh mór ann sa chóras cúram sláinte, d'éascaigh HIQA soláthar 1,047 leaba nua san earnáil freisin.


**Fíor 2:** Líon agus céatadán na lárionad ainmnithe cláraithe do dhaoine scothaosta (de réir cineálsoláthraí) amhail an 31 Nollaig 2015




Sa bhliain 2015, Sa bhliain 2015, chuireamar 411 chigireacht i gcrích ar 343 lárionad. Rinneadh cigireacht amháin ar a laghad i mbreis agus leath líon iomlán na lárionad.

Is féidir le cigireachtaí bheith fógartha nó neamhfhógartha agus pleanáiltear iad mar chuid dár sceideal bliantúil um fhaireachán agus um athnuachan clárúcháin. Sa bhliain 2015, ba neamhfhógartha a bhí 49% de na cigireachtaí. Bhain formhór na gcigireachtaí fógartha leis an gclár um athnuachan clárúcháin. Cé go dtuigimid go bhfaigheann an pobal dearbhú níos fearr ó chigireachtaí atá neamhfhógartha, úsáidtear cigireachtaí fógartha chun rannpháirtíocht mhéadaithe i measc cónaitheoirí agus a ngaolta a chumasú trína chur in iúl dóibh roimh ré cén uair a bheimid i láthair sa tseirbhís.

**Fíor 3:** Líon agus cineál na gcigireachtaí a rinneadh idir an 1 Eanáir 2015 agus an 31 Nollaig 2015




Liostaítear i dTábla 1 thíos líon agus céatadán na gcuairteanna cigireachta a tugadh ar lárionaid ainmnithe, bunaithe ar líon iomlán na lárionad agus mar chéatadán de líon iomlán na gcuairteanna. Inár gcur chuige sofhreagrach i leith rialáil, dírítear ár n-acmhainn cigireachta ar na lárionaid is lú comhlíonadh nó orthu sin a bhfuil baol féideartha sainaitheanta ina leith.

De na 343 lárionad chláraithe a ndearnadh cigireacht faireacháin nó clárúcháin orthu sa bhliain 2015, fuair 84% cigireacht amháin, fuair 13% dhá chigireacht, agus fuair an 3% eile trí chigireacht nó níos mó.

**Tábla 1**

| Líon na gcuairteanna ar lárionaid | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Líon na gcuairteanna ar lárionaid** | **Líon na lárionad** | **Mar % de líon na lárionad** | **Líon iomlán na gcuairteanna** | **Mar % de líon iomlán na gcuairteanna** |
| 1 chuairt | 287 | 83.67% | 287 | 69.83% |
| 2 chuairt | 45 | 13.12% | 90 | 21.90% |
| 3 chuairt | 10 | 2.92% | 30 | 7.30% |
| 4 chuairt | 1 | 0.29% | 4 | 0.97% |
| **IOMLÁN** | **343** | **100%** | **411** | **100%** |

## Clár cigireachtaí téamacha agus faireacháin

Sa bhliain 2014, thugamar cigireachtaí atá bunaithe ar théamaí ar leith isteach d'fhonn feabhsú a spreagadh agus a éascú laistigh de sheirbhísí cónaithe do dhaoine scothaosta. Sa bhliain 2015, chuireamar tús le clár trí bliana atá dírithe ar chúram néaltraithe.

D'fhonn feabhsú cáilíochta a éascú, d'fhoilsigh HIQA treoir fhianaisebhunaithe inar sainaithníodh na gnéithe atá riachtanach chun cúram atá sábháilte agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu. Chomh maith leis sin, reáchtálamar seimineáir i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh do 900 duine de sholáthraithe seirbhíse agus de dhaoine atá i gceannas ar sheirbhísí.

Rinneadh faireachán ar 80 lárionad trí fhoirm féinmheasúnachta do sholáthraithe a chomhlánú agus a sheoladh ar ais. Tugadh faoi chigireachtaí téamacha dírithe i 14 lárionad ainmnithe d'fhonn an cleachtadh féinmheasúnachta a bhailíochtú. Déanfar cigireacht ar na lárionaid eile thar an gcéad dá bhliain eile ina mbeidh an clár ar siúl.

Rud eile a tháinig as an gcigireacht ar na lárionaid sin ná gur cuireadh ar ár gcumas scrúdú a dhéanamh ar aon saincheisteanna nó ar aon rioscaí a sainaithníodh maidir le caighdeáin nó le rialacháin. Déanfar tuarascáil ar an obair a rinneamar laistigh de sheirbhísí cúraim shóisialaigh do dhaoine fásta sa bhliain 2015, lena n-áirítear na torthaí ar na cigireachtaí téamacha, a fhoilsiú i dtuarascáil forbhreathnaithe sa bhliain 2016.

## Ábhair Imní agus Fógraí

Gné ríthábhachtach de sheirbhísí do dhaoine scothaosta a rialáil is ea faisnéis a bheith ann faoi cháilíocht, faoi shábháilteacht agus faoi eispéireas cónaitheoirí. Faighimid faisnéis ó raon foinsí éagsúla agus déanaimid í a anailísiú agus a mheasúnú ó thaobh riosca de ansin. Áirítear leis an méid sin fógraí a fháil ó sholáthraithe, mar atá sonraithe faoi na rialacháin, maidir le teagmhais ar leith a d'fhéadfadh tarlú sna lárionaid.

Cuireann daoine eile ábhair imní in iúl dúinn freisin – mar shampla, cónaitheoirí, gaolta, baill foirne, tathantóirí agus tríú páirtithe a bhíonn i dteagmháil dhíreach le cónaitheoir nó le cónaitheoirí. Úsáidtear an fhaisnéis ar fad chun bonn eolais a chur faoinár gclár faireacháin agus cigireachtaí.

Le linn na bliana 2015, fuaireamar 10,572 fhógra rialála, lenar áiríodh 6,187 bhfógra inar tarraingíodh aird HIQA ar rioscaí féideartha do shláinte, do shábháilteacht nó d'fholláine cónaitheoirí.

Cuireadh 516 ábhar imní in iúl dúinn freisin maidir le seirbhísí a bhí á soláthar do dhaoine scothaosta. Rinne HIQA gach ábhar imní a rátáil ó thaobh riosca de agus rinne sé gníomh cuí ina leith ina dhiaidh sin. Bhain an chuid ba mhó den fhaisnéis sin leis na nithe seo a leanas:

- Riachtanais chúram sláinte agus chúraim shóisialaigh
- Cosaint agus sábháilteacht
- Soláthar foirne cuí
- Rialachas agus bainistíocht

- Sláinte agus sábháilteacht agus bainistíocht riosca
- Nósanna imeachta gearán
- Bainistíocht cógas
- Cearta cónaitheoirí, dínit cónaitheoirí, agus comhairliúchán le cónaitheoirí
- Áitreabh sábháilte agus oiriúnach.

### 4.1.3 Rialáil a dhéanamh ar láirionaid do dhaoine faoi mhíchumas (seirbhísí do dhaoine fásta faoi mhíchumas agus seirbhísí measctha do leanaí agus do dhaoine fásta faoi mhíchumas)

Le linn na bliana 2015, lean HIQA ar aghaidh leis an gcéad timthriall dá chlár clárúcháin le haghaidh láirionad do dhaoine faoi mhíchumas. Lean líon na láirionad ainmnithe de bheith ag luainiú le linn na bliana mar gheall go ndearna soláthraithe athchumrú ar a seirbhísí d'fhonn iad a ullmhú le haghaidh clárúcháin agus mar gheall gur tháinig líon beag seirbhísí nua chun cinn.


Rinneadh difear don luas ag a raibh láirionaid á gclárú, áfach, mar gheall ar an gceanglas a bhí ar HIQA acmhainní suntasacha a shannadh chun freagairt do láirionaid ina raibh riosca do shábháilteacht cónaitheoirí. Bhí níos mó ná dhá chigireacht ag teastáil ó líon suntasach láirionad le linn na bliana 2015. Chuaigh HIQA i mbun raon gníomhartha rialála, lenar áiríodh dul os comhair na cúirte maidir le láirionad amháin d'fhonn clárú an tsoláthraí a chealú, agus soláthraí eile a thabhairt os comhair na cúirte d'fhonn coinníollacha sriantacha sonracha a chur i bhfeidhm maidir le clárú láirionaid eile.

Téama coitianta sna láirionaid sin inar tháinig cigirí ar dhroch-chleachtais chúraim ba ea socruithe neamhleora le haghaidh rialachais agus maoirseachta agus teip ar thaobh soláthraithe cleachtais dho-ghlactha chúraim a shainaithint agus gníomh a dhéanamh chun freagairt dóibh.

Amhail an 31 Nollaig 2015, bhí 89 soláthraí láirionad ainmnithe ann do dhaoine faoi mhíchumas (leanaí agus daoine fásta faoi mhíchumas). Bhí 937* láirionad ainmnithe ann.

**Tagraíonn an figiúr seo do líon iomlán na láirionad ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas. Le linn na bliana 2015, bhí freagracht ar an Rannóg um Chúram Sóisialach do Dhaoine Fásta sa Stiúrthóireacht as rialáil a dhéanamh ar sheirbhísí do dhaoine fásta agus ar sheirbhísí measctha do leanaí agus do dhaoine fásta, ba iad sin, 937 láirionad san iomlán. Is í an fhoireann do leanaí a dhéanann faireachán agus rialáil ar na láirionaid do leanaí.*


**Fíor 4:** Líon agus céatadán na lárionad ainmnithe gníomhach do dhaoine faoi mhíchumas (seirbhísí do dhaoine fásta faoi mhíchumas agus seirbhísí measctha do leanaí agus do dhaoine fásta faoi mhíchumas) a bhí á rialáil ag an bhFoireann um Chúram Sóisialach do Dhaoine Fásta amhail an 31 Nollaig 2015




Faoi mhí na Nollag 2015, bhí 741 chigireacht déanta ag an bhFoireann um Chúram Sóisialach do Dhaoine Fásta le linn na bliana.

Faoin 31 Nollaig 2015, bhí 402 lárionad cláraithe agus bhí soláthraithe curtha ar an eolas faoin toradh beartaithe ar a n-iarratas ar chlárú, rud a bhain le 71 lárionad eile.

**Fíor 5:** Líon agus cineál na gcigireachtaí a rinneadh idir an 1 Eanáir 2015 agus an 31 Nollaig 2015



## Líon na gcigireachtaí i lárionaid

De na 937 lárionad a rialálann an Rannóg um Chúram Sóisialach do Dhaoine Fásta iad, rinneadh cigireacht ar 561 cheann (60%) sa bhliain 2015. Leagtar amach sa tábla seo a leanas an céatadán de lárionaid a ndearnadh níos mó ná dhá chigireacht orthu sa bhliain. Léiríonn líon na lárionad ar theastaigh níos mó ná dhá chigireacht uathu leibhéal an neamh-chomhlíonta leanúnaigh sna lárionaid sin.

**Tábla 2**

| Líon na gcigireachtaí i Lárionaid | Líon na Lárionad | Mar % de na lárionaid a ndearnadh cigireacht orthu | Líon na gcigireachtaí | Mar % de líon iomlán na gcigireachtaí |
|---|---|---|---|---|
| Lárionaid a ndearnadh 1 chigireacht orthu | 444 | 79.14% | 444 | 59.92% |
| Lárionaid a ndearnadh 2 chigireacht orthu | 81 | 14.44% | 162 | 21.86% |
| Lárionaid a ndearnadh 3 chigireacht orthu | 22 | 3.92% | 66 | 8.91% |
| Lárionaid a ndearnadh 4 chigireacht orthu | 10 | 1.78% | 40 | 5.40% |
| Lárionaid a ndearnadh 5 chigireacht orthu | 1 | 0.18% | 5 | 0.67% |
| Lárionaid a ndearnadh 6 chigireacht orthu | 2 | 0.36% | 12 | 1.62% |
| Lárionaid a ndearnadh 12 chigireacht orthu | 1 | 0.18% | 12 | 1.62% |
| **Iomlán** | **561** | **100.00%** | **741** | **100.00%** |

## Ábhair imní a láimhseáil

Baineann ríthábhacht le faisnéis faoi cháilíocht, faoi shábháilteacht agus faoi eispéireas na gcónaitheoirí maidir le seirbhísí a rialáil. Faighimid faisnéis ó raon foinsí éagsúla agus déanaimid í a anailísiú agus a mheasúnú ó thaobh riosca de ansin. Áirítear leis an bhfaisnéis sin fógraí ó sholáthraithe a bhaineann le teagmhais shonracha atá leagtha amach sna rialacháin.

Chomh maith leis sin, déanann cónaitheoirí, gaolta, baill foirne, tathantóirí nó tríú páirtithe a bhfuil teagmháil dhíreach acu le cónaitheoir nó le cónaitheoirí faisnéis a chur faoi bhráid HIQA trínár Líne Chabhrach d'Ábhair Imní. Úsáidtear an fhaisnéis ar fad chun bonn eolais a chur faoin measúnacht a dhéanaimid ar chomhlíonadh agus ar riosca laistigh de sheirbhísí. Úsáidtear an fhaisnéis chun tuilleadh eolais a thabhairt dár gclár faireacháin agus cigireachta freisin.

Sa bhliain 2015, fuaireamar 11,088 bhfógra rialála, lenar áiríodh 4,896 fhógra inar tarraingíodh aird HIQA ar rioscaí féideartha do shláinte, do shábháilteacht nó d'fholláine cónaitheoirí.

Ina theannta sin, fuaireamar 189 n-ábhar imní a bhain leis an gcúram agus leis an tacaíocht a bhí á dtabhairt do dhaoine faoi mhíchumas. Bhain an chuid ba mhó den fhaisnéis sin leis na nithe seo a leanas:

- Cearta cónaitheoirí, dínit cónaitheoirí, agus comhairliúchán le cónaitheoirí
- Rialachas agus bainistíocht
- An fórsa saothair
- Iontráil othar agus conradh le haghaidh seirbhísí a sholáthar
- Sláinte agus Sábháilteacht agus Bainistíocht Riosca
- Riachtanais chúram sláinte
- Bainistíocht cógas
- Riachtanais chúraim shóisialaigh.

## Rannpháirtíocht le geallsealbhóirí

Choimeádamar clár suntasach cumarsáide agus rannpháirtíochta ar bun le geallsealbhóirí agus le heagraíochtaí tábhachtacha. Reáchtálamar seimineáir do sholáthraithe seirbhíse san earnáil daoine scothaosta agus san earnáil míchumais. Soláthraíodh faisnéis sna seimineáir sin a chabhródh le soláthraithe déileáil leis an bpróiseas clárúcháin le haghaidh a lárionad. Bhuail HIQA leis an bPainéal Ionadaíochta d'Úsáideoirí Seirbhíse le linn na bliana freisin. Ar na baill den phainéal sin tá grúpaí tathanta agus soláthraithe seirbhíse a dhéanann ionadaíocht do dhaoine faoi mhíchumas a chónaíonn i lárionaid ainmnithe.

## Rialáil éifeachtach éifeachtúil a dhéanamh

Sa bhliain 2015, leanamar ar aghaidh ag comhlíonadh ár ngealltanais dá chinntiú go léirítear inár gcuid próiseas agus modhanna an dea-chleachtas i rialáil agus i riarachán poiblí. Geallaimid dá chinntiú go gcomhlíonaimid ár mbunluachanna, mar atá tús áite a thabhairt do dhaoine, bheith cóir, neodrach, oscailte agus cuntasach agus sármhaitheas agus nuálaíocht a fhorbairt i gcleachtas rialála.

D'fhoilsíomar roinnt doiciméid treorach do sholáthraithe. Bhain siad leis na hábhair seo go háirithe:

- Dréacht-Réamhchúraimí in aghaidh Dóiteáin i Lárionaid Ainmnithe, treoir do Sholáthraithe Cláraithe agus do Dhaoine i mbun Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta
- Treoir maidir le Leigheasanna a Bhainistiú.

### 4.1.4 Clár dearbhaithe agus rialála a sholáthar ar cháilíocht agus ar shábháilteacht na seirbhísí sainithe cúram sláinte agus cúraim shóisialaigh do leanaí in Éirinn.

Déanann ár bhfoireann náisiúnta do leanaí cigireacht ar raon leathan seirbhísí a chuirtear ar fáil do leanaí ar bhonn reachtúil, deonach agus príobháideach.  Áirítear leis na seirbhísí sin:


- Lárionaid ainmnithe do leanaí faoi mhíchumas
- Seirbhísí cónaithe do leanaí (seirbhísí reachtúla)
- Aonaid sainchúraim
- Scoileanna coinneála leanaí
- Seirbhísí cosanta agus leasa leanaí
- Seirbhísí cúram altramais (seirbhísí reachtúla agus seirbhísí príobháideacha).

Sa bhliain 2015, rinne an fhoireann do leanaí 114 chigireacht san iomlán ar na seirbhísí éagsúla sin agus thapaigh siad roinnt deiseanna le dul i gcion ar an gcleachtas cúraim shóisialaigh ag fóraim éagsúla.

#### Gníomhaíocht rialála agus faireacháin


Sa bhliain 2015, bhí freagracht ar an bhfoireann náisiúnta do leanaí as clárú agus faireachán a dhéanamh ar 62 lárionad ainmnithe do leanaí faoi mhíchumas. Ag deireadh na bliana, bhí 30 lárionad ainmnithe do leanaí faoi mhíchumas cláraithe go rathúil agus bhí cigireacht déanta ar 13 cinn sa bhreis chun críche clárúcháin. Rinne an fhoireann 78 gcigireacht sa bhliain. Ba chun críche clárúcháin a rinneadh 42 cheann díobh agus ba chun críche faireacháin a rinneadh 36 cinn. Rinneadh níos mó ná cigireacht amháin ar roinnt lárionad chun feabhas a bhrú chun cinn, go háirithe i réimsí amhail measúnachtaí riachtanas, rialachas, bainistíocht riosca agus córais dearbhaithe cáilíochta. Tá na cigirí ag súil le feabhas a fheiceáil sna réimsí sin sa bhliain atá le teacht.

**Fíor 6:** Cigireachtaí faireacháin agus clárúcháin a cuireadh i gcrích sa tréimhse 12 mhí ón 1 Eanáir 2015



Rinne an fhoireann 36 chigireacht i dtaca leis na seirbhísí eile a thagann faoinár sainchúram rialála. Tá sonraí fúthu leagtha amach i bhFíor 7 thíos.

**Fíor 7:** Cigireachtaí faireacháin a cuireadh i gcrích sa tréimhse 12 mhí ón 1 Eanáir 2015




## Cosaint agus leas leanaí

Rinneadh trí chigireacht sa bhliain 2015 trí thagairt a dhéanamh do na *Caighdeáin Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2014*. Achoimre ar na príomhfhionnachtana atá sna nithe seo a leanas:

- Go maith den chuid ba mhó a bhí an gnáthchleachtas oibre sóisialta agus bhain an-chuid leanaí tairbhe as idirghabhálacha oibre sóisialta
- Bhí ar rannóga oibre sóisialta dul i ngleic le mórdhúshláin maidir le seirbhísí a bhí sábháilte agus tráthúil i dtólamh a sholáthar
- Bhí éagsúlacht sna hagaí freagartha do leanaí i mbaol le fáil ar fud na n-oifigí oibre sóisialta agus bhí siad nasctha go dlúth le hacmhainní teoranta a bheith ar fáil agus leis na hacmhainní ar fáil a bheith á mbainistiú go dona
- Ba ann do liostaí feithimh ar fud rannóga oibre sóisialta agus, cé go ndearnadh iarrachtaí iad a laghdú nó deireadh a chur leo, ní raibh siad imleor ná éifeachtach i ngach cás
- Níorbh amhlaidh i dtólamh gur leithdháileadh oibrí sóisialta ar roinnt leanaí a sainaithníodh a bheith i mbaol suntasach díobhála leanúnaí
- Ní raibh ach beagán acmhainní pobalbhunaithe ar fáil do leanaí i roinnt limistéir sheirbhíse.

## Lárionaid chónaithe do leanaí

Rinne an fhoireann náisiúnta do leanaí 23 chigireacht sa bhliain 2015 ar lárionaid chónaithe do leanaí a gcuireann an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla) iad ar fáil. Cigireachtaí faireacháin rioscabhunaithe a bhí i dtrí cinn déag de na cigireachtaí sin. Go maith den chuid ba mhó a bhí cáilíocht an chúraim a cuireadh ar fáil do leanaí.  Mar sin féin, bhí gá ann le feabhas a chur ar chórais i dtaca le bainistíocht riosca agus le dearbhú cáilíochta.

Sa bhliain 2014, chuir an fhoireann náisiúnta do leanaí tús le sraith de 20 cigireacht dhírithe ar conas a bhíothas ag bainistiú iompraíochtaí dúshlánacha i lárionaid chónaithe reachtúla do leanaí.  Cuireadh an tionscadal sin i gcrích sa bhliain 2015 agus áiríodh na nithe seo le fionnachtana dearfacha i dtaca leis na cigireachtaí:

- Bhí formhór na leanaí i mbun oideachais agus dúirt gur mhothaigh siad sábháilte ina socrúchán
- Bhí baill foirne réamhghníomhach maidir le cearta leanaí a chur chun cinn
- Bhí deiseanna ag leanaí machnamh a dhéanamh ar a n-iompar agus ar dhóigheanna lena bhainistiú
- Bhíothas ag baint úsáide as samhlacha bunaithe ar chaidreamh a bhí éifeachtach agus iompraíochtaí dúshlánacha á mbainistiú
- Níor úsáideadh cleachtais shriantacha ach mar rogha dheiridh.

Sainaithníodh réimsí le haghaidh feabhais agus áiríodh leo gá leis na nithe seo:

- Cosaintí méadaithe do leanaí a chuirtear i mbaol mar thoradh ar a n-iompar
- Pleanáil cúraim níos fearr do leanaí a thaispeánann iompraíochtaí ardriosca
- Rochtain thráthúil ar sheirbhísí sainchúraim do leanaí a dteastaíonn cóiríocht dhaingnithe uathu
- Córais fheabhsaithe um scileanna bainistíochta agus ceannaireachta.

## Cúram Altramais

Rinne an fhoireann náisiúnta do leanaí cigireacht ar dhá sheirbhís reachtúla cúram altramais agus ar dhá sheirbhís phríobháideacha cúram altranais trí thagairt a dhéanamh do na Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Altranais 2003. Ba iad seo na príomhfhionnachtana i dtaca leis na seirbhísí sin:

- Fuair formhór na leanaí cúram ar ardchaighdeán agus tugadh an-aire dóibh ina socrúcháin chúram altranais
- Ní raibh ach beagán acmhainní cúram altramais ar fáil i roinnt limistéir sheirbhíse agus ní raibh socrúcháin sainchúram sláinte ar fáil i ngach cás
- Bhí roinnt moilleanna ann ar chúramóirí altranais a mheasúnú

- Ní raibh coimeád taifead ar chaighdeán imleor i dtólamh
- Bhí sé riachtanach feabhas a chur ar phleanáil cúraim do roinnt leanaí
- Ní dhearnadh taifeadadh ná fiosrú i dtólamh ar fhreagairtí i seirbhísí príobháideacha cúram altramais d'ábhair imní faoi chosaint leanaí a tuairiscíodh do Tusla
- Bhí sé riachtanach feabhas a chur ar chórais bhainistíochta.

## Cóiríocht Dhaingnithe

Rinne an fhoireann do leanaí ceithre chigireacht ar aonaid sainchúraim sa bhliain 2015. Cigireachtaí iomlána bliantúla a bhí i dtrí cinn díobh. Ba éard a bhí sa cheathrú cigireacht ná cigireacht spreagtha ina ndearnadh measúnacht ar úsáid an scartha aonair[1] in aonad sainchúraim amháin.

Sa chigireacht spreagtha, sainaithníodh réimsí tábhachtacha le haghaidh feabhais maidir le scaradh aonair a úsáid, lena n-áirítear:

- Níor mar rogha dheiridh a úsáideadh scaradh aonair i ngach cás
- Níor cloíodh i ngach cás le beartais agus le nósanna imeachta i dtaca le húsáid an scartha aonair agus bhí sé riachtanach iad a athbhreithniú agus a athrú
- Bhí easnaimh ann sa mhaoirseacht a bhí á déanamh ag an lucht bainistíochta ar an gcleachtas laethúil
- Níor cuireadh cearta roinnt leanaí chun cinn i dtólamh nuair a bhí siad scartha ina n-aonar.

Chuir torthaí na cigireachta spreagtha bonn eolais faoin gcigireacht iomlán ar na haonaid sainchúraim go léir ina dhiaidh sin sa bhliain 2015 agus tháinig roinnt fionnachtana dearfacha aníos i dtaca le húsáid an scartha aonair. D'aimsigh cigirí gur athbhreithníodh beartais agus nósanna imeachta agus go raibh siad á gcur chun feidhme ag leibhéal náisiúnta. Cuireadh athdhíriú ar chearta leanaí agus iad scartha ina n-aonar a chur chun cinn. Rinneadh athruithe cultúrtha a d'fhág go rabhthas ag díriú ar roghanna éifeachtacha eile ar an gcleachtas sin a iniúchadh mar phríomhchuspóir. Tá laghdú tagtha ag leibhéal náisiúnta ar theagmhais scartha aonair. Mar sin féin, bhí roinnt leanaí scartha óna bpiaraí ar feadh tréimhsí fada ama.  Is réimse cleachtais é sin a ndéanfaidh an fhoireann do leanaí dlúthfhaireachán air sa bhliain 2016.

## Faisnéis a fháil

Rinne an fhoireann do leanaí measúnacht ar 100 píosa faisnéise agus ar fhógraí faoi theagmhais ardriosca i lárionaid ainmnithe do leanaí faoi mhíchumas. D'fhreagair sí do na píosaí faisnéise agus do na fógraí sin freisin.  De réir ár mbeartas, rinneadh measúnacht riosca ar an bhfaisnéis ar fad agus rinneadh beart gaolmhar rialála ina leith de réir mar ba ghá.

---

1 Is é an sainmhíniú a thugtar ar scaradh aonair ná leithlisiú duine óig atá an-toirmeascach ar feadh na tréimhse is giorra is féidir le deis a thabhairt dó/di smacht a fháil air/uirthi féin arís. Treoirlínte náisiúnta na Roinne Sláinte agus Leanaí ar úsáid an scartha aonair in aonaid sainchúraim (2003).

Sa bhliain 2015, fuaireamar sonraí ó Tusla gach ráithe. Tugadh figiúirí agus faisnéis sna sonraí sin maidir le cúram altramais agus le seirbhísí cosanta agus leasa leanaí ag leibhéal an limistéir sheirbhíse agus ag an leibhéal náisiúnta araon. I dteannta na faisnéise ábhartha eile ar fad a bailíodh faoi na seirbhísí sin ar fud na bliana, úsáideadh na sonraí sin chun bonn eolais a chur faoinár bhfreagairt rialála agus chun a chinntiú gur cuireadh seirbhísí in ord tosaíochta de réir riosca.

### Dul i gcion ar an gcleachtas

Thapaigh an fhoireann do leanaí an deis sa bhliain 2015 le dul i gcion ar an gcleachtas reatha cúraim shóisialaigh. Tar éis dhá bhliain a chaitheamh ar lárionaid ainmnithe do leanaí faoi mhíchumas a rialáil, tháinig sé chun solais go raibh sé riachtanach feabhas a chur ar an tsainaithint agus ar an tuairisciú a bhí á ndéanamh ar ábhair imní faoi chosaint leanaí le haghaidh an chohóirt leanaí sin. Thug beirt bhall den fhoireann cur i láthair ar an réimse cleachtais sin do mhic léinn chúraim shóisialaigh i gcoláiste mór amháin agus do Chónaidhm Náisiúnta na gComhlachtaí Deonacha.

Rinne an fhoireann cur i gcrích ar a cigireacht dhírithe a bhain le bainistiú iompair dhúshlánaigh ar 20 lárionad cónaithe reachtúil trí thagairt a dhéanamh do na *Caighdeáin Náisiúnta do Lárionaid Chónaithe do Leanaí.* Cuireadh na fionnachtana uileghabhálacha agus na himpleachtaí i leith an chleachtais reatha agus an chleachtais sa todhchaí i láthair Tusla.

Ag teacht sna sála ar na fionnachtana a ghnóthaigh HIQA ach roinnt cigireachtaí a dhéanamh ar úsáid an scartha aonair in aonaid sainchúraim agus i scoileanna coinneála leanaí, chuir an fhoireann do leanaí páipéar faoi chleachtais shriantacha a úsáid i suíomhanna daingnithe cúraim faoi bhráid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige le haghaidh breithniú.

Roghnaigh an fhoireann do leanaí, mar chuid dá clár dearbhaithe um sheirbhísí do leanaí a rialáil, faireachán a dhéanamh ar an gcáilíocht seirbhíse a chuir Tusla ar fáil do leanaí agus do theaghlaigh a bhí ina gcónaí i gcóiríocht soláthair dhírigh trí thagairt a dhéanamh do na *Caighdeáin Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2014*. Cuireadh fionnachtana na cigireachta sin i láthair ag an gcomhdháil 'Lost Childhoods' i mí an Mheithimh 2015.

## 4.1.5 Clár dearbhaithe a sholáthar ar cháilíocht agus ar shábháilteacht na seirbhísí sainithe cúram sláinte in Éirinn

Faoin Acht Sláinte 2007, tá freagracht ar HIQA as caighdeáin maidir le cáilíocht agus le sábháilteacht seirbhísí cúram sláinte a fhorbairt agus as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán sin. Tá freagracht orainn faoin Acht freisin as sábháilteacht, as cáilíocht agus as caighdeáin seirbhísí cúram sláinte a imscrúdú i gcásanna ina bhfuilimid den tuairim gurb ann do riosca tromchúiseach do shláinte agus d'fholláine úsáideoirí seirbhíse.

### Faireachán a dhéanamh ar chláir trí thagairt a dhéanamh do na *Caighdeáin Náisiúnta um Ionfhabhtuithe a Bhaineann leis an gCúram Sláinte a Chosc agus a Rialú*

Sa bhliain 2015, rinne HIQA 39 gcigireacht neamhfhógartha in ospidéil ghéarmhíochaine phoiblí mar chuid dár gclár um fhaireachán a dhéanamh trí thagairt a dhéanamh do na *Caighdeáin Náisiúnta um Ionfhabhtuithe a Bhaineann leis an gCúram Sláinte a Chosc agus*

*a Rialú (PCHCAI).* Áiríodh leo sin seacht n-athchigireacht a tháinig sna sála ar fhionnachtana ardriosca ar bhreathnaigh an fhoireann cigireachta iad agus cigireacht tosaigh á déanamh. I gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2014, méadú suntasach a bhí sna seacht n-athchigireacht a rinneadh sa bhliain 2015. D'fhéadfaí an méadú sin a chur i leith an dírithe mhéadaithe ar chigireacht a dhéanamh ar limistéir ospidéil arb eol go mbaineann dóchúlacht níos airde riosca leo.

Rinneadh cigireachtaí agus díriú ar leith á chur ar Chaighdeán 3 de na *Caighdeáin Náisiúnta um Ionfhabhtuithe a Bhaineann leis an gCúram Sláinte a Chosc agus a Rialú*, a bhaineann le sláinteachas timpeallachta, ar Chaighdeán 6, a bhaineann le cleachtas sláinteachas láimhe agus ar Chaighdeán 8, a bhaineann le feistí ionracha a bhainistiú. Taifeadadh freisin le linn na gcigireachtaí aon ábhair imní nó saincheisteanna a sainaithníodh maidir le caighdeáin eile.

Leathnaíodh an clár faireacháin sa bhliain 2015 lena gcuirfí ar áireamh ann díriú ar an dul chun cinn atá déanta ar phleananna feabhsaithe cáilíochta a forbraíodh de bharr chigireachtaí na bliana seo caite a chur chun feidhme mar aon le measúnacht ar an dul chun cinn atá déanta ar bheartáin chúraim choiscthe ionfhabhtaithe a chur chun feidhme, lena n-áirítear beartáin chúraim chataitéir shoithíoch fhorimeallaigh agus beartáin chúraim chataitéir úirínigh (Caighdeán 8, a bhaineann le feistí ionracha leighis a bhainistiú). De bhreis air sin, tugadh cuairt eile ar limistéir a ndearnadh cigireacht orthu sa bhliain 2014 chun measúnacht a dhéanamh ar an leibhéal dul chun cinn atá déanta ag gach ospidéal ar phleananna feabhsaithe cáilíochta a chur chun feidhme.

Breathnaíodh fianaise go rabhthas ag comhlíonadh na g*Caighdeán Náisiúnta um Ionfhabhtuithe a Bhaineann leis an gCúram Sláinte a Chosc agus a Rialú* agus ag comhlíonadh an dea-chleachtais sna hospidéil go léir a ndearnadh cigireacht orthu sa bhliain 2015. Leagadh béim ar réimsí le haghaidh tuilleadh feabhais i ngach ceann de na hospidéil sin, áfach. Tugadh éagsúlacht maidir le comhlíonadh sláinteachas timpeallachta faoi deara i bhformhór na n-ospidéal a ndearnadh cigireacht orthu sa bhliain 2015. Theastaigh feabhsuithe ar ghlaineacht na timpeallachta cliniciúla ó líon suntasach ospidéal a ndearnadh cigireacht orthu. Ba mhinic a d'fheictí easnaimh bhonneagair agus fadhbanna cothabhála sa bhliain 2015. Chuaigh siad i bhfeidhm ar chumas na n-ospidéal an timpeallacht a ghlanadh go héifeachtach agus cloí leis na Caighdeáin. Fearacht na bhfionnachtana ó na cigireachtaí a rinneadh sa bhliain 2014, tugadh faoi deara i bhformhór na n-ospidéal a ndearnadh cigireacht orthu sa bhliain 2015 go ndearnadh glanadh fo-optamach ar threalamh othar a úsáidtear go minic.

Tugadh faoi deara go ndearnadh dul chun cinn ar oiliúint i sláinteachas láimhe agus ar chomhlíonadh na sprice náisiúnta 90% a shocraigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) le haghaidh iniúchtaí náisiúnta sláinteachas láimhe. Ba léir i ngach ceann de na hospidéil a ndearnadh cigireacht orthu go raibh straitéis ilmhódach na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) á cur chun feidhme. Léirigh ospidéil den chuid ba mhó go raibh tiomantas institiúideach iontu do dhea-chleachtais um shláinteachas láimhe a bhaint amach agus a leabú ag gach leibhéal.

Shainaithin HIQA samplaí dea-chleachtais i roinnt ospidéal i dtaca le beartáin chúraim choiscthe ionfhabhtaithe a chur chun feidhme. Níl cur chun feidhme leabaithe go hiomlán

i ngach ospidéal i gcomhréir le treoirlínte náisiúnta go fóill, áfach, agus tá tuilleadh oibre ag teastáil chun na hidirghabhálacha sábháilteachta othar sin a leathadh go hiomlán ar fud an chórais. Tá an-deis ann le foghlaim ó eispéireas na n-ospidéal sin a bhfuil cur chun feidhme iomlán bainte amach acu cheana féin a chomhroinnt.

Is féidir teacht ar shonraí iomlána faoi thuarascálacha ag **www.hiqa.ie.**

## Faisnéis agus ábhair imní a fháil agus a anailísiú

Faighimid faisnéis agus ábhair imní a ndíríonn raon foinsí ár n-aird orthu agus déanaimid anailís agus measúnacht riosca ar an bhfaisnéis agus ar na hábhair imní sin.

Sa bhliain 2015, tháinig méadú 15% ar líon na n-ábhar imní maidir le seirbhísí cúram sláinte a fuair HIQA.  Baineadh leas as an bhfaisnéis chun cabhrú linn ár gcuid acmhainní a úsáid sna réimsí ab airde riosca.

Baineadh leas as formhór na n-ábhar imní a fuarthas chun bonn eolais a chur faoi chláir leanúnacha faireacháin agus chigireachtaí HIQA. I roinnt cásanna, áfach, scríobh HIQA chuig bainisteoirí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta de chuid FSS chun dearbhuithe a iarraidh maidir le córas cúraim ar leith.

Leanamar ar aghaidh sa bhliain 2015 ag fiosrú modhanna ní b'éifeachtaí ina bhféadfaimis faisnéis feidhmíochta agus faisnéis eile ó fhoinsí áitiúla agus náisiúnta a fháil agus a anailísiú. Leanamar ar aghaidh ag obair le FSS i dtaca le sraith chomhaontaithe sonraí a chur ar fáil gach ráithe.  Baineadh leas as na sonraí sin chun bonn eolais a chur faoinár ngníomhaíocht leanúnach faireacháin.

## Clár dearbhaithe trí bliana

Mar chuid de chlár réamhghníomhach um fhaireachán a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhíse trí thagairt a dhéanamh do na *Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte Níos Fearr*, shainaithin HIQA cúig thosaíocht lena measúnú nó lena n-athbhreithniú.  Rinneamar dul chun cinn ar an obair sin sa bhliain 2015 mar seo a leanas:

**1** Cuireadh tús le clár eile um fhaireachán a dhéanamh trí thagairt a dhéanamh do na *Caighdeáin Náisiúnta um Ionfhabhtuithe a Bhaineann leis an gCúram Sláinte a Chosc agus a Rialú*. Dírítear sa chlár sin ar an dóigh a mbainistíonn ospidéil úsáid na n-antaibheathach chun torthaí othar a bharrfheabhsú, drochtheagmhais a íoslaghdú, ardú na frithsheasmhachta a mhaolú agus éifeachtúlacht agus sábháilteacht a chinntiú agus antaibheathaigh á n-úsáid. Cuirfidh an ghníomhaíocht rialála sin ar ár gcumas miontuiscint ar fud an chórais a ghnóthú ar bhearta chun úsáid oibreán antaimhiocróbach a mhaoirsiú i ngach ospidéal géarmhíochaine.

I gcéim 1 den chlár faireacháin sin, chomhlánaigh na 49 n-ospidéal phoiblí go léir ceistneoir féinmheasúnaithe. Rinneadh na torthaí a chóimheas agus a anailísiú ina dhiaidh sin. Ba éard a bhí i gcéim 2 ná agallaimh a rinneadh le bainisteoirí náisiúnta FSS a bhfuil freagracht orthu as úsáid oibreán antaimhiocróbach a mhaoirsiú. Chomh maith leis sin, rinneadh fógra go ndéanfaí cigireacht i 14 ospidéal. Tá torthaí an chláir faireacháin sin á dtiomsú faoi láthair agus foilseofar iad i mí Aibreáin 2016.

**2** Cuireadh tús sa bhliain 2015 le clár faireacháin théamaigh inar díríodh ar chothú agus ar hiodráitiú trí thagairt a dhéanamh do na *Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte Níos Fearr*. Sa chlár faireacháin seo, díríodh ar na socruithe atá i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéanfar gach othar a úsáideann na seirbhísí ginearálta géarchúram sláinte a mheasúnú, a bhainistiú agus a mheas go cuí le go bhfreastalófar go héifeachtach ar a riachtanais aonair hiodráitithe agus chothaithe. I gcéim 1 den chlár faireacháin théamaigh, iarradh ar gach ospidéal poiblí, gan ospidéil neamhspleácha mháithreachais agus phéidiatraiceacha a áireamh, ceistneoir féinmheasúnaithe a chomhlánú. Rinneadh torthaí an cheistneora a chóimheas agus a anailísiú ina dhiaidh. Is ar bun atá céim 2, a chuimsíonn cigireachtaí neamhfhógartha ar 13 ospidéal. Cuireadh seacht gcinn de na cigireachtaí sin i gcrích roimh dheireadh na bliana 2015. Foilseofar torthaí an chláir faireacháin sin sa bhliain 2016.

## Imscrúdú reachtúil

Chuireamar imscrúdú reachtúil i gcrích ar shábháilteacht, ar cháilíocht agus ar chaighdeáin na seirbhísí a chuireann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ar fáil d'othair san Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise. Sa tuarascáil, a foilsíodh i mí na Bealtaine 2015, rinneadh sraith moltaí áitiúla agus náisiúnta arbh é ab aidhm dóibh cáilíocht agus sábháilteacht an chúraim san Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise, agus ar fud mórsheirbhísí cúram sláinte a fheabhsú.

Fionnachtana na tuarascála dar teideal *Tuarascáil ar an imscrúdú ar shábháilteacht, ar cháilíocht agus ar chaighdeáin na seirbhísí a chuireann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar fáil d'othair san Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise*, léiríodh iontu gur theip ar FSS ar bhonn leanúnach na seirbhísí a bhíothas ag cur ar fáil in Ospidéal Phort Laoise a mheas in aghaidh na rioscaí agus na moltaí a sainaithníodh in imscrúduithe agus in athbhreithnithe roimhe de chuid HIQA agus FSS ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Leagadh béim sna fionnachtana ar shaincheisteanna agus ar mholtaí a sainaithníodh roinnt uaireanta roimhe sin in athbhreithnithe leanúnacha FSS agus in imscrúduithe neamhspleácha HIQA. Ba é tátal an imscrúdaithe sin ná gur ligeadh d'Ospidéal Phort Laoise leanúint de bheith i mbun oibre, cé gurbh ann do roinnt mór-shaincheisteanna rialachais agus bainistíochta i dtaca le cáilíocht agus le sábháilteacht na seirbhísí. Níor leor an gníomh a rinne FSS ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.

Rinne HIQA na moltaí seo a leanas mar thoradh ar an imscrúdú reachtúil sin:

- go dtabharfadh FSS aghaidh ar rioscaí agus ar na heasnaimh a sainaithníodh sa tuarascáil chun cáilíocht, sábháilteacht agus eispéireas an chúraim othar in Ospidéal Phort Laoise a fheabhsú. Moladh sa tuarascáil freisin go dtabharfaí aghaidh ar rioscaí agus ar easnaimh den chineál céanna mar bheart práinne i gcásanna ina dtagann siad aníos. Ní mór do FSS ag leibhéal náisiúnta maoirseacht a dhéanamh ar na feabhsuithe riachtanacha ach socruithe bainistíochta feidhmíochta a chur i bhfeidhm.
- go saineodh an fhoireann bhainistíochta nuacheaptha do Ghrúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath agus Lár Tíre na seirbhísí a sholáthrófaí in Ospidéal Phort Laoise, go gcinnteodh sí go mbeadh siad sábháilte agus go gcuirfí go leor acmhainní ar fáil dóibh agus go dtabharfadh sí tús áite do líonraí cliniciúla bunaithe ar speisialtachtaí a fhorbairt idir Ospidéal Phort Laoise agus na hospidéil mhóra i nGrúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath agus Lár Tíre.
- the national maternity strategy be developed and published as a matter of urgency. The purpose of this strategy should be to agree and implement standard, consistent, modern-

day models of maternity care in order to ensure that all pregnant women have choice and access to the right level of safe care and support on a 24-hour basis. In the interim, inherent risks identified in this report must be urgently addressed and the necessary changes implemented.*

- go ndéanfaí an straitéis náisiúnta máithreachais a fhorbairt agus a fhoilsiú mar bheart práinne. Ba cheart a bheith i gcuspóir na straitéise sin ná samhlacha caighdeánacha, comhsheasmhacha agus nua-aimseartha cúram máithreachais a chomhaontú agus a chur chun feidhme chun a chinntiú go mbeadh ag mná torracha roghanna agus rochtain ar an leibhéal ceart cúraim shábháilte agus tacaíochta sábháilte 24 huaire sa lá. Idir an dá linn, caithfear aghaidh a thabhairt mar bheart práinne ar na rioscaí bunúsacha a shainaithnítear sa tuarascáil seo agus caithfear na hathruithe riachtanacha a chur chun feidhme.*

* Foilsíodh straitéis náisiúnta máithreachais dar teideal An Straitéis Náisiúnta Máithreachais 2016 - 2026 an 27 Eanáir 2016.

- go gcruthófaí seirbhís neamhspleách tathanta othar chun a chinntiú go dtaifeadfaí eispéiris thuairiscithe othar, go n-éistfí leo agus go bhfoghlaimeofaí uathu agus chun a chinntiú go bhfoilseofaí tuarascálacha.
- gur cheart don Aire Sláinte, mar bheart tosaíochta, coiste maoirseachta a bhunú sa Roinn Sláinte chun a chinntiú go gcuirfí moltaí na tuarascála sin chun feidhme.

Ar chur i gcrích an imscrúdaithe sin, ghabh HIQA air féin oibriú leis na heagraíochtaí cliniciúla agus gairmiúla agus na grúpaí tathanta othar lena mbaineann chun tacar dréachtchaighdeán seirbhís-shonrach do sheirbhísí máithreachais in Éirinn a fhorbairt le haghaidh comhairliúchán poiblí, rud a bheidh ina fho-thacar de na *Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte Níos Fearr* ó HIQA.

Sa deireadh, thug HIQA aitheantas don mhisneach agus don neart a thaispeáin gach othar agus gach teaghlach a rinne teagmháil linn chun a n-eispéireas cúraim in Ospidéal Phort Laoise a chur in iúl. Ba cheart a aithint gur cheart go gcinnteofaí go mbeadh eispéireas níos fearr ag daoine a bhainfidh leas as seirbhísí in Ospidéal Phort Laoise sa todhchaí de bharr a gcuid iarrachtaí, i dteannta na ngníomhartha riachtanacha atá déanta ag na daoine sin a bhfuil de chúram orthu seirbhísí a sholáthar.

## Foghlaim a Nascadh le Caighdeáin Náisiúnta




I mí an Mheithimh 2015, d'fhoilsigh HIQA treoir nua chun cabhrú le hospidéil agus le soláthraithe cúram sláinte feabhas a chur ar cháilíocht agus ar shábháilteacht ach moltaí ó imscrúduithe agus athbhreithnithe a rinne HIQA roimhe sin ar sheirbhísí cúram sláinte a nascadh leis na *Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte Níos Fearr* a n-éilítear orthu iad a chomhlíonadh. Cuirtear in iúl sa doiciméad seo roinnt den fhoghlaim a gnóthaíodh ó imscrúduithe agus ó athbhreithnithe chun tuiscint a chruthú ar conas a bhaineann na Caighdeáin le soláthar cúraim fíorshaoil.


Tá sé beartaithe go mbainfidh gach ceann de na seirbhísí cúram sláinte úsáid as na fionnachtana agus na moltaí ó imscrúduithe agus athbhreithnithe HIQA chun bonn eolais a chur faoin gcleachtas agus é a fheabhsú. Sa doiciméad

# 4.2 Measúnacht Teicneolaíocht Sláinte

- Chuireamar comhairle ar an **Aire Sláinte** faoin tionchar a bheadh ag athrú chuig




- Chuireamar **meastóireacht eacnamaíoch** i gcrích ar scagthástáil náisiúnta le haghaidh




Rinneamar measúnacht ar infheistíocht in **idirghabhálacha tacaíochta féinbhainistíochta** le haghaidh raon

**GALAR ainsealach**



- Thug an **Stiúrthóir um Measúnacht Teicneolaíocht Sláinte** an cur i láthair iomlánach tosaigh ag **Cruinniú Bliantúil an HTAi** in Osló



seo, nasctar moltaí a rinneadh i seacht dtuarascáil ó HIQA le caighdeán comhfhreagrach uileghabhálach náisiúnta. Déantar amhlaidh chun tuiscint a chruthú ar conas a bhaineann na Caighdeáin Náisiúnta le soláthar cúraim fíorshaoil. Sainaithnítear ann freisin go nasctar moltaí leis na Caighdeáin chéanna arís agus arís eile.

Agus iad á n-athbhreithniú ina n-iomláine, tagann roinnt saincheisteanna coiteanna aníos i dtaca leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil in ospidéil ghéarmhíochaine phoiblí. Is gá cur chun feidhme aonfhoirmeach a dhéanamh ar na saincheisteanna sin ar fud an chórais. Ceanglaítear ar ospidéil ghéarmhíochaine leis na fionnachtana carnacha a chinntiú:

- go ndéanfar an tsamhail seirbhíse a phleanáil go maith agus a chur in iúl go soiléir agus go dtuigfidh gach duine a bheidh páirteach sa tseirbhís sin a chur ar fáil an tsamhail go hiomlán le gur comhtháite, éifeachtúil agus iontaofa a bheidh an soláthar cúraim
- go mbeidh rialachas corparáideach agus cliniciúil éifeachtach ann
- go mbeidh an cúram a chuirfear ar fáil bunaithe ar fhianaise
- go ndéanfar faireachán éifeachtach ar cháilíocht agus ar shábháilteacht an chúraim a chuirfear ar fáil
- go gcomhroinnfear go héifeachtach an fhoghlaim a ghnóthófar as an bpróiseas sin agus go n-achtófar moltaí i gcásanna ina dteipeann ar sheirbhísí an caighdeán inmhianaithe a chomhlíonadh agus ina ndéantar imscrúdú ina leith sin.

## 4.2 Measúnacht Teicneolaíocht Sláinte

### 4.2.1 Cúlra

Leis an Acht Sláinte 2007, tugadh ról reachtúil do HIQA maidir le meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht chliniciúil agus ar chostéifeachtacht teicneolaíochtaí sláinte agus maidir le comhairle a chur ar an Aire Sláinte agus ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Chuige sin, tugann an Stiúrthóireacht um Measúnacht Teicneolaíocht Sláinte (HTA) faoi raon oibre chun tacaíocht agus eolas a thabhairt do chinnteoireacht chúram sláinte agus chun cumasú a dhéanamh ar bheartais náisiúnta sláinte atá sábháilte agus éifeachtach agus ar chinntí náisiúnta seirbhís sláinte atá dírithe ar an othar agus a bhaineann an luach is fearr amach as na hacmhainní atá ar fáil.

Áirítear le hobair na Stiúrthóireachta sraith treoirlínte náisiúnta a fhorbairt ina gcuirfear bonn eolais faoi mheasúnachtaí tráthúla, comhsheasmhacha agus iontaofa a chruthú a bheidh ábhartha do riachtanais ár ngeallsealbhóirí agus raon measúnachtaí a chruthú lena gcuirfear bonn eolais faoin mbeartas náisiúnta sláinte agus faoi chinntí náisiúnta seirbhís sláinte. Comhlíonann an stiúrthóireacht ról lárnach freisin i bhforbairt acmhainne i measúnacht teicneolaíocht sláinte trína cuid oibre leis an gCoiste Náisiúnta um Éifeachtacht Chliniciúil agus trína rannpháirtíocht i raon gníomhaíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

## 4.2.2 Measúnachtaí teicneolaíocht sláinte a rinneadh sa bhliain 2015

### *Measúnacht Teicneolaíocht Sláinte ar Ríomhchórais Luathrabhaidh agus ar Ríomhchórais Aistrithe Chliniciúil*

I mí an Mhárta 2015, d'fhoilsigh HIQA measúnacht ar a éifeachtaí atá ríomhchórais luathrabhaidh agus ríomhchórais aistrithe chliniciúil i seirbhísí othar cónaitheach ospidéil. Ba é Príomh-Oifigeach Leighis na Roinne Sláinte a d'iarr an mheasúnacht, rud arbh é ab aidhm dó scrúdú a dhéanamh ar éifeachtacht agus ar shábháilteacht na gcóras sin, athbhreithniú a dhéanamh ar a gcostéifeachtacht agus scrúdú a dhéanamh agus breac-chuntas a thabhairt ar phríomhchinntithigh a thacaíonn le torthaí rathúla ó na córais sin. Meastar teagmhais nach sainaithnítear an t-othar atá ag meath go géar iontu a bheith ina mórchúis le galracht agus le mortlaíocht inseachanta.



Tá raon roghanna Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) ar fáil chun tacú le hothair atá ag meath a bhrath agus chun aistriú cliniciúil othar a éascú. Is éard atá i ríomhchórais luathrabhaidh ná uirlisí a éascaíonn uathríomh na scór luathrabhaidh ach sonraí comharthaí beatha othair a chomhcheangal le halgartaim foghlama ríomhaire. Baintear úsáid as na scóir sin chun géarú an chúraim a spreagadh de réir paraiméadair phrótacail áitiúla.

Is éard atá i ríomhchórais aistrithe chliniciúil ná ríomhtheimpléid chaighdeánacha a fhorbraítear go hinmheánach lena ngabhann príomhréimsí a comhaontaíodh go háitiúil le haghaidh aistriú cliniciúil éifeachtach. I gcásanna ina gcuirtear chun feidhme iad, beidh sé riachtanach na huirlisí TFC sin a chomhtháthú go cuí isteach sa suíomh cúraim reatha agus acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil dóibh. Leis na huirlisí sin, tugtar nuálaíocht maidir le cáilíocht, sábháilteacht agus caighdeánú an chúraim d'othair a fheabhsú ach tacú le cur chun feidhme na dtreoirlínte náisiúnta cliniciúla maidir le scóir luathrabhaidh agus le haistriú cliniciúil a ndearna an Coiste Náisiúnta um Éifeachtacht Chliniciúil dearbhú cáilíochta orthu.

Scrúdaíodh sa Mheasúnacht Teicneolaíocht Sláinte, ach tabhairt faoi athbhreithniú córasach agus breithmheas criticiúil ar an bhfaisnéis ar fáil, an úsáid a bhaintear as teicneolaíocht faisnéise le haghaidh córais luathrabhaidh agus córais aistrithe chliniciúil chun cabhrú le hothair atá ag meath a shainaithint. Thángamar ar an gconclúid go mbeadh infheistíocht shuntasach chaipitil ag teastáil dá gcomhtháthófaí teicneolaíocht faisnéise isteach i bpróisis éifeachtachta cliniciúla, cé go bhféadfadh sí sábháilteacht othar agus éifeachtúlacht cúraim a fheabhsú agus acmhainn leapacha ospidéal géarmhíochaine a mhéadú ach meánfhaid fanachta a laghdú. Aimsíodh sa mheasúnacht go raibh éagsúlacht i gcáilíocht na fianaise a thacaíonn le tabhairt isteach chóras na scór luathrabhaidh agus na gcóras aistrithe chliniciúil. An laghdú measta ar an bhfad fanachta a chuirtear i láthair, bunaíodh é ar an staidéar lenar tugadh an léiriú ab fhearr ar chomhthéacs na hÉireann agus lenar tugadh tuairisc ar an tionchar a bheadh ag ríomhchóras luathrabhaidh ar an bhfad fanachta.

Tugtar le fios, bunaithe ar an athbhreithniú córasach ar an litríocht agus ar chostais tháscacha, go bhféadfadh cur chun feidhme na gcóras an acmhainn leapacha ospidéil a mhéadú go mór,

cé go mbeadh infheistíocht shuntasach chaipitil agus costais leanúnacha chothabhála ag teastáil uaidh. Bheadh idir €1 mhilliún agus €1.3 milliún ag teastáil ó ospidéal aonair agus bheadh idir €40.1 milliún agus €51.4 milliún ag teastáil thar thréimhse cúig bliana le haghaidh córais a chur chun feidhme ar fud na tíre. Ceannaireacht láidir agus acmhainní dóthanacha, amhail an leibhéal cuí ball foirne oilte chun cóireáil a chur ar othair a sainaithníodh a bheith ag meath, tugadh faoi deara gur bhain ríthábhacht leo maidir le cur chun feidhme rathúil agus le feabhas a chur ar thorthaí othar. Leagadh béim sa tuarascáil gur cheart infheistíocht i ríomhchórais luathrabhaidh a bheith nasctha le clár oiliúna le haghaidh othair atá ag meath go géar a mheasúnú agus cóireáil a chur orthu agus gur cheart acmhainneacht iomlán na gcóras a bhaint amach ach úsáid a bhaint as na sonraí cliniciúla a bailíodh chun cabhrú le feidhmeanna iniúchóireachta agus rialachais. Áireofar le tairbhí féideartha eile éifeachtúlachtaí méadaithe a ghnóthófar as laghdú ar agaí taifeadta comharthaí beatha, rud atá a 1.6 oiread ní ba ghasta ná agaí córais pháipéarbhunaithe. Fágann sé sin go mbeadh níos mó ama ag cliniceoirí chun cúram a sholáthar d'othair. I dteannta an chruinnis fheabhsaithe a bheidh le fáil i dtaifeadadh comharthaí beatha agus i bhfaisnéis aistrithe, is féidir leis na gnóthachain éifeachtúlachta sin cur le timpeallacht othar níos sábháilte.

Tugadh faoi deara nach bhfuil ach beagán leata déanta ar na córais sin in Éirinn go dtí seo. Léiríodh i dtíortha eile go bhfuil tabhairt isteach na ríomhchóras luathrabhaidh agus na ríomhchóras aistrithe chliniciúil ina modh éifeachtúil, cruinn agus so-iniúchta chun paraiméadair chomharthaí beatha othar a thaifeadadh. Tugadh faoi deara sa tuarascáil gur cheart gach ríomhchóras luathrabhaidh agus aistrithe chliniciúil a fhorbairt ar aon dul leis na Treoirlínte Náisiúnta Cliniciúla ón gCoiste Náisiúnta um Éifeachtacht Chliniciúil a ndearnadh dearbhú cáilíochta orthu agus gur cheart cur chun feidhme na gcóras TFC a bhreithniú maidir le cur chuige atá bunaithe ar chaighdeáin, leis an mórchlár oibre TFC agus leis an Straitéis rShláinte. Mar shampla, d'fhéadfadh uainiú an chuir chun feidhme a bheith ina chuid d'aistriú ginearálta i dtreo ríomhchórais taifead sláinte.

### *Measúnacht Teicneolaíocht Sláinte ar Scagthástáil le haghaidh Fibriliú Aitriamach*

I mí Lúnasa 2015, d'fhoilsigh HIQA measúnacht teicneolaíocht sláinte ar scagthástáil le haghaidh fibriliú aitriamach i gcúram príomhúil. Rinneadh comhaontú go dtabharfaí faoin measúnacht sin tar éis plé leis an gClár Cliniciúil Náisiúnta um Stróc, clár inar cuireadh treoirthionscadal scagthástála le haghaidh fibriliú aitriamach i gcrích roimhe sin chun measúnacht a dhéanamh ar a indéanta a bheadh clár náisiúnta. Tá moladh le clár scagthástála le haghaidh fibriliú aitriamach a chur chun feidhme ar cheann amháin de na moltaí a rinneadh sa Bheartas Náisiúnta Cardashoithíoch 2010-2019.




Ba é cuspóir na Measúnachta Teicneolaíocht Sláinte ná scrúdú a dhéanamh ar an éifeachtacht chliniciúil agus ar an gcostéifeachtacht a bheadh ag baint le scagthástáil le haghaidh fibriliú aitriamach i gcúram príomhúil agus ar an tionchar buiséid agus ar na himpleachtaí acmhainne a bheadh ag clár náisiúnta scagthástála in Éirinn.

Is é fibriliú aitriamach an rithim mhínormálta chroí is coitianta a dtagtar uirthi i gcleachtadh ginearálta agus tá sé bainteach le méadú cúig oiread ar an riosca stróic. Chomh maith leis sin, is déine go mór stróic a bhaineann le fibriliú aitriamach. Is airde faoi dhó an ráta báis mar thoradh ar stróic den sórt sin ná an ráta mar thoradh ar stróic nach mbaineann le fibriliú aitriamach agus is mó na heasnaimh feidhme do dhaoine a thagann slán astu. Fulaingítear thart ar 8,000 stróc in Éirinn gach bliain; is le fibriliú aitriamach a bhaineann thart ar thrian amháin díobh. Is é aidhm na scagthástála ná fibriliú aitriamach a bhrath chomh luath agus is féidir ionas gur féidir tús a chur le cóireálacha chun an riosca stróic a laghdú.

Ba é tátal na tuarascála ná gur dhócha gurbh éifeachtach ó thaobh costais de a bheadh clár náisiúnta scagthástála a bheadh bunaithe ar éasc frithbhuailte faille bliantúil i gcúram príomhúil do dhaoine os cionn 65 bliana d'aois. Bunaithe ar an toimhde gurb ionann den chuid is mó an riosca stróic atá ag na daoine sin a braitheadh le scagthástáil agus ag na daoine sin a braitheadh le gnáthchúram, aimsíodh go raibh scagthástáil ina cúis le laghduithe ar a mhinice agus a dhéine a bhí stróic a bhaineann le fibriliú aitriamach. Measadh go mbraithfí cás amháin breise d'fhibriliú aitriamach in aghaidh gach 22 dhuine a ndéanfaí scagthástáil orthu agus go seachnófaí stróc amháin in aghaidh gach 270 duine a ndéanfaí scagthástáil orthu sa tréimhse chéanna dá ndéanfaí scagthástáil ar dhaoine atá 65 bliana d'aois nó níos sine.

Measadh an costas incriminteach iomlán a thabhaigh FSS a bheith cothrom le €3.7 milliún sa chéad tréimhse cúig bliana. Áirítear leis sin na costais bhreise a bhí bainteach le leictreacardagraim scagthástála agus le teiripe drugaí fibrilithe aitriamaigh i gcásanna diagnóisithe mar aon leis na coigiltí costais a tháinig as laghdú de réir a chéile ar mhinicíocht stróic thar thréimhse cúig bliana.

Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid FSS mar chomhairle chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht i dtaca le cur chun feidhme féideartha na scagthástála cúraim phríomhúil.

### *Measúnacht Teicneolaíocht Sláinte ar Chláir Vacsaínithe BCG*

Sa bhliain 2015, rinneamar measúnacht teicneolaíocht sláinte i dtaca le hathruithe beartaithe ar an gclár náisiúnta vacsaínithe BCG do nua-naíonna mar fhreagairt d'iarraidh ón Roinn Sláinte.




Faoi láthair, is é an beartas in Éirinn ná go ndéantar vacsaíniú uilechoiteann BCG ar naíonáin in Éirinn. Ba é cuspóir na Measúnachta Teicneolaíochta Sláinte ná a dhéanamh amach céard a bheadh i gceist leis na tairbhí cliniciúla, an chostéifeachtacht, an tionchar buiséid agus na himpleachtaí eagrúcháin agus eiticiúla a bheadh ag baint le haistriú ó vacsaíniú uilechoiteann chuig beartas vacsaínithe roghnaithigh BCG do nua-naíonna lena spriocdhíreofaí ar naíonáin a bheadh i mbaol méadaithe go dtiocfadh eitinn (TB) orthu. Cuireadh aiseolas ó phróiseas comhairliúcháin phoiblí ar áireamh sa tuarascáil deiridh agus cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Aire Sláinte mar chomhairle.

Ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil, mhol HIQA athrú ó straitéis náisiúnta vacsaínithe uilechoitinn BCG do nua-naíonna chuig straitéis náisiúnta vacsaínithe roghnaithigh BCG do nua-naíonna. Mhol sé, áfach, go gcaithfí tacaíocht a thabhairt d'athrú ar bith sa straitéis trí thiomantas soiléir do

bhearta feabhsaithe rialaithe eitinne atá córasach agus cuimsitheach. Thug sé faoi deara go gcaithfí an modh is éifeachtúla chun clár roghnaitheach a sholáthar a dhéanamh amach chun a chinntiú go mbainfí an leas ab fhearr ab fhéidir as na hacmhainní ar fáil agus go n-íoslaghdófaí an tionchar a bheadh ag deireadh a chur le vacsaíniú uilechoiteann.

Tugadh faoi deara sa tuarascáil go bhfuil Éire ar cheann amháin den dá thír in Iarthar na hEorpa ag a bhfuil beartas vacsaínithe uilechoitinn do nua-naíonna, cé nach meastar í a bheith ina tír lena mbaineann ardmhinicíocht eitinne de réir an tsainmhínithe a thugann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) uirthi (níos mó ná nó cothrom le 40 cás in aghaidh gach 100,000 duine sa daonra). Is í an Phortaingéil an tír eile.  D'aithníomar go bhfuil laghdú tagtha ar líon bliantúil na gcásanna eitinne in Éirinn ó bhreis agus 600 cás go luath sna 1990í go níos lú ná 400 cás ón mbliain 2012 i leith. Tuairiscíodh 324 chás sa bhliain 2014.  Tá laghdú ag teacht freisin ar mheánlíon bliantúil na gcásanna lena mbaineann leanaí faoi bhun 15 bliana d'aois.  Ba é 11.7 cás an figiúr sin don tréimhse idir 2012 agus 2014. Chuir raon de bhearta rialaithe eitinne atáthar ag úsáid in Éirinn le laghdú leanúnach a bhaint amach ar mhinicíocht na heitinne. Áirítear le bearta tábhachtacha rialaithe eitinne: faireachas agus brath cásanna, cóireáil in aghaidh eitinne agus ionfhabhtú eitinne folaigh, rianú teagmhála agus vacsaíniú BCG.

Is éard atá i gceist le vacsaíniú roghnaitheach ná gan ach na daoine sin sa phobal atá i mbaol méadaithe go dtiocfaidh eitinn orthu a vacsaíniú. Cuimsíonn na daoine seo a leanas an pobal in Éirinn atá i mbaol méadaithe: leanaí a rugadh do thuismitheoirí ó thír ag a bhfuil ardmhinicíocht eitinne, daoine a bhíonn i dteagmháil le hothair ar a bhfuil eitinn riospráide ghníomhach agus leanaí ón Lucht Siúil in Éirinn. Tá na grúpaí sin freagrach as thart ar 13.4% de bhreitheanna in Éirinn gach bliain. Na naíonáin a sainaithníodh a bheith i mbaol méadaithe, measadh go raibh an baol go mbuailfeadh eitinn iad trí oiread ní ba mhó ná an baol i measc an phobail i gcoitinne. Dhéanfaí aistriú ó vacsaíniú uilechoiteann chuig vacsaíniú roghnaitheach líon na naíonán a vacsaíneofaí a laghdú go mór ó thart ar 61,000 naíonán sa bhliain go 8,000 naíonán sa bhliain. Buaileann fo-iarmhairtí beaga formhór na leanaí a vacsaínítear agus téann fo-iarmhairtí a dteastaíonn iarchúram míochaine uathu i bhfeidhm ar naíonán amháin in aghaidh gach 1,200 naíonán. Laghdófaí aistriú chuig vacsaíniú roghnaitheach líon na leanaí a dtiocfadh drochiarmhairtí orthu go mór.

Meastar go laghdóidh beartas vacsaínithe roghnaithigh an costas a bhaineann le vacsaíniú faoi níos mó ná €1 mhilliún. Bheadh laghdú ar chostais iomlána vacsaínithe agus riaracháin ar an toradh ar aistriú ó vacsaíniú uilechoiteann chuig vacsaíniú roghnaitheach. Ós rud é go mbeidh sé riachtanach bearta rialaithe eitinne a fheabhsú in éineacht leis an athrú sin, áfach, ní dócha go mbainfear aon choigiltí buiséid amach. Tugadh faoi deara sa tuarascáil go rachadh athrú ar ghné amháin de rialú eitinne i gcion ar a leorga a bheadh an cur chuige foriomlán um eitinn a rialú.  Chun cásanna breise eitinne a sheachaint, beidh sé riachtanach laghdú ar chosaint a thiocfaidh as athrú sa bheartas vacsaínithe BCG a chothromú le gnéithe eile de rialú eitinne a fheabhsú.  Moladh sa tuarascáil, dá bhrí sin, go gcaithfí acmhainní dóthanacha a chur ar fáil d'iarrachtaí feabhsaithe rialú eitinne agus feasachta poiblí sula ndéanfaí aon athrú ar an mbeartas agus an straitéis náisiúnta um vacsaíniú.

### *Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte i ndáil le hIdirghabhálacha Tacaíochta Féinbhainistíochta Galar Ainsealach*

I mí na Nollag 2015, d'fhoilsíomar HTA ar an éifeachtúlacht chliniciúil agus ar an éifeachtúlacht ó thaobh chostais de d'idirghabhálacha cineálacha tacaíochta féinbhainistíochta do ghalair




ainsealacha, agus d'idirghabhálacha galairshonracha do mhúchadh, diaibéiteas, galar ainsealach bacúil scamhógach (COPD) agus galar cardashoithíoch (stróc, hipirtheannas, galar croí ischéimeach agus cliseadh croí). D'iarr an FSS ar an HTA cuidiú le creat tacaíochta féinbhainistíochta galair ainsealaigh do sheirbhís sláinte na hÉireann.

Tá galair ainsealacha ina riochtaí fadtéarmacha a dhéantar a bhainistiú in ionad a leigheas, agus atá freagrach as cuid mhór de na básanna roimh am agus d'úsáid chúram sláinte. Is féidir a lán de na riochtaí seo a sheachaint nó a mhoilliú trí phríomhthosca riosca a laghdú, amhail caitheamh tobac, otracht, iomarca úsáid alcóil, neamhghníomhaíocht fhisiciúil, hipirtheannas agus colaistéaról ard. Meastar go bhfuil 30% de dhaoine fásta in Éirinn buailte le galar ainsealach. Tá an t-ualach ó ghalair ainsealacha ag méadú, i bpáirt mar gheall ar an daonra atá ag dul in aois, agus meastar go méadófar líon na ndaoine fásta a mbeidh galair ainsealacha orthu go dtí 40% faoi 2020.

Cabhraíonn idirghabhálacha tacaíochta féinbhainistíochta le hothair chun gnéithe dá ngalar ainsealach a bhainistiú trí oideachas, oiliúint agus tacaíocht. D'fhéadfadh comhpháirteanna éagsúla a bheith sna hidirghabhálacha tacaíochta féinbhainistíochta (mar shampla oideachas, oiliúint, faisnéis nó trealamh a sholáthar) agus iad seachadta i bhformáidí éagsúla, amhail oideachais agus cláir aclaíochta, oiliúint sláinte, idirghabhálacha bunaithe ar an ngréasán, agallaimh inspreagtha, teilimhíochaine, cláir altranais fhor-rochtana, athshlánú cairdiach agus athshlánú scamhógach. D'fhéadfadh idirghabhálacha a bheith dírithe ar ghalar ar leith (sainghalar) nó cineálach; níl an dara ceann in oiriúint d'aon ghalar nó d'aon ghalair ar leith agus, go teoiriciúil, d'fhéadfadh iad a úsáid i ndaonraí a bhfuil réimse riochtaí ainsealacha ag baint leo.

Rinneadh sa HTA athbhreithniú ar fhianaise ó 159 athbhreithniú córasacha, a ionchorpraíonn torthaí ó níos mó ná 2,000 triail rialaithe randamacha. Bhaineamar de thátal as go bhfuil fianaise maidir le héifeachtacht na n-idirghabhálacha tacaíochta galair ainsealaigh ina scéal casta. Fuarthas fianaise mhaith maidir le héifeachtúlacht chliniciúil i ndáil le roinnt idirghabhálacha sainghalair, as a dtagann sláinte níos fearr agus/nó úsáid chúram sláinte laghdaithe sa ghearrthéarma. Mar sin féin, fuarthas fianaise theoranta nó ní bhfuarthas aon fhianaise ar chor ar bith d'éifeachtúlacht idirghabhálacha eile; mar shampla, cláir thacaithe fhéinbhainistíochta chineálacha nach bhfuil oiriúnaithe do ghalar ainsealach ar leith.

Ar bhonn na fianaise a ndearnadh measúnacht uirthi, mholamar gur cheart don FSS infheistíocht a chur in ord tosaíochta do na hidirghabhálacha sin a bhfuil dea-fhianaise d'éifeachtúlacht chliniciúil ag baint leo. Thugamar faoi deara go léiríonn an fhianaise idirnáisiúnta go bhfuil an chuid is mó d'idirghabhálacha tacaíochta féinbhainistíochta réasúnta saor le cur i bhfeidhm agus i gcásanna ar leith, d'fhéadfadh coigiltis mheasartha a bheith mar thoradh ar idirghabhálacha tacaíochta féinbhainistíochta. Mar sin féin, thugamar rabhadh go bhféadfadh tionchar buiséid na n-idirghabhálacha a bheith suntasach mar gheall ar an líon mór féideartha d'othair incháilithe. Moladh sa tuarascáil forbairt de shainmhíniú comhaontaithe d'idirghabhálacha tacaíochta féinbhainistíochta galair ainsealaigh agus caighdeánú an chur chun feidhme agus an seachadta ag an leibhéal náisiúnta. In éineacht le measúnú rialta agus leanúnach, chabhródh sé sin lena chinntiú go ndéanfadh na hidirghabhálacha seo leas d'othair.

## 4.2.3 Cuireadh tús le Measúnaithe ar Theicneolaíocht na Sláinte in 2015

### *Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte i ndáil le hIdirghabhálacha Scor ón Tabac*

Ar iarratas ón Roinn Sláinte, chuireamar tús i mí na Nollag 2015 le hobair ar HTA chun an éifeachtúlacht chliniciúil agus an éifeachtúlacht ó thaobh costais de a imscrúdú i réimse d'idirghabhálacha i ndáil leis an scor ón tobac. Cuirfidh an measúnú cinntí a bhaineann le húsáid is fearr na n-idirghabhálacha scor ón tobac ag an FSS a chur ar an eolas.

Comhaontaíodh na Téarmaí Tagartha don mheasúnú leis an FSS agus tabharfar le chéile Grúpa Comhairleach Saineolaithe comhdhéanta de phríomhghrúpaí páirtithe leasmhara. Táthar ag súil go dtabharfar an obair ar an HTA chun deiridh ag deireadh 2016 leis an tuarascáil deiridh faoi bhráid an Aire Sláinte agus an FSS lena mbreithniú.

### *Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte i ndáil le Buntástáil DNA HPV maidir le Scagadh Ailse Cheirbheacsach*

Ar iarratas ón tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála, chuir an HIQA tús i mí na Nollag 2015 le hobair ar HTA chun scrúdú a dhéanamh ar an éifeachtúlacht chliniciúil agus ar an éifeachtúlacht ó thaobh costais de de bhuntástáil DNA HPV maidir le scagadh ailse cheirbheacsach. Úsáidfear an measúnú chun cinntí a chur ar an eolas maidir le hathruithe féideartha ar an gclár scagthástála ailse ceirbheacsach atá ann cheana féin.

Comhaontaíodh na Téarmaí Tagartha don mheasúnú leis an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála agus tabharfar le chéile Grúpa Comhairleach Saineolaithe comhdhéanta de phríomhghrúpaí páirtithe leasmhara. Táthar ag súil go dtabharfar obair ar an HTA chun deiridh go déanach in 2016 agus go gcuirfear tuarascáil deiridh faoi bhráid na Seirbhíse Náisiúnta Scagthástála lena breithniú.

## 4.2.4 Achoimre ar ghníomhaíochtaí eile le linn 2015

### Tuarascálacha Scóipe

Ar iarratas ón bPríomh-Oifigeach Míochaine sa Roinn Sláinte, rinneadh athbhreithniú córasach chun measúnú a dhéanamh ar an bhfianaise atá ar fáil ar an éifeachtúlacht ó thaobh costais de d'imdhíonadh HPV buachaillí (imdhíonadh HPV inscne-neodrach) chun cabhrú le cinneadh maidir le síneadh ionchasach ar an gclár imdhíonta HPV in Éirinn chun buachaillí a chur san áireamh.

Cuireadh tús freisin le scópáil ar thrí iarratas eile chun cabhrú le próiseas tosaíochta de chlár leanúnach na hoibre HTA.




### Treoirlínte Náisiúnta HTA

Tá forbairt déanta ag HIQA ar shraith de threoirlínte náisiúnta HTA chun an táirgeadh de mheasúnuithe atá tráthúil, iontaofa, comhsheasmhach agus ábhartha do riachtanais na gcinnteoirí agus na bpáirtithe leasmhara a chur chun cinn. I gcomhairle leis an nGrúpa

Comhairleach Eolaíochta HTA, tá an tsraith treoirlínte seo nuashonraithe agus cuirfear léi de réir mar is gá.

In Iúil 2015, d'fhoilsíomar doiciméad treorach chun cur síos a dhéanamh ar dhea-chleachtas i dtaca leis an iompar d'anailís ar thionchar buiséid. Tacaíonn an treoir seo lenár ndoiciméad foilsithe *Guidelines for Budget Impact Analysis of Health Technologies in Ireland*.

Dearadh an doiciméad chun comhairle agus samplaí níos mionsonraithe a sholáthar chun cabhair agus tacaíocht a thabhairt dóibh siúd go léir a bhfuil baint acu le hiompar nó úsáid HTA in Éirinn, ar nós HIQA, an tIonad Náisiúnta um Chógaiseacnamaíocht, an Roinn Sláinte agus an FSS, agus soláthróirí teicneolaíochta sláinte atá ag ullmhú iarratas le haghaidh aisíoca. Tá sé beartaithe freisin chun tacú le forbróirí treoirlínte cliniciúla chomh maith le cleachtóirí eile laistigh den FSS a bhfuil cúram acu anailís ar thionchar buiséid na dteicneolaíochtaí sláinte a dhéanamh.

Forbraíodh an doiciméad treorach seo i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach Eolaíochta HTA de chuid HIQA, ina raibh ionadaíocht leathan ó na príomhpháirtithe leasmhara i gcúram sláinte in Éirinn agus ó shaineolaithe modheolaíochta sa réimse HTA.

## An Coiste Náisiúnta um Éifeachtúlacht Chliniciúil

Sa bhliain 2010, bhunaigh an tAire Sláinte an Coiste Náisiúnta um Éifeachtúlacht Chliniciúil (NCEC) chun creat a sholáthar le haghaidh formhuinithe náisiúnta de threoirlínte cliniciúla agus d'iniúchadh le cúram othar a bharrfheabhsú laistigh de chóras sláinte na hÉireann, idir poiblí agus príobháideach.

Mar chuid d'fhorbairt acmhainne leanúnach sa réimse HTA, cuireann HIQA tacaíocht ar fáil don NCEC trína bhallraíocht den Choiste, ag cabhrú leis an tosaíocht agus leis an measúnú de threoirlínte a cuireadh isteach agus go díreach le forbróirí treoirlínte cliniciúla atá ag lorg formhuinithe náisiúnta dá gcuid dtreoirlínte.

Mar chuid den chlár oiliúna NCEC, sheachaid HIQA seisiúin oiliúna eacnamaíochta don choiste NCEC agus d'fhorbróirí treoirlíne araon. Sholáthraíomar tacaíocht dhíreach freisin do na forbróirí d'ocht dtreoirlíne cliniciúla a bhí sainordaithe ag an Aire agus do dhá ghrúpa eile forbartha treoirlínte. Ina measc siúd bhí: diagnóis, céimniú agus bainistíocht na n-othar a bhfuil ailse chíche orthu, ailse phróstataigh, ailse scamhóg agus galar trófablast iompair; bainistiú cógaseolaíochta de phian ailse i ndaoine fásta; bainistiú iatachta sa chúram maolaitheach; aistriú cliniciúil in ospidéil ghéarmhíochaine; córais luath-rabhaidh péidiatraiceacha; bainistiú na dtaomanna géarphlúchta i ndaoine fásta; agus scagadh i ndáil le heipitíteas C.

Thug an Stiúrthóir HTA cur i láthair ag Siompóisiam Bliantúil an NCEC ar na naisc idir taighde cliniciúil agus HTA.



## Cumas agus acmhainn a thógáil i measúnú ar theicneolaíocht na sláinte

Leanamar ag dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara seachtracha agus deiseanna oiliúna agus oideachais a chur ar fáil in HTA chun tacú le saineolas náisiúnta a fhorbairt i stiúradh agus léirmhíniú HTA.

Soláthraíodh deiseanna tacaíochta agus oiliúna de dhéine éagsúil do réimse leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear na nithe seo a leanas;

- ideiseanna intéirneachta do chéimithe i réimsí bainteacha
- socrúcháin oibre do dhochtúirí sláinte poibl
- oiliúint pháirtithe leasmhara seachtracha (ionadaithe othar, bainteach le NCEC, fochéimithe, iarchéimithe, sainchláraitheoirí in oiliúint sláinte poiblí i gcomhar le Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann [RCPI] agus eile)
- comhoibriú le comhghleacaithe ó Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn (RCSI), ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus ó Ollscoil Luimnigh ar thionscadail acadúla
- agus trí oiliúint agus tacaíocht oideachais do bhaill na foirne HTA chun cur lena saineolas.

Chuir HIQA tús le hobair ar phróiseas chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na comhairle HTA ar chinnteoireacht a bhaineann le beartas sláinte agus leis an tseirbhís sláinte. Forbraíodh creat píolótach agus rinneadh athbhreithniú air ag fóraim idirnáisiúnta d'fhonn bonn inmharthana a fhorbairt trínar féidir an tionchar HTA a ghabháil agus a iniúchadh.

## Rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara

Trína rannpháirtíocht le réimse leathan de pháirtithe leasmhara, ionchorpraíonn HIQA scileanna, taithí agus tuairimí na bpáirtithe leasmhara seachtracha chun eolas a chur ar fáil i ndáil le tosaíochtaí don chlár oibre leanúnach HTA agus chun eolas a chur ar fáil do thionscadail atá ar bun cheana féin agus iad siúd a éascú.

Thug Sainghrúpa Comhairleach comhdhéanta d'ionadaíocht ó phríomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear lucht déanta beartas, soláthraithe seirbhíse, cliniceoirí, grúpaí othar agus saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta HTA tacaíocht do gach ceann de na ceithre mheasúnú a foilsíodh in 2015..

Tugadh faoi chomhairliúcháin phoiblí do dhoiciméad treorach HTA iomlán amháin agus do cheann nua amháin. Cuireadh tréimhse chomhairliúcháin phoiblí sé seachtaine ar fáil don HTA de chlár roghnaitheach vacsaínithe BCG.

Mhúscail an HTA seo leas leathan an phobail agus na meán. Fuarthas 16 aighneacht ar an iomlán ina raibh 146 tuairim, 10 gcinn thar ceann na n-eagraíochtaí cúram sláinte agus sé cheann a cuireadh isteach go pearsanta. Rinneadh mionbhreithniú ar na tuairimí seo agus rinneadh athbhreithniú ar an dréacht-tuarascáil de réir mar ba ghá.

Thugamar rannchuidiú freisin le roinnt grúpaí comhairleacha agus líonraí atá á reáchtáil ag páirtithe leasmhara seachtracha, lena n-áirítear an Grúpa Athbhreithnithe Teicneolaíochta de chuid an Chláir Náisiúnta Rialaithe Ailse, an Grúpa Oibre HTA de chuid an FSS, an Grúpa

Stiúrtha Tráma Náisiúnta agus an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO)/Bord Tionscadail na Roinne Sláinte do Chóras náisiúnta na gCuntas Sláinte. Tá rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara sin, i gcomhcheangal le scanadh scóipe leanúnach, ina cuidiú freisin chun eolas a chur ar an bpróiseas tosaíochta HTA trí ábhair fhéideartha ardtosaíochta a aithint don phlean oibre ar bhealach tráthúil.

Cuireadh obair na Stiúrthóireachta ar an eolas freisin le linn 2015 ag a Grúpa Comhairleach Eolaíochta (comhdhéanta d'ionadaíocht leathan ó phríomhpháirtithe leasmhara i gcúram sláinte in Éirinn chomh maith le saineolaithe modheolaíochta ón réimse HTA).

## 4.2.5 **Líonraí idirnáisiúnta**

### An Líonra Eorpach um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte (EUnetHTA)

D'ainmnigh an Roinn Sláinte HIQA mar an comhlacht Náisiúnta HTA do na tionscadail Ghníomhaíochta Comhpháirteacha ar HTA (EUnetHTA), a fhaigheann maoiniú ón Aontas Eorpach. Is é cuspóir na heagraíochta seo comhoibriú éifeachtach agus inbhuanaithe HTA a bhaint amach, a thugann breisluach ag an leibhéal Eorpach, náisiúnta agus réigiúnach. Rinneadh obair i bhfoirm sraith de Chomhghníomhartha a bhfuil mar chuspóir acu comhoibriú idir-ghníomhaireachta a chothú, aschur HTA a fheabhsú agus dúbláil iarrachtaí a sheachaint. Cuireadh bunú líonra buan uile-Eorpach gníomhaireachtaí HTA ar an eolas leis an obair seo freisin. Tugadh Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2, tionscadal trí bliana a thug le chéile 33 ghníomhaireacht HTA agus táirgeoir institiúideach HTA, chun críche i mí na Nollag 2015. Chuireamar go gníomhach, mar chomhpháirtí comhlach, le trí cinn d'ocht bpacáiste oibre.

Le linn 2015, bhí HIQA ina phríomh-údar de mheasúnú tapa píolótach ar theiripe ion-soithíoch a úsáideann gléasanna trombeachtóime meicniúla do stróc iscéimneach géarmhíochaine. Foilsíodh an tuarascáil seo, comhscríofa leis an Lárionad Idirdhisciplíneach do HTA agus le hOllscoil Sláinte Poiblí Erlangen-Nurnberg, an Ghearmáin, i mí na Nollag 2015 ar láithreán gréasáin EUnetHTA tar éis sraith d'athbhreithnithe inmheánacha agus seachtracha ag léirmheastóirí tiomnaithe piara, saineolaithe leighis seachtracha, déantóirí agus ionadaithe othar. Tá an measúnú comhdhéanta de cheithre réimse: cur síos agus athbhreithniú ar shaintréithe teicniúla na ngléasanna trombeachtóime meicniúla; an fhadhb shláinte agus úsáid reatha na teicneolaíochta; agus athbhreithnithe córasacha ar éifeachtacht chliniciúil agus sábháilteacht na teicneolaíochta, an dá cheann deiridh scríofa ag HIQA. Tugadh faoi deara sa mheasúnú píolótach go léiríonn an fhianaise go bhfuil trombeachtóime mheicniúil trí úsáid a bhaint as gléasanna den dara glúin (steintín aimseadóra) a úsáidtear i gcomhcheangal leis an gcúram caighdeánach (trombalú infhéitheach nuair is cuí) tairbhiúil maidir le galracht agus feidhmiúlacht in othair roghnaithe a bhfuil stróc iscéimneach géarmhíochaine ag baint leo.

Léiríonn an fhianaise freisin go bhfuil trombeachtóime mheicniúil sábháilte maidir le mortlaíocht gach cúise ag 90 lá, rith fola ionchráiniaiche siomptómach agus stróc ischéimeach athfhillteach, i gcomparáid le cúram leighis caighdeánach ina aonar, in othair roghnaithe. Ní raibh fianaise leordhóthanach ann le hinfheidhmeacht na dtorthaí a chinneadh don chohórt othar níos ilchineálaí a bhfuil stróc ischéimeach géarmhíochaine ag baint leo i bhfíorshuíomh agus a d'fhéadfadh a theacht lasmuigh den amscála le haghaidh cóireála agus, nó atá á mbainistiú in institiúidí nó in aonaid neamhspeisialaithe.

Leas-Chathaoirleach an Tionóil Iomlánaigh EUnetHTA agus ball freisin den Choiste Feidhmiúcháin is ea Stiúrthóir HIQA don HTA. Le linn 2015, bhí HIQA i gceannas maidir le nuashonrú dhá threoirlíne mhodheolaíochta agus leis an obair a rinne measúnú ar thionchar an HTA. Chuireamar freisin go forleathan le pleanáil don tríú Gníomhaíocht Chomhpháirteach chun tacú le comhoibriú Eorpach HTA ó 2016 go dtí 2019.

## An Líonra um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte

Tá ionadaíocht ag Éirinn trí Stiúrthóir HTA de chuid HIQA ar an Líonra um Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte. Is líonra buan é seo de ghníomhaireachtaí HTA bunaithe ag an gCoimisiún Eorpach agus an cuspóir leis comhoibriú leanúnach straitéiseach agus eolaíochta a chothú in HTA ar fud an AE.

## Comhoibriú idirnáisiúnta eile

D’fhonn cur lena chumas chun HTAanna d’ardchaighdeán a dhéanamh go héifeachtach, leanann HIQA ag dul i dteagmháil le gníomhaireachtaí HTA eile, ag tógáil caidreamh agus ag giaráil as caidrimh atá ann cheana féin. Áirítear leis sin comhar idir gníomhaireachtaí i measúnuithe leanúnacha agus críochnaithe a chomhroinnt chun dúbláil iarrachta a íoslaghdú. Soláthraíodh dréacht-tuairiscí do ghníomhaireachtaí, agus fuarthas dréacht-tuairiscí uathu freisin, lena n-áirítear Ionad Eolais na hIorua do na Seirbhísí Sláinte ar ábhair amhail éifeachtúlacht na teiripe ocsaigine hipearbaraí agus an vacsaínithe HPV i mbuachaillí. Cuireadh an HTA ar fhéinbhainistíocht ghalair ainsealaigh ar an eolas trí HTA a bhí coimisiúnaithe ag an Institiúid Náisiúnta um Thaighde Sláinte sa Ríocht Aontaithe, agus príomhúdar na tuarascála ag gníomhú mar bhall dár Sainghrúpa Comhairleach. Iarradh freisin ar bhaill de ghníomhaireachtaí HTA eile mar léirmheastóirí piaraí ar mheasúnuithe HIQA agus mar shaineolaithe HTA idirnáisiúnta ar Shainghrúpaí Comhairleacha a thionóil HIQA.

Thug baill na Stiúrthóireachta HTA tuarascálacha agus aiseolas do dhá idirphlé luath comhairle le monaróirí teicneolaíochta tríd an tionscadal Ag Cruthú Idirphlé Luath Eorpach [Shaping European Early Dialogues] (SEED) agus don ghrúpa comhairleach eolaíochta de chuid an Choiste um Tháirgí Leigheasacha Daonna (CHMP). Tá HIQA ina bhall de Mheasúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte idirnáisiúnta (HTAi) agus Líonra Idirnáisiúnta na nGníomhaireachtaí do Mheasúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte (INAHTA). Éascaíonn an dara ceann anseo malartú idirnáisiúnta faisnéise chun oiriúnú HTA a éascú le cur chun feidhme go háitiúil.

Thug Stiúrthóir HTA an cur i láthair iomlánach oscailte ag Cruinniú Bliantúil HTAi in Osló in 2015. Bhí sí ina comhchathaoirleach i roghnúchán na bPainéal Saincheisteanna don 18ú Comhdháil Eorpach Bhliantúil den Chumann Idirnáisiúnta um Thaighde Chógaseacnamaíochta agus Torthaí (ISPOR) i Milano in 2015. Ghlac sí páirt freisin i gCruinniú Comhchéime ISPOR ar HTA. Thug baill den fhoireann HTA cur i láthair póidiam amháin agus trí chur i láthair póstaer ag Comhdháil Eorpach ISPOR, chomh maith le rannchuidiú mar léirmheastóirí tiomnaithe d’achoimrí a cuireadh isteach. Le linn 2015, bhí HTAanna a rinne HIQA ina dtopaicí de dhá pháipéar, agus foilsíodh dhá litir ag foireann HTA in irisí idirnáisiúnta piarmheasúnaithe.

### 4.2.6 **Eitic thaighde**

Tá súil ag HIQA ról nua a ghlacadh, is é sin Comhlacht Maoirseachta de choistí eitice taighde faoin mBille um Fhaisnéis Sláinte agus Sábháilteacht Othar agus faoi reachtaíocht a bhaineann le trialacha cliniciúla ar tháirgí leigheasacha le húsáid an duine.

In 2015, leanamar leis an obair leis an Roinn Sláinte maidir le hábhar an ailt Eitice Taighde den Bhille um Fhaisnéis Sláinte agus Sábháilteacht Othar, agus foilsíodh Scéim Ghinearálta Athbhreithnithe an Bhille seo ar láithreán gréasáin na Roinne Sláinte i mí na Samhna 2015.

Tá athrú suntasach ag teacht ar reachtaíocht trialacha cliniciúla ag an leibhéal Eorpach. Le linn 2015, leanamar lenár rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre an Choimisiúin Eorpaigh agus na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí atá i mbun ullmhaithe do chur i bhfeidhm na reachtaíochta nua.

Le linn 2015 leanamar freisin ag dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara náisiúnta maidir lenár bhfeidhm nua ionchais in eitic thaighde.

# 4.3 Faisnéis Sláinte

D’fhorbraíomar moltaí ar

**ÉIRIM I NDÁIL LE SÁBHÁILTEACHT OTHAR**

**Fuarthas 70**

freagra ar ár gcomhairliúchán poiblí ar Chaighdeáin **Oibreoirí Aitheantóra Sláinte**



Leanamar le caighdeáin a fhorbairt chun tacú le **straitéis ríomhsheirbhísí Sláinte** in Éirinn

Chuireamar comhpháirtíocht ar bun leis an **Roinn Sláinte** agus leis an **FSS**

# 4.3 An Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Sláinte

## 4.3.1 Cúlra

Tá an Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Sláinte comhdhéanta de thrí réimse gnó ar leith; Feabhas ar Cháilíocht na Faisnéise Sláinte, Caighdeáin Teicniúla agus Éirim Ghnó. Dá bhrí sin, tá ár bpáirtithe leasmhara comhdhéanta de pháirtithe leasmhara seachtracha agus den fhoireann HIQA inmheánach.

Faoi alt (8)(1)(k) den Acht Sláinte 2007, tá HIQA freagrach as caighdeáin a leagan síos do gach gné den fhaisnéis sláinte agus as monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán sin. Lena chois sin, faoi alt 8(1)(j), tá sé de chúram HIQA meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na faisnéise atá ar fáil maidir le sláinte agus cúram sóisialta agus moltaí a dhéanamh i ndáil lena cháilíocht a fheabhsú agus bearnaí a líonadh ina bhfuil faisnéis ag teastáil ach gan a bheith ar fáil faoi láthair.

Féachaimid le sábháilteacht othar agus cáilíocht an chúraim a fheabhsú trí chaighdeáin, treoirlínte agus moltaí san fhaisnéis sláinte a fhorbairt. Ina measc siúd tá caighdeáin le haghaidh sainmhínithe, caighdeáin chun faisnéis a chomhroinnt, caighdeáin chun rialachas agus príobháideachas na faisnéise a chinntiú agus caighdeáin chun úsáid, clúdach agus cáilíocht na faisnéise a bharrfheabhsú. Déanaimid monatóireacht leanúnach ar threochtaí i dtíortha eile chun a chinntiú go bhfuilimid ag baint úsáide as modheolaíochtaí éifeachtacha chun eolas a chur ar shábháilteacht othar agus cáilíocht an chúraim agus é sin a fheabhsú.

Tá eolas maidir le hinfhaighteacht, inrochtaineacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht ár seirbhísí sláinte ríthábhachtach i ndáil le córas cúraim sláinte atá iontaofa agus slán. Trí eolas maith a bheith ann agus é sin a úsáid go maith, is féidir cinnteoireacht mhaith a chur i bhfeidhm agus mar thoradh air sin beidh seirbhísí feabhsaithe ann ag leibhéil oibriúcháin agus phleanála.

Tá an Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Sláinte freagrach as anailís a dhéanamh ar cháilíocht agus clúdach reatha na faisnéise sláinte, as bearnaí a aithint agus as moltaí a dhéanamh chun na bearnaí sin a líonadh. Leagamar amach sainmhínithe caighdeánacha ar fhaisnéis, chun comparáideacht bhríoch a chinntiú agus chun cabhrú le dúbláil iarrachta a sheachaint. Tá tábhacht chomhchosúil ag baint le caighdeáin a thacaíonn le cumas a chur ar na córais fhaisnéise sláinte chun comhroinnt éifeachtach na faisnéise sláinte a chur in iúl agus a éascú.

Tá Éirim Ghnó ríthábhachtach maidir le hoibríochtaí a chur ar an an eolas, torthaí a bhailiú, treochtaí a aithint agus ábhar riachtanach a chur ar fáil maidir le hiniúchtaí, léirmheasanna, imscrúduithe agus anailís riosca. Oibríonn an fhoireann Éirim Ghnó chun a chinntiú go mbaintear an tairbhe is mó as na sonraí taobh istigh d’fhoinsí HIQA agus seachtracha ar féidir leo cláir oibre fheabhsaithe cháilíochta agus rialacháin HIQA a chur ar an eolas agus iad sin a fheabhsú.

## 4.3.2 **Cáilíocht na faisnéise sláinte a fheabhsú**

### 4.3.2.1 **Moltaí ar chomhordú éirime sábháilteachta othar in Éirinn**

Ag leanúint ó thuarascáil 2014 ó Phríomhoifigeach Leighis na Roinne Sláinte ar bhásanna imbhreithe in Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise, d'fhorbair an Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Sláinte moltaí maidir le héirim na sábháilteachta othar in Éirinn a chomhordú.

### 4.3.2.2 **Athbhreithniú idirnáisiúnta ar chórais fhaireachais um shábháilteacht othar**

Chun moltaí ar shábháilteacht othar a chur ar an eolas, rinneamar athbhreithniú idirnáisiúnta ar chórais fhaireachais um shábháilteacht othar le linn 2015. Léiríonn an t-athbhreithniú idirnáisiúnta fianaise nua ar chórais tuairiscithe agus foghlama le haghaidh eachtraí sábháilteachta othar san Eoraip. Scrúdaíonn sé na cineálacha cur chuige ar glacadh leo i gceithre dhlínse agus réigiún idirnáisiúnta, arb iad British Columbia (Ceanada), an Danmhairg, Sasana agus Albain. Tá éagsúlacht de chuir chuige ann maidir le heachtraí sábháilteachta othar a thuairisciú. Baineann Sasana agus an Danmhairg úsáid as córais náisiúnta tuairiscithe agus foghlama, agus tá córais chúige dea-bhunaithe i gCeanada, amhail Córas Foghlama agus Sábháilteachta Othar de chuid British Columbia.

Ba phríomhthéama a tháinig chun cinn é an tábhacht a bhaineann le hÉirim um shábháilteacht othar a chomhordú agus a chomhroinnt. Mar shampla, sa tSeirbhís Náisiúnta Sláinte (NHS) i Sasana, cuireadh Grúpaí Faireachais Cháilíochta ar bun chun faisnéis agus éirim ar shábháilteacht othar ó phríomheagraíochtaí a chomhroinnt lena chinntiú go n-oibríonn codanna éagsúla na seirbhíse le chéile agus go soláthraíonn siad comhthuairimí ar rioscaí don chaighdeán. Cuireadh líonra ar a dtugtar "an Grúpa Comhroinnte Éirime le haghaidh Sláinte agus Cúraim" ar bun in Albain in 2014.

Cuireadh torthaí an athbhreithnithe idirnáisiúnta seo faoi bhráid mar phóstaer ag an gComhdháil Náisiúnta um Shábháilteacht Othar agus mar chur i láthair béil ag comhdháil Chumann Sláinte Faisnéisíochta na hÉireann (HISI), i mí na Samhna 2015.

### 4.3.2.3 **Anailís 'Mar atá' ar chórais agus struchtúir um shábháilteacht othar in Éirinn**

Rinne an Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Sláinte anailís 'Mar atá' freisin ar chórais agus struchtúir um shábháilteacht othar le linn 2015. Rinneadh san anailís seo na córais atá i bhfeidhm faoi láthair a dhoiciméadú maidir le tuairisciú, anailís agus cur chun feidhme na foghlama ó eachtraí sábháilteachta othar agus ó theagmhais dhíobhálacha ag an leibhéal náisiúnta. Aithníonn an tuarascáil foinsí reatha faisnéise náisiúnta sábháilteachta othar, amhail an Córas Náisiúnta um Bainistíocht Teagmhas (NIMS) atá ag dul isteach faoi láthair i gcéim a dó den chur chun feidhme. Toradh tábhachtach amháin a aithníodh ab ea an gá atá le rialachas agus comhordú na héirime náisiúnta sábháilteachta othar in Éirinn. Cé go ndéanann go leor gníomhaireachtaí aonair sonraí agus faisnéis sábháilteachta othar a bhailiú, níl sé sin mar chuid de phróiseas foriomlán de chomhroinnt éirime chun próifíl riosca a chruthú don chóras cúraim sláinte.

### 4.3.2.4 Forbairt na moltaí ar chomhordú na héirime sábháilteachta othar

Ar chríochnú na ndoiciméad seo, tionóladh Sainghrúpa Comhairleach chun saintuairim a rochtain maidir le faireachas sábháilteachta othar in Éirinn. Tionóladh dhá chruinniú an ghrúpa chomhairligh chun cabhrú le moltaí tugtha chun críche ar chomhordú na héirime sábháilteachta othar in Éirinn a fhorbairt. Tá na trí dhoiciméad (na moltaí tugtha chun críche, an t-athbhreithniú idirnáisiúnta agus an anailís 'Mar atá') le foilsiú go luath in 2016.

### 4.3.2.5 Creat measúnaithe agus breithiúnais chun monatóiriú i gcoinne caighdeán le haghaidh bailiúchán sonraí náisiúnta sláinte agus cúraim shóisialta

Le linn 2015, chuireamar tús le cleachtadh scóipe creat measúnaithe agus breithiúnas agus próisis tacaíochta maidir le monatóiriú i gcoinne caighdeáin le haghaidh bailiúchán sonraí náisiúnta sláinte agus cúraim shóisialta a fhorbairt. Is é atá i gceist leis an tionscadal ná próisis inmheánacha a fhorbairt chun tacú le cur chuige monatóireachta HIQA i gcoinne caighdeán le haghaidh bailiúchán sonraí náisiúnta sláinte agus cúraim shóisialta. Leanfar leis an obair seo in 2016.

### 4.3.2.6 Líonraí Idirnáisiúnta

Chuir an Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Sláinte go mór le hobair Thionscnamh Clárlann Othar ("PARENT") de chuid an Aontais Eorpaigh (AE) mar chomhpháirtí comhoibrithe. Tugadh obair an Chomhghnímh AE seo chun críche le linn 2015, leis an gcruinniú deireanach ar siúl in Valencia i nDeireadh Fómhair 2015, ar fhreastail ball dár bhfoireann air.

Ba é cuspóir an Chomhghnímh PARENT tacú le ballstáit an AE i gclárlanna inchomparáide agus idir-inoibritheacha othar a fhorbairt i réimsí a bhfuil tábhacht aitheanta ag baint leo (mar shampla, galair ainsealacha, galair annamha agus teicneolaíocht mhíochaine). Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal forbairt agus rialachas na gclárlann othar a réasúnú agus a chomhchuibhiú, rud a éascódh anailís ar shonraí tánaisteacha ar chuspóirí sláinte an phobail agus taighde. Aithníodh go bhfuil feabhsuithe in úsáid sonraí clárlann sláinte atá ann faoi láthair, chomh maith le feabhsuithe i sonraí a phróiseáil óna bhfoinsí príomha ina gcomhpháirteanna riachtanacha chun an cuspóir seo a bhaint amach.

Bhí Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Sláinte de chuid HIQA ina comhoibrí tábhachtach sa tionscadal agus chuir méid ollmhór le táirgí insoláthartha deiridh an Chomhghnímh, lena n-áiríodh forbairt 'Clárlann na gClárlann' ar fud na hEorpa agus *Treoirlínte agus moltaí modheolaíocha le haghaidh rialachas éifeachtúil agus réasúnach clárlann othar*, ina raibh uirlis Wiki éasca le húsáid chun rochtain a fháil ar na treoirlínte. Tá naisc chuig gach ceann de na doiciméid PARENT ar fáil ag **www.patientregistries.eu.he**

#### 4.3.2.7 An Bille Um Fhaisnéis Sláinte agus Sábháilteacht Othar

D'fhaomh an Rialtas dréachtú an Bhille um Fhaisnéis Sláinte agus Sábháilteacht Othar ar 10 Samhain 2015. Is é seo píosa ríthábhachtach reachtaíochta a chuirfidh an creat dlíthiúil ar bun chun cur ar chumas HIQA a chuid oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh maidir le faisnéis sláinte, i measc feidhmeanna eile. Chuir an Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Sláinte go mór le cumadh an Bhille seo.

Maidir le faisnéis sláinte, beidh ról foirmiúil againn maidir le caighdeáin a leagan síos ar 'chláir mheaitseála sonraí forordaithe' agus 'acmhainní faisnéise sláinte forordaithe' agus déanfaimid monatóireacht freisin ar chomhlíonadh na gcaighdeán seo, mar atá leagtha amach sa Scéim Ghinearálta.

Táthar ag súil go ndéanfar an Bille tugtha chun críche a dhréachtú le linn 2016.

### 4.3.3 Caighdeáin teicniúla

#### 4.3.3.1 ríomhsheirbhísí Oideasaithe agus aistriú leictreonach oideas

Aithníodh ríomhsheirbhísí oideasaithe sa tStraitéis ríomhsheirbhísí Sláinte Náisiúnta (2013) mar phríomhthosaíocht d'Éirinn. Rinneadh na buntáistí a bhaineann le tionscnaimh ríomhsheirbhísí oideasaithe a dhoiciméadú agus baineann líon tíortha atá ag méadú úsáid as ríomhsheirbhísí oideasaithe agus as aistriú leictreonach na n-oideas. Ar na buntáistí a bhaineann le ríomhsheirbhísí oideasaithe ná laghdú in earráidí cógais, oidis agus trasc-scríofa, agus feabhas dá réir ar shábháilteacht othar.

Tá an cruthú d'ilchaighdeáin ag teastáil chun tacú le feidhmiú d'aistriú leictreonach oideas, lena n-áirítear catalóg thagartha leictreonaí táirgí leigheasaí, agus caighdeáin teachtaireachtaí agus doiciméad chun an fhaisnéis a shainmhíniú ar chóir a bheith tarchurtha idir oideasóir agus dáileoir.

In Eanáir 2015, d'fhoilsíomar dhá chaighdeán sa chatagóir seo, an *Data model for an electronic medicinal product reference catalogue – a National Standard agus an ePrescription dataset and clinical document architecture standard*.

Is í catalóg thagartha mhíochaine tháirge leictreonach ná foclóir leictreonach de mhíochainí atá ar fáil le hoideasú agus le dáileadh. Tá sé mar aidhm leis an gcatalóg cur chuige comhsheasmhach a sholáthar maidir le haithint agus le hainmniú leigheasanna oideasaithe agus dáilte. Is éard atá i múnla sonraí cur síos foirmiúil ar na ranganna agus ar na tréithe a bhaineann le cás-úsáid ar leith, sa chás seo catalóg de tháirgí míochaine. Soláthraíonn samhlacha sonraí struchtúr do shonraí a úsáidtear laistigh de chórais fhaisnéise agus soláthraíonn siad sainmhínithe foirmiúla i ndáil le struchtúr na sonraí.

Is é an cuspóir leis an tacar sonraí ríomhsheirbhísí oideasaithe agus caighdeán ailtireachta doiciméad cliniciúil ná caighdeán a chur ar fáil le tacar sonraí ríomhsheirbhísí oideasaithe a chruthú agus ina dhiaidh sin an tsonraíocht le haghaidh oidis leictreonaigh is féidir a mhalartú idir cúram príomhúil agus cógaslanna pobail a shainmhíniú.

### 4.3.3.2 Rialachas Faisnéise agus Caighdeáin Bhainistíochta don Oibreoir Aitheantóirí Sláinte

Foráiltear san Acht um Aitheantóirí Sláinte 2014 an reachtaíocht do dhá chlár náisiúnta a bhunú: Clár Náisiúnta na nAitheantóirí Aonair Sláinte agus Clár Náisiúnta na Aitheantóirí Soláthraithe Seirbhíse Sláinte. I gClár Náisiúnta na nAitheantóirí Aonair Sláinte, beidh aitheantóir aonair sláinte (IHI) agus eolas déimeagrafach gaolmhar do gach duine a úsáideann, nó a d'fhéadfadh a úsáid, seirbhís sláinte in Éirinn. I gClár Náisiúnta na nAitheantóirí Soláthraithe Seirbhíse Sláinte, beidh aitheantóir soláthraí seirbhísí sláinte (HSPI) do gach soláthraí seirbhísí sláinte a thairgeann seirbhísí sláinte in Éirinn.

D'fhoilsigh HIQA *Information Governance and Management Standards for the Health Identifiers Operator* i mí Iúil 2015. Tacaíonn na caighdeáin seo an tabhairt isteach d'aitheantóirí sláinte i gcóras sláinte na hÉireann trí rialachas faisnéise agus caighdeáin bhainistíochta a sholáthar nach mór do na hoibreoirí aitheantóirí sláinte a chur i bhfeidhm. Trí na caighdeáin seo a chur chun feidhme, cuirfear muinín chun cinn i measc úsáideoirí seirbhísí agus soláthróirí seirbhísí sláinte go bhfuil na Cláir Náisiúnta curtha ar bun i gcomhréir leis an dlí agus de réir an chleachtais is fearr. Ina dhiaidh sin, cruthaíonn sé seo muinín gur féidir na soláthraithe seirbhísí sláinte a aithint go huathúil agus is féidir leo siúd na húsáideoirí seirbhíse dá soláthraíonn siad seirbhísí a aithint go huathúil, as a dtagann sa deireadh feabhsuithe i sábháilteacht othar.

Roghnaíomar ceithre théama iomchuí le cur san áireamh sna caighdeáin seo, a bhí curtha in oiriúint ó chreat HIQA le haghaidh forbartha caighdeán. Ba iad na téamaí a roghnaíodh na cinn seo a leanas:

- dírithe ar an duine
- ceannaireacht, rialachas agus bainistíocht
- úsáid faisnéise
- lucht saothair.

Deartar na ceithre théama seo le bheith ag obair le chéile. Le chéile, déanann siad cur síos ar conas a sholáthraíonn na hoibreoirí aitheantóra sláinte seirbhís ardchaighdeáin, sábháilte agus iontaofa d'úsáideoirí seirbhíse agus do sholáthraithe seirbhísí sláinte.

### 4.3.3.3 Caighdeáin Náisiúnta um Thacair Shonraí Dhiagnóise agus Fhrithghníomhaithe Dhíobhálaigh agus um Theimpléid Ailtireachta Doiciméad Cliniciúil (CDA)

Braitheann cúram sláinte agus sóisialta atá sábháilte agus iontaofa ar rochtain ar, agus ar úsáid faisnéise atá cruinn, bailí, iontaofa, tráthúil, ábhartha, soléite agus iomlán. Tugtar breac-chuntas ar an bhforbairt d'achoimrí othair, achoimrí scaoilte leictreonacha, atreoraithe leictreonacha agus cineálacha doiciméad eile, amhail doiciméid eríomhsheirbhísí oideasaithe sa tStraitéis ríomhsheirbhísí Sláinte náisiúnta (2013) mar réimse príomhthosaíochta chun tacú le feidhmiú na dtionscnamh ríomhsheirbhísí Sláinte, go háirithe taifead sláinte leictreonach d'Éirinn.

Cuidíonn forbairt na dtacar sonraí caighdeán náisiúnta le caighdeánú ar an gcaoi a ndéantar faisnéis a thaifeadadh agus éascaíonn comhroinnt níos éasca d'fhaisnéis laistigh agus idir na seirbhísí sláinte agus na seirbhísí cúraim shóisialta. Tá na tacair shonraí dhiagnóise agus fhrithghníomhaithe díobhálacha mar chuid de shraith shonraíochtaí sonraí atá á forbairt faoi láthair ag HIQA chun tacú le caighdeánú na n-achoimrí othar náisiúnta.

Is é cuspóir an tionscadail seo tacair shonraí, sonraíochtaí teicniúla agus teimpléid CDA[2] a fhorbairt le haghaidh diagnóise agus frithghníomhaithe díobhálacha. Is céim thábhachtach í forbairt na dtacar sonraí caighdeánacha agus na dteimpléad CDA i ndáil le seachadadh cúram sábháilte, dírithe ar an duine a fheabhsú. Is é an buntáiste is mó le teimpléid CDA a fhorbairt ná gur féidir iad a athúsáid le linn cineálacha éagsúla d'achoimrí othar. Mar shampla, is féidir teimpléad CDA a shainmhíniú uair amháin agus ansin é a úsáid i ndoiciméad atreoraithe othar agus i ndoiciméad achomair scaoilte othar. Déanfar na caighdeáin seo a fhoilsiú go luath in 2016.

#### 4.3.3.4 *Athbhreithniú* ar *National Standard Demographic Dataset and Guidance for use in health and social care settings in Ireland (2013)*

In 2012, d'aithin HIQA agus roinnt páirtithe leasmhara an easpa tacar sonraí náisiúnta déimeagrafach caighdeánach mar easnamh ríthábhachtach in earnáil shláinte agus chúraim shóisialta na hÉireann. Ag an am sin ní raibh aon treoir caighdeánaithe nó comhaontaithe ar bhailiú sonraí déimeagrafacha. Mar thoradh ar an easpa tacar sonraí náisiúnta déimeagrafach, rinne gach soláthraí sláinte agus cúraim shóisialta a gcuid rialacha féin a dhearadh do na heilimintí sonraí ar mhian leo a bhailiú ar gach duine aonair. Ba í éagsúlacht sna cuir chuige maidir leis na gnéithe sonraí a bailíodh an toradh air sin, chomh maith le formáidí na ngnéithe sin, agus an fhéidearthacht ann le haghaidh go leor iomalartaithe agus teaglamaí do gach eilimint sonraí. In 2013, d'fhoilsigh HIQA *National Standard Demographic Dataset and Guidance for use in health and social care settings in Ireland*.

Mar thoradh ar thuairimí a fuarthas i ndáil leis an *National Standard Demographic Dataset and Guidance for use in health and social care settings in Ireland (2013)*, leis an Acht um Aitheantóirí Sláinte (2014) agus le postchóid a thabhairt isteach go náisiúnta in 2015, rinneamar athbhreithniú ar an gCaighdeán. Rinneadh dréacht-dhoiciméad le haghaidh comhairliúcháin agus rinneadh comhairliúchán poiblí air seo go déanach in 2015. Fuarthas breis agus 40 aighneacht agus rinneadh anailís orthu siúd, agus chuir siad le forbairt *Revision of the National Standard Demographic Dataset and Guidance for use in health and social care settings in Ireland*, rud a fhoilseofar go luath in 2016.

### 4.3.4 Éirim Ghnó

In 2015, chuir HIQA tús le cur i bhfeidhm a straitéise um Éirim Ghnó.

Bhain ceann de chomhpháirteanna móra na straitéise seo le "úsáid a bhaint as na huirlisí ceart chun faisnéis a chur ar fáil".

---

2 Is caighdeán aitheanta go hidirnáisiúnta iad na Caighdeáin Ailtireachta Doiciméad Cliniciúil atá sonrach do chúram sláinte agus sainmhíníonn siad conas is féidir faisnéis a chomhroinnt idir córais fhaisnéise na gcleachtóirí cúraim shláinte i gcaighdeán.

Le linn na bliana, d'fhorbair an fhoireann um Éirim Ghnó sraith mhór de thuarascálacha rialála, rud a chuir tús leis an bpróiseas tuarascálacha a chruthú a léiríonn faisnéis ar shlí chomhsheasmhach chun cultúr a bhaineann le húsáid faisnéise a fhorbairt agus a chur chun cinn agus chun luach níos fearr a fháil as an bhfaisnéis sin.

Lena chois sin, chuir an fhoireann Éirim Ghnó tús le próiseas chun cabhrú leis an bhfoireann a bheith níos féinleorga trí shamhlacha sonraí agus uirlis sonraí féinseirbhíse a sholáthar d'úsáideoirí cumhachta. Chuir sé sin ar chumas na n-úsáideoirí sonraí a chur isteach agus a n-anailís féin a ghiniúint, rud a thugann tuilleadh léargais dóibh ar ár bhfoinsí saibhre sonraí corparáideacha. D'fhorbair an fhoireann Éirim Ghnó deaiseanna agus tuarascálacha freisin chun tacú le foireann na bpáistí den chéad uair, agus le haghaidh tuairiscithe airgeadais, riosca agus feidhmíochta.

### 4.3.4.1 Suirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar

In 2014, rinneamar athbhreithniú idirnáisiúnta chun a aithint conas a úsáideann rialtóirí idirnáisiúnta sonraí. Aithníodh san athbhreithniú go bhfuil sonraí eispéiris othar ina n-athróga ionadacha den scoth maidir le caighdeán an chúraim a fhaigheann othair.

Mar thoradh ar na torthaí sin, rinneamar athbhreithniú mionsonraithe ar an tsamhail eispéiris othar agus ar na modheolaíochtaí atá i bhfeidhm go hidirnáisiúnta. Fuarthas san athbhreithniú go meastar gur dea-chleachtas é suirbhé náisiúnta eispéiris othar a dhéanamh agus gurb é cur chuige comhpháirtíochta an múnla is éifeachtaí agus is éifeachtúla a bheith i bhfeidhm.

Comhaontaíodh cur chuige comhpháirtíochta leis an Roinn Sláinte agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), agus HIQA mar an príomh-chomhpháirtí. D'fhorbair HIQA agus an FSS cás gnó a léirigh an tiomantas acmhainní atá ag teastáil chun rath an tionscadail a chinntiú. Cuireadh an cás gnó faoi bhráid Phríomhoifigeach Leighis na Roinne Sláinte, Ard-Stiúrthóra an FSS agus Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin HIQA i mí Lúnasa 2015. Cuireadh an cás gnó deiridh faoi bhráid na Roinne Sláinte i mí Dheireadh Fómhair 2015.

Cuireadh na torthaí ón athbhreithniú idirnáisiúnta i láthair ag comhdháil 2015 de chuid Chumann Faisnéisíochta Sláinte na hÉireann. Foilseofar an t-athbhreithniú idirnáisiúnta ar an tsamhail agus ar an modheolaíocht a úsáideadh chun Suirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar a chur chun feidhme in 2016.

Leanfar leis an obair in 2016, agus cuirfear an fhoireann lárnach ar bun agus forbrófar an tsamhail agus an mhodheolaíocht chun éispéiris náisiúnta othar in Éirinn a chur chun feidhme.

# 4.4 Feabhsú Sábháilteachta agus Cáilíochta

Chuireamar chun cinn Tábhacht




do sholáthróirí seirbhíse


Sheachadamar oiliúint I bhfeabhsú cáilíochta do níos mó ná

**200**



Foireann seirbhís chúraim shláinte agus shóisialta

Thosaíomar forbairt chaighdeáin







cóip dár dtreoirdhoiciméid ag an **gComhdháil Náisiúnta um Shábháilteacht Othar**

# 4.4 Sábháilteacht agus Cáilíocht a Fheabhsú

## 4.4.1 Cúlra

Thug an Stiúrthóireacht um Shábháilteacht agus Cáilíocht a Fheabhsú a tríú bliain iomlán d'obair chun críche in 2015. I rith na bliana, d'fhorbraíomar caighdeáin maidir le cáilíocht agus sábháilteacht, agus rinneamar cultúr de shábháilteacht agus cáilíocht othar a thacú agus a chur chun cinn ar fud an chórais chúraim shláinte agus shóisialta in Éirinn agus laistigh di.

Trí chaighdeáin náisiúnta agus treoir i gcomhairle le páirtithe leasmhara a fhorbairt agus trí chlár a sholáthar chun acmhainn a thógáil i modheolaíochtaí feabhsaithe cáilíochta agus uirlisí don fhoireann túslíne, chuireamar cáilíocht agus sábháilteacht chun cinn. Bhí na tionscnaimh seo dírithe ar chuidiú leis an gcóras chun cultúr d'fheabhsú cáilíochta agus sábháilteachta othar leanúnach a thógáil.

## 4.4.2 Achoimre ar ghníomhaíochtaí le linn 2015:

- Chuireamar an fhorbairt um Chaighdeáin Náisiúnta Cháilíochta athbhreithnithe do Dhaoine Scothaosta chun cinn.
- Rinneamar Caighdeáin Náisiúnta d'Aonaid Sainchúraim a fhorbairt. Tar éis comhairliúcháin phoiblí, d'fhaomh ár mBord na Caighdeáin agus cuireadh faoi bhráid an Aire Sláinte iad le faomhadh. Foilsíodh na Caighdeáin i Márta 2015.
- Leanamar lenár n-athbhreithniú ar na Caighdeáin Náisiúnta Cháilíochta maidir le hIonfhabhtuithe Bainteach le Cúram Sláinte a Chosc agus a Rialú. Tabharfar é sin chun críche in 2016.
- Chuireamar tús le Caighdeáin Náisiúnta a fhorbairt maidir le Seirbhísí Máithreachais Níos Sábháilte agus Níos Fearr, agus tá sé beartaithe iad siúd a fhoilsiú in 2016.
- Chuireamar tús le Caighdeáin Náisiúnta a fhorbairt maidir le hEachtraí Sábháilteachta Othar a Fhógairt agus a Bhainistiú agus tá sé beartaithe go dtabharfar ceann amháin ar a laghad de thrí chomhpháirt na gCaighdeán seo chun críche in 2016.
- Rinneamar doiciméid treoracha maidir le Cumarsáid i mBéarla Soiléir a fhoilsiú do sholáthraithe seirbhísí do dhaoine fásta agus do leanaí chun tacú leis an tslí a gcuirtear faisnéis chriticiúil in iúl do dhaoine a úsáideann seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.
- D'oibríomar i gcomhar leis an gCoiste Náisiúnta um Éifeachtúlacht Chriticiúil (NCEC) chun na Critéir Náisiúnta Dearbhaithe do Threoirlínte Cliniciúla a athbhreithniú.
- In 2015, rinneamar an bhliain dheiridh de chlár oiliúna ar líne ar fheabhsú cáilíochta a sheachadadh do bhreis agus 200 duine aonair ón nGníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh (TUSLA), dár bhfoireann féin in HIQA, don fhoireann sna grúpaí ospidéil a bunaíodh go déanach agus do roinnt cleachtas dochtúirí ginearálta (GP) mar iarracht cultúr sábháilteacht othar agus feabhsú cáilíochta ar fud an chórais sláinte agus an chúraim shóisialta a thacú agus a chur chun cinn go gníomhach.

- Ghlacamar páirt i Líonra an Aontais Eorpaigh maidir le Sábháilteacht Othar agus Cáilíocht an Chúraim (PaSQ). Mar an Pointe Teagmhála in Éirinn, rinneamar naisc le príomhpháirtithe leasmhara chun dea-chleachtas ag an leibhéal náisiúnta agus áitiúil a shainaithint agus rinneamar na tionscnaimh a chomhroinnt le PaSQ.

### 4.4.3 **Caighdeáin Náisiúnta: forbairt agus athbhreithniú**

**1** Ar iarratas ón Roinn Sláinte, d'fhorbraíomar in 2015 Measúnú Tionchair Caighdeán ar na *Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta um Sheirbhísí Cúram Chónaitheach don Scothaosta* athbhreithnithe. Bhí na Caighdeáin seo faomhaithe ag an mBord roimhe sin agus cuireadh faoi bhráid an Aire Sláinte iad in 2014. Is athbhreithniú iad na Caighdeáin ar ár *gCaighdeáin Cháilíochta Náisiúnta um Sheirbhísí Cúram Chónaitheach don Scothaosta (2009)* agus rinneadh iad a fhorbairt mar fhreagairt ar na rialacha nua a cuireadh chun feidhme faoin Acht Sláinte 2007. I mí na Samhna 2015, fuarthas litir ón Aire ina n-aithníodh athrú ar bheartas agus a cheadaigh síneadh ama cúig bliana chun riachtanais fhisiceacha na gCaighdeán bunaidh 2009 a chomhlíonadh. Léiríodh an t-athrú seo sna *Chaighdeáin Cháilíochta Náisiúnta um Sheirbhísí Cúram Chónaitheach don Scothaosta* athbhreithnithe, agus cuireadh faoi bhráid an Aire é athuair i mí na Nollag 2015. Tá sé beartaithe na Caighdeáin athbhreithnithe a fhoilsiú in 2016. Tá sé beartaithe go reáchtálfar íosmhéid de thrí cheardlann faisnéise réigiúnach le soláthraithe seirbhísí ar na Caighdeáin nua ar a bhfoilsiú.

**2** Tar éis faomhadh ón Aire, rinneadh na *National Standards for Special Care Units a fhoilsiú* i Márta 2015.

**3** Leanamar leis an athbhreithniú ar na *Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta um Sheirbhísí Cúram Chónaitheach don Scothaosta* . Leanfar leis an obair seo le cruinnithe Ghrúpa Comhairleach Caighdeán agus tá sé beartaithe go dtabharfar chun críche iad faoi dheireadh 2016 le cur faoi bhráid an Aire Sláinte.

**4** Chuireamar tús le Caighdeáin Náisiúnta do Sheirbhísí Máithreachais Níos Sábháilte agus Níos Fearr a fhorbairt, agus tá sé beartaithe iad a thabhairt chun críche in 2016. Bhí cruinniú ag an nGrúpa Comhairle Caighdeán ar dhá ócáid in 2015. Tionóladh grúpaí fócais i seacht láithreán ar fud na tíre ina raibh 138 rannpháirtí ó fhoirne ildisciplíneacha, lena n-áirítear mná agus a gcomhpháirtithe a d'úsáid seirbhísí máithreachais in Éirinn.Tá na Caighdeáin ailínithe go dlúth leis an Straitéis Náisiúnta Máithreachais a bhí á forbairt ag an Roinn Sláinte le linn 2015. Cuirfear comhairliúchán poiblí ocht seachtaine ar bun ar na Caighdeáin seo, agus cuirfear iad faoi bhráid an Aire lena bhfaomhadh faoi Lúnasa 2016.

**5** Chuireamar tús le Caighdeáin Náisiúnta a fhorbairt maidir le hEachtraí Sábháilteachta Othar a Fhógairt agus a Bhainistiú. Is é seo an chéad uair go ndéanfaidh an HIQA agus an Coimisiún um Shláinte Mheabhrach na Caighdeáin a chomhfhorbairt, agus déanfar na Caighdeáin a fhorbairt i dtrí chomhpháirt ar dtús – 1. Nochtadh Oscailte, 2. Tuairisciú Imeachtaí Tromchúiseacha Intuarascála agus 3. Stiúradh Athbhreithniithe tar éis Eachtra Sábháilteachta Othar. Tá sé beartaithe go dtabharfar comhpháirt 3, Stiúradh Athbhreithnithe tar éis Eachtra Sábháilteachta Othar, chun críche faoi mhí na Nollag 2016.

### 4.4.4 Caighdeáin Náisiúnta: tuiscint a chur chun cinn

Leanamar ag tacú le seirbhísí chun ullmhú le haghaidh cur chun feidhme na gcaighdeán agus chun tuiscint i measc soláthraithe a chur chun cinn. D'éascaíomar é sin trí gach ceann de na caighdeáin náisiúnta a chur i láthair ag comhdhálacha agus ceardlanna eagraíochtúla agus gairmiúla ar fud na tíre. Chuir an rannpháirtíocht seo grúpaí agus earnálacha ar leith ar an eolas faoi conas na caighdeáin seo a chur chun feidhme ina gcuid seirbhísí ar leith. Rinneamar naisc freisin le spriocghrúpaí, lena n-áirítear dochtúirí ginearálta, tithe altranais agus seirbhísí míchumais chun feasacht ar na caighdeáin agus ar an tacaíocht a chuirimid ar fáil do sholáthróirí seirbhíse a chur chun cinn.

### 4.4.5 Treoir chun tacú le cur chun feidhme na gCaighdeán Náisiúnta

Lean HIQA le treoirdhoiciméid ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta ainmnithe a fhorbairt le linn 2015 chun cabhrú le soláthraithe seirbhíse caighdeáin náisiúnta a thuiscint agus a ghlacadh. Soláthraíonn na doiciméid treoracha seo comhthuiscint agus teanga d'úsáideoirí seirbhísí, d'othair agus do sholáthraithe seirbhíse ar an tslí ina bhfuil na caighdeáin náisiúnta i bhfeidhm sna seirbhísí go léir sláinte agus cúraim shóisialta.

I rith na bliana, d'fhoilsíomar agus sheolamar treoirdhoiciméad *Communicating in Plain English* do sholáthraithe seirbhísí do dhaoine fásta agus do leanaí chun tacú leis an mbealach ina gcuirtear eolas criticiúil in iúl do dhaoine a úsáideann seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann.

Thugamar obair chun críche freisin ar *Framework for Good Practice in Promoting People's Autonomy* a fhoilseofar go luath in 2016.

Tá na treoirdhoiciméid seo ina gcabhrú le daoine atá ag obair sa tseirbhís i ndáil lena dtuiscint conas comhlíonadh a bhaint amach leis na caighdeáin náisiúnta éagsúla. In 2015, lean HIQA lena obair ar phróiseas leanúnach athbhreithnithe agus rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara ábhartha chun an treoir seo a nuashonrú agus chun réimsí a d'fhéadfadh treoir níos sainiúla a bheith ag teastáil uathu a aithint.

Scaipeamar 500 cóip dár treoirdhoiciméid ag an gComhdháil Náisiúnta um Shábháilteacht Othar i mí na Samhna 2015.

### 4.4.6 Ag tacú le soláthróirí

Le linn 2015, chuireamar an bhliain deireanach de chlár tacaíochta ar fáil don fhoireann líne tosaigh trí chlár feabhsaithe cáilíochta a reáchtáil leis an Institiúid um Fheabhsú Chúram Sláinte. Soláthraítear leis an gclár oiliúna oideachas in uirlisí eolaíochta feabhsúcháin cáilíochta agus modheolaíochtaí. Is eagraíocht neamhbhrabúis í an Institiúid um Fheabhsú Chúram Sláinte i Stáit Aontaithe Mheiriceá a bhfuil mar aidhm léi feabhsú i gcúram sláinte a chur chun cinn ar fud an domhain.

Is é HIQA an mol don Scoil Oscailte Réigiúnach in Éirinn de chuid na hInstitiúide um Fheabhsú Chúram Sláinte. Sholáthair an Scoil Oscailte de chuid na hInstitiúide um Fheabhsú Chúram Sláinte cúrsaí ar líne ar eolaíocht feabhsaithe cáilíochta a bhí deartha ag comhaltaí dáimhe de chuid na hInstitiúide um Fheabhsú Chúram Sláinte le trí bliana anuas. Tríd an Scoil Oscailte, foghlaimíonn gairmithe cúram sláinte ó gach disciplín modheolaíocht fheabhsaithe cháilíochta agus faigheann siad uirlisí praiticiúla chun cabhrú leo feabhsuithe inbhuanaithe ina gcuid seirbhísí a fhorbairt.

Le linn 2015, chláraigh breis agus 200 duine le clár oiliúna na hInstitiúide um Fheabhsú Chúram Sláinte a bhí curtha ar fáil ag HIQA, agus bronnfar teastais ar chéimithe an chúrsa ag imeachtaí bronnta céime go luath in 2016.

### 4.4.7 Comhoibriú le gníomhaireachtaí an rialtais

Oibrímid i gcomhar leis an gCoiste Náisiúnta um Éifeachtúlacht Chliniciúil (NCEC) chun athbhreithniú a dhéanamh ar *Critéir Dhearbhaithe Náisiúnta um Threoirlínte Cliniciúla (National Assurance Criteria for Clinical Guidelines).*

### 4.4.8 Gníomhaíochtaí idirnáisiúnta

Is é HIQA an pointe teagmhála náisiúnta d’Éirinn sa Chomhghníomh – Líonra an Aontais Eorpaigh um Shábháilteacht Othar agus Cáilíocht Chúraim (PaSQ). Cuireadh tús le PaSQ ar 1 Aibreán 2012 agus is tionscadal trí bliana é.

In 2015, d’éascaigh HIQA roinnt cruinnithe eolais náisiúnta ilpháirtithe leasmhara maidir le PaSQ le fiosrú conas is féidir le páirtithe leasmhara agus HIQA oibriú le chéile agus cur leis an gcomhghníomh. Cuireadh seacht gcinn de dhea-chleachtas áitiúil agus náisiúnta chuig PaSQ le cur ar a láithreán gréasáin in 2015.

### 4.4.9 Rannpháirtíocht úsáideoirí serbhísí

Bhuail an Painéal Náisiúnta Gaolta, atá comhdhéanta de chairde agus gaolta na ndaoine a bhfuil cónaí orthu in ionaid ainmnithe, le HIQA roinnt uaireanta le linn 2015. D’fhorbair an painéal nuachtlitir REACH i rith 2015, atá deartha chun eolas agus cumhacht a sholáthar do theaghlaigh agus do chairde na ndaoine in ionaid chúraim chónaithe ar dhea-chleachtas i gcúram cónaitheach. Oibríonn an Painéal Náisiúnta Gaolta go dlúth freisin linn maidir le haiseolas a sholáthar ar chaighdeáin agus treoir, agus feidhmíonn baill mar thacadóirí do ghaolta a bhfuil cónaí orthu i saoráidí cúraim chónaithigh.

# 4.5 Seirbhísí Corparáideacha

**31** **post nua earcaithe**

Laghdaíodh **ídiú fuinnimh** ag **46.8%**

Gnóthaig HIQA

**Sármhaitheas Trí Dhaoine Dhaoine**

gradam HIQA ón **Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann**

NSAI

**93%** mar sholáithróirí ionad don scothaosta a chláraigh chun ár **dTairseach Soláthraithe a úsáid**

## 4.5 **Seirbhísí Corparáideacha**

Cinntíonn Seirbhísí Corparáideacha éifeachtúlacht na gcóras, an bhonneagair agus na bpróiseas a éascaíonn seachadadh éifeachtach seirbhísí HIQA. Leanamar leis na feidhmeanna sin a neartú agus a fhorbairt in 2015.

### 4.5.1 **Acmhainní daonna**

Tacaíonn an fhoireann acmhainní daonna le caidreamh fostaithe, forbairt beartas, earcaíocht, párolla agus pinsin, an córas forbartha bainistíochta feidhmíochta agus forbairt eagraíochtúil.

Bhí acmhainní daonna i gceannas maidir le 31 post nua a eascú laistigh de HIQA in 2015. D'earcaigh siad freisin roinnt ball foirne gníomhaireachta chun tacaíocht bhreise a sholáthar go sealadach. Thug siad clár ionduchtúcháin cuimsitheach do bhaill nua foirne.

Leanadh le foghlaim agus forbairt eagrúcháin ar fud HIQA. Cuireann sé seo go mór le feabhas a chur ar fheidhmíocht eagraíochtúil. Seachadadh réimse leathan clár, lena n-áirítear clár forbartha ceannaireachta do bhainisteoirí líne san eagraíocht. D'oibrigh foireann na n-acmhainní daonna freisin le páirtithe leasmhara inmheánacha chun cláir fhoghlama agus fhorbartha lárnacha a aithint agus a sheachadadh i réimsí straitéiseacha.

I mí na Nollag, bhí HIQA deimhnithe don scéim Sármhaitheas Trí Dhaoine (Excellence Through People) ag an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann. Is é Sármhaitheas Trí Dhaoine (Excellence Through People) an scéim bhainistíochta náisiúnta acmhainní daonna atá dírithe ar an ról atá ag daoine agus ar a dtionchar ar ghnó. Aithníonn an deimhniú seo tiomantas HIQA maidir le dea-chleachtas i mbainistíocht acmhainní daonna agus soláthraíonn samhail feabhsúcháin gnó chun feidhmíocht a fheabhsú agus chun straitéisí a bhaint amach trínár ndaoine a fhorbairt.

I rith na bliana, choimisiúnaigh HIQA soláthraí seachtrach chun suirbhé foirne a dhéanamh. Bhí sé mar aidhm leis an suirbhé tuiscint níos fearr a fháil ar bhraistint agus ar thuairimí i ndáil lena gcuid oibre agus an t-eolas seo a úsáid le haghaidh feabhsúcháin eagrúcháin. Rinneadh tuilleadh fiosrúchán ar théamaí a aithníodh sa suirbhé i sraith de ghrúpaí fócais eagraithe ag an mbainistíocht. Bainfear úsáid as gach ceann de na torthaí seo i bhforbairt straitéis acmhainní daonna in 2016.

### 4.5.2 **Bainistíocht airgeadais**

Rinne HIQA a acmhainní airgeadais a bhainistiú ar aon dul le riachtanais rialachais. Bailíodh táillí bliantúla in am agus d'éascaigh úsáid bhuiséadaithe agus réamhaisnéis leanúnach bainistíocht slán chaiteachais iarbhír i gcoinne na n-acmhainní pleanáilte agus iad atá ar fáil. Rinne ár soláthraí iniúchóireachta inmheánaí iniúchadh ar rialuithe airgeadais inmheánacha HIQA i rith na bliana.

Níor aithníodh aon imní ábhartha. Lean HIQA lena bhogearraí airgeadais a fhorbairt, rud a phróiseálann idirbhearta airgeadais agus soláthraíonn eolas bainistíochta a thacaíonn le cinnteoireacht.

Cuireadh cuntais bhliantúla HIQA do 2015 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de réir na scálaí ama atá leagtha amach san Acht Sláinte, 2007.

### 4.5.3 Córais Faisnéise

Tá ríomhsheirbhísí Straitéise ag HIQA don tréimhse 2015 – 2017, rud a chlúdaíonn úsáid na Teicneolaíochta Cumarsáide (ICT) ag HIQA, chomh maith le teicneolaíochtaí agus feidhmchláir eile cumasaithe ag an Idirlíon. Le linn 2015, leanamar le haidhmeanna na straitéise seo a sheachadadh.

I rith na bliana, cuireadh feabhas ar rialachas um sholáthar na ríomhsheirbhísí Straitéise trí Bhord Cláir Córais Faisnéise a chruthú, lena chinntiú go bhfuil gach córas cuí ailínithe le cuspóirí straitéiseacha HIQA. Rinneadh feabhas agus forbairt leanúnach ar an gcóras eolais HIQA, Prism, a thacaíonn le gníomhaíocht rialála trí fheidhmiúlacht bhreise a fhorbairt. Seoladh tairseach soláthraithe, rud a chuireann ar chumas na ndaoine sin atá i gceannas na lárionad ainmnithe fógraí reachtúla a chur faoi bhráid HIQA go daingean ar an idirlíon. Chláraigh breis agus 93% de sholáthraithe ionad ainmnithe do dhaoine scothaosta chun an tseirbhís seo a úsáid.

Leanadh leis an gclár uasghrádaithe infrastruchtúir i rith na bliana agus príomhchórais mhóra uasghrádaithe chun feidhmíocht agus iomarcaíocht a mhéadú, agus chun athshlánú ó thubaiste agus leanúnachas gnó a fheabhsú. Rinneadh iniúchadh seachtrach chun athbhreithniú a dhéanamh ar na pleananna slándála ICT agus leanúnachais ghnó. Tuairiscíodh leibhéal sásúil dearbhaithe.

### 4.5.4 Ídiú Fuinnimh

Lean HIQA ar aghaidh le páirt ghníomhach a ghlacadh sa chlár ‘Optimising Power @ Work’ atá á reáchtáil ag Oifig na nOibreacha Poiblí, agus arís eile baineadh amach torthaí an-mhaithe mar gheall ar iarrachtaí leanúnacha na bhfoirne go léir. D’ídigh HIQA 515,196kWh fuinnimh ar an iomlán. Bhí an t-iomlán sin comhdhéanta den mhéid seo a leanas:

**1** 170,207kWh leictreachas inár gceannoifig i Machain, Corcaigh

**2** 206,523kWh leictreachas inár nOifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath


**3** 138,466kWh breoslaí iontaise inár nOifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath

Dá réir sin, ídíodh 67% den chumhacht in Oifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath.


San iomlán, bhain HIQA amach laghdú 46.8% ar a ídiú fuinnimh ina dhá oifig i gcomparáid leis an bhfigiúr bunlíne a bunaíodh sa bhliain 2010. Is é seo méadú 2.1% ar choigiltis in 2014. Tá HIQA tiomanta freisin do na spriocanna 2020 a bhaint amach, a bhí comhaontaithe le hOifig na nOibreacha Poiblí.

Léirítear coigiltis maidir le hÍdiú Iomlán Fuinnimh HIQA i Machain agus i mBaile Átha Cliath don bhliain 2015 sna graif thíos:

Fíor 8: Ídiú fuinnimh bliantúil - HIQA (kWh)




Fíor 9: Úsáid fuinnimh bliantúil



### 4.5.5 **Sláinte agus Sábháilteacht**

Tá HIQA tiomanta fós chun sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe agus na gcuairteoirí go léir a chosaint. Leanaimid le hacmhainní a infheistiú inár gclár Sláinte agus Sábháilteachta, rud a chuireann ar chumas na gcomhghleacaithe a bheith rannpháirteach go gníomhach i mbainistíocht a gcuid sláinte agus sábháilteachta féin. Ní raibh aon taismí intuairiscithe in 2015.

### 4.5.6 **Áiseanna**

Clúdaíonn sainchúram rialála HIQA seirbhísí arna soláthar ar fud na 26 contae sa stát. Chun cur le cumas na heagraíochta, rinneadh cinneadh chun oifig bheag a fháil i nGaillimh, rud a chuirfidh ar chumas HIQA feidhmiú níos éifeachtaí in iarthar na tíre. Comhlánóidh sé seo  na hoifigí móra i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath. Ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí aithníodh spás oiriúnach agus cuireadh tús le hoibreacha feistithe i mí na Samhna 2015. Táthar ag súil go mbeidh an oifig nua i bhfeidhm go luath in 2016.

### 4.5.7 **Pleanáil**

D’fhoilsigh HIQA a Phlean Gnó 2015, ina leagtar amach na príomhchuspóirí gnó, i gcomhréir leis an bPlean Corparáideach 2013-2015, a bhí le baint amach le linn na bliana.

Le linn na bliana, d’fhorbair HIQA Plean Corparáideach nua do 2016-2018. Agus an plean seo á fhorbairt, bhí sé mar aidhm ag HIQA a straitéis a ailíniú lena chumais, inniúlachtaí, acmhainní agus próisis ghnó lena chinntiú go bhfuil cuspóirí straitéiseacha indéanta. Áiríodh próiseas cuimsitheach rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara. De réir an Achta Sláinte 2007, cuireadh an Plean Corparáideach nua faoi bhráid an Aire Sláinte i mí na Nollag 2015. Déanfar é seo a phlé tuilleadh faoi Thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh.

### 4.5.8 **Cosaint sonraí**

Tá HIQA cláraithe mar Rialaitheoir Sonraí, i gcomhréir leis an Acht um Chosaint Sonraí 1988 agus leis an Acht um Chosaint Sonraí (Leasú) 2003. Foilsítear ráiteas ar chleachtais faisnéise ar www.hiqa.ie.

# 4.6 Cumarsáid agus Rannpháirtíocht Pháirtithe Leasmhara

**27**

eisíodh preaseisiúintí le linn **2015**

Méadaíodh íoslódáil **foilsiúchán** ónár suíomh gréasáin trí

**80%**

PDF

**36**

**FREAGRAÍODH CEISTEANNA PARLAIMINTEACHA**
anuraidh

**2,854**

fuair páirtithe leasmhara ár nuachtlitir in **2015**

## 4.6 Cumarsáidí agus Rannpháirtíocht Pháirtithe Leasmhara

### 4.6.1 Cúlra

Déanann HIQA cumarsáid leis an bpobal agus lenár raon leathan páirtithe leasmhara ar bhonn rialta. Tacaíonn an Stiúrthóireacht Chumarsáide agus Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara leis an aidhm seo trí eolas tráthúil agus cruinn a sholáthar. Déanaimid an obair seo agus guth neamhspleách, neamhchlaonta á choinneáil againn.

D'fhoilsíomar ár dtuarascálacha agus moltaí i rith 2015, agus croíluachanna HIQA d'oscailteacht agus de thrédhearcacht á gcur chun feidhme i gcónaí. Leanamar ag obair leis na meáin agus le páirtithe leasmhara eile chun a chinntiú go bhfuil eolas ar ár gcuid oibre tuairiscithe go cruinn agus go cuí, agus go gcuirtear baill den phobal ar an eolas maidir lena dtuiscint ar ár gcuid oibre.

### 4.6.2 Feidhmeanna

Déanaimid ocht bhfeidhm a sheachadadh chun freastal ar riachtanais chumarsáide HIQA, mar seo a leanas:

- caidreamh preasa agus na meán
- bainistíocht foilsithe agus foilseachán
- cumarsáidí inmheánacha
- cumarsáidí ar líne
- gnóthaí poiblí agus parlaiminteacha
- comhairliúchán agus rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara
- Saoráil Faisnéise
- bainistíocht gearán.

### 4.6.3 Caidreamh preasa agus na meán

Le linn 2015, leanamar le príomhtheachtaireachtaí a chur in iúil faoi obair HIQA. Bhí siad sin tuairiscithe ag eagraíochtaí na meán idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúla i bhfoilseacháin chló, chraolta agus ar líne. Rinneamar ar an meán 302 scéal nuachta a thaifeadadh gach mí a bhí bainteach go díreach lenár gcuid oibre. Is ionann sin agus níos mó ná 3,500 píosa nuachta ar obair HIQA in 2015. D'oibríomar leis na meáin chun a chinntiú gur shroich ár dteachtaireacht an pobal ar bhealach tráthúil agus cruinn.

D'eisíomar 27 preaseisiúint le linn 2015. I measc na n-imeachtaí suntasacha meán bhí foilsiú na tuarascála imscrúdaithe ar an Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise, foilsiú dár dTuarascáil Bhliantúil 2014, ár measúnú ar theicneolaíocht na sláinte i ndáil le hathrú ar an mbeartas ar vacsaíniú BCG roghnaitheach, caighdeáin nua ar Aitheantóirí Aonair Sláinte, agus ár bhforbhreathnú ar thuarascálacha seirbhísí do leanaí agus seirbhísí do dhaoine scothaosta.

## 4.6.4 Bainistíocht foilsithe agus foilseachán

Leanaimid le Béarla soiléir inár dtuarascálacha foilsithe a chur chun cinn, agus le linn 2015 bhronn ár bPríomhfheidhmeannach deimhnithe ar 46 dár bhfoireann a rinne oiliúint i mBéarla soiléir leis an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA). Creidimid, trí úsáid a bhaint as tuilleadh Béarla soiléir, go mbeidh ár gcuid oibre i bhfad níos inrochtana ag gach duine atá ag baint úsáide as, agus atá ag soláthar, seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. Le linn 2015, rinneamar oiliúint a sholáthar ar Bhéarla soiléir do 24 ball foirne breise. Foilsímid ár dtuarascálacha agus ár bhfoilseacháin ar ár láithreán gréasáin ag www.hiqa.ie, áit ar féidir iad a íoslódáil go héasca.

Táimid tiomanta fós chun a chinntiú go ndéantar eolas a fhoilsiú ar an láithreán gréasáin ar bhealach tráthúil.

I 2015, d'fhoilsíomar 33 foilseachán. Áirítear leis seo caighdeáin agus doiciméid treoracha, chomh maith lenár nuachtlitir agus nótaí labhartha ó imeachtaí móra náisiúnta. Foilsíodh breis agus 1,130 tuarascáil chigireachta ar ár láithreán gréasáin in 2015.

**Tábla 3: Tuarascálacha a foilsíodh in 2015**

| Cineál na tuarascála | Iomlán a foilsíodh |
|---|---|
| Sláinteachas | 31 |
| Leanaí (gan míchumas a áireamh) | 35 |
| Míchumas (Leanaí san áireamh) | 653 |
| Tithe altranais | 411 |
| **Iomlán** | **1130** |

Rinneamar cuid dár bhfoilseacháin i leaganacha éasca le léamh, agus chuireamar ár dteachtaireachtaí in iúl go soiléir trí threoracha físe agus fuaime a tháirgeadh le cuid dár bhfoilseacháin.

## 4.6.5 Cumarsáidí Inmheánacha

Coimeádaimid agus tacaímid cumarsáid inmheánach ar fud HIQA agus a líon foirne.

Ba iad cruinnithe foirne rialta agus ár n-inlíon bunfhoinsí na cumarsáide inmheánaí faoi ghníomhaíochtaí HIQA, agus rinneadh an fhoireann a nuashonrú ar gach athrú agus forbairt laistigh den eagraíocht.

Tá Inside Track, an iris mhíosúil inmheánach ar líne don fhoireann, fós ina huirlis éifeachtach agus simplí le comhghleacaithe a chur ar an eolas faoi gach gné den obair ar fud na heagraíochta.

## 4.6.6 Cumarsáidí Ar Líne

Le linn 2015, bhíomar tiomanta fós d'fhorbairt leanúnach ar ár láithreán gréasáin, ár gcainéil na meán sóisialta agus ár n-inlíon.

Tá ár láithreán gréasáin fós ina fhoinse tábhachtach d'eolas dár bpáirtithe leasmhara agus don fhoireann. Le linn na bliana, chuireamar tús leis an bpróiseas d'athfhorbairt mhór ar láithreán gréasáin HIQA.

Ba iad na ceithre chuid is mó éilimh ar www.hiqa.ie ná an leathanach baile, an chuid ina bhfuil na tuarascálacha cigireachta is déanaí, ár dtuarascálacha cigireachta seirbhísí míchumais agus ár leathanach gairmeacha.

Tháinig méadú 80% ar líon na bhfoilseachán a íoslódáladh ónár láithreán gréasáin le linn 2015. Ba iad seo a leanas na ceithre dhoiciméad is mó éilimh a íoslódáladh ónár láithreán gréasáin: an *Quality Standards for Residential Care Settings for Older People in Ireland*, an *National Standards for Residential Services for Children and Adults with Disabilities*, an *Standards for Safer Better Healthcare* agus an *Easy to Read Guide to the National Standards for Residential Services for Children and Adults with Disabilities*.

Le linn 2015, tháinig méadú 32% ar líon na gcuairteanna ar ár láithreán gréasáin ó ghléasanna soghluaiste, lena n-áirítear fóin agus táibléad. In 2015, leanamar leis na meáin shóisialta a úsáid chun dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear ár leathanach Facebook agus ár gcuntas Twitter.

Bíonn ár n-idirghníomhaíochtaí agus ár naisc ar na meáin shóisialta ag obair chun pobal a thógáil a bhfuil spéis aige in obair HIQA, agus iarrtar ionchur ó pháirtithe leasmhara. Méadaíodh go mór ár lucht leanúna ar líonraí na meán sóisialta in 2015. Tháinig fás 69% ar líon an lucht leanúna HIQA ar Twitter, agus méadaíodh líon an lucht leanúna ar ár leathanach Facebook le 124%. Méadaíodh líon ár gceangal ar LinkedIn le 63%.

Tháinig méadú 68% ar líon na n-amharc ar ár gcainéal YouTube. Meastar gur féachadh ar 22,701 nóiméad físeáin HIQA ar YouTube in 2015, agus is ionann sin agus méadú 6% ar an mbliain roimhe sin. Lean ár seirbhís ghearrtheachtaireachtaí (SMS) le fógairt a chur do 482 síntiúsóir maidir le nuashonruithe ar ár gcuid oibre. Méadaíodh líon na síntiúsóirí SMS le 5% in 2015.

## 4.6.7 Gnóthaí poiblí agus parlaiminteacha

Trínár bhfeidhm ghnóthaí poiblí agus parlaiminteacha, tá HIQA freagrach fós don Rialtas agus do Thithe an Oireachtais, ag cinntiú go ndéantar eolas cruinn agus cothrom le dáta a sholáthar ar bhealach tráthúil. Táimid réamhghníomhach agus sofhreagrach maidir le heolas mionsonraithe a chur ar fáil ar fhiosrúcháin pholaitiúla ar bhealach tráthúil. Déanaimid cumarsáid díreach le ranna rialtais, le Comhchoiste an Oireachtais um Shláinte agus Leanaí, agus le hurlabhraithe ábhartha.

Thug ár n-obair comhthéacs do chuid mhór díospóireachtaí Oireachtais in 2015, agus rinneadh 61 tagairt do HIQA i ndíospóireachtaí parlaiminteacha. Sholáthraíomar ábhair threoracha d'Oifig an Taoisigh agus d'Oifig an Aire Sláinte lena n-úsáid i ndíospóireachtaí Oireachtais le haghaidh míreanna ceannlíne. Ina measc seo bhí obair HIQA i ndáil le cáilíocht agus sábháilteacht an chúraim chónaithe do dhaoine atá faoi mhíchumas a mhonatóiriú agus a fheabhsú, mar aon lenár n-imscrúdú ar Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre (Port Laoise).

Fuaireamar 36 cheist pharlaiminteacha anuraidh agus thugamar freagraí orthu siúd. Tá cuspóir tábhachtach ag baint le ceisteanna parlaiminteacha sa mhéid is go gcinntíonn siad go bhfuil obair HIQA cuntasach, intuigthe agus tuairiscithe go cruinn agus go cothrom.

Bhain na ceisteanna parlaiminteacha ar thug HIQA freagraí orthu leis na nithe seo a leanas:

- Seirbhísí Corparáide 18 (50%),
- Rialúchán 17 (47.2%) agus
- Cumarsáidí agus Rannpháirtíocht Pháirtithe Leasmhara 1 (2.8%).

Tugadh freagra ar gach ceist in am. In 2015, thugamar freagraí freisin ar sé iarratas foirmiúla ar fhaisnéis ó Roinn an Taoisigh, ón Roinn Sláinte agus ón gComh-Aireacht.

Ba í tuarascáil imscrúdaithe HIQA ar shábháilteacht, cáilíocht agus caighdeáin na seirbhísí a sholáthraíonn an FSS d'othair san Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise, ábhar suntasach díospóireacht an Oireachtais anuraidh. Ar 13 Bealtaine 2015, chuir ár bPríomhfheidhmeannach Phelim Quinn an tuarascáil faoi bhráid Chomhchoiste an Oireachtais um Shláinte agus Leanaí. Rinneadh torthaí na tuarascála seo a phlé freisin go forleathan sa Dáil agus sa Seanad.

Léiríonn an raon ceisteanna a chuireann na grúpaí polaitiúla san Oireachtas isteach an rannpháirtíocht ghinearálta ag ionadaithe tofa lenár gcuid oibre. Oibrímid le hurlabhraithe Sláinte agus Leanaí an Oireachtais ar bhonn leanúnach. Níos ginearálta, faigheann HIQA ceisteanna ar bhonn rialta go díreach ó ionadaithe poiblí agus a n-oifigí.

### 4.6.8 **4.6.8 Saoráil Faisnéise**

Fuair HIQA 72 iarratas go hiomlán i ndáil le Saoráil Faisnéise (FOI) in 2015 agus rinneadh iarratas amháin a iompar ar aghaidh ó 2014. As an iomlán de 73 iarratas, deonaíodh 21, deonaíodh 28 i bpáirt, diúltaíodh 14, aistríodh dhá cheann chuig gníomhaireacht eile rialtais agus rinneadh cúig a iompar ar aghaidh isteach in 2016. Fuair HIQA iarratas amháin a ndearnadh achomharc air chuig Oifig an Choimisinéara Fhaisnéise lena athbhreithniú, rud a tarraingíodh siar ina dhiaidh sin.

Tugadh freagraí ar gach iarratas i gcomhréir le ceanglais an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014. Mhéadaigh HIQA líon a lucht déanta cinntí FOI trí oiliúint chuí a sholáthar, mar gheall ar an méadú mór ar líon na n-iarratas.

## 4.6.9 **Comhairliúchán agus rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara**

Leanamar le comhoibriú le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an pobal i gcoitinne, úsáideoirí seirbhísí, soláthraithe seirbhísí agus grúpaí abhcóideachta. Is é an tosaíocht atá againn a bheith freagrach do riachtanais na ndaoine a bhaineann úsáid astu, agus a sholáthraíonn, seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.

Bhí rannpháirtíocht an phobail i gcomhairliúcháin ina cuid thábhachtach dár gcuid oibre in 2015; sheolamar roinnt chomhairliúchán poiblí sular thugamar cuid dár moltaí i ndáil le measúnú ar theicneolaíocht na sláinte (HTA) agus faisnéise sláinte chun críche. Ina measc siúd bhí HTA ar athrú ar vacsaíniú BCG roghnaitheach, athbhreithniú ar an Tacar Sonraí Déimeagrafach Caighdeán Náisiúnta agus Treoir le húsáid i suíomhanna sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn, agus Plean Corparáideach nua.

Chuireamar freisin le roinnt chomhairliúchán a bhí eagraithe ag eagraíochtaí agus comhlachtaí poiblí eile.

Le linn na bliana, leanamar lenár nuachtlitir, *HIQA News*, a fhoilsiú dár bpáirtithe leasmhara agus don phobal, ina bhfuil faisnéis ónár bhfoirne éagsúla. In 2015, d’fhoilsíomar trí eagrán agus rinneamar an leagan amach a athchóiriú, agus cuma nua le feiceáil go luath in 2016.

Faoi dheireadh 2015, bhí 2854 síntiúsóir ag *HIQA News*, i gcomparáid le 2,722 ag deireadh 2014, arb é méadú 4.8%. Tháinig méadú sna síntiúis faoi 16% idir 2013 agus 2014, rud a thug an méadú carnach sna léitheoirí go dtí os cionn 20% thar an dá bhliain sin.

## 4.6.10 **Bainistíocht Gearán**

Cuireann HIQA fáilte roimh thuairimí, moltaí agus gearáin faoina fheidhmíocht agus faoina iompar i gcomhlíonadh a chuid dualgas agus freagrachtaí reachtúla. D’fhéadfadh an t-aiseolas a theacht ó sholáthraithe seirbhíse, othair, cúramóirí, gaolta, eagraíochtaí príobháideacha agus deonacha, gníomhaireachtaí reachtúla agus an pobal i gcoitinne. Cuireann HIQA fáilte roimh gach píosa aiseolais agus féachann ar ghearáin mar dheiseanna chun athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtas agus nósanna imeachta agus chun réimsí feabhsúcháin a aithint. Is mian linn freisin gearáin a réiteach ar bhealach éifeachtach agus tráthúil, agus cur chuige luathréitigh a úsáid le gearáin nuair is féidir.

Le linn 2015, fuair HIQA naoi ngearán. Réitíodh ocht gcinn acu in 2015, agus rinneadh ceann amháin a iompar ar aghaidh le réiteach go luath in 2016.

I Meitheamh 2015, ghlac an Stiúrthóireacht um Chumarsáid agus Rannpháirtíocht Pháirtithe Leasmhara freagracht le gearáin a bhainistiú.

Rinneadh athbhreithniú ar an mBeartas um Ghearáin le linn 2015, agus cuirfear é chuig Bord HIQA le daingniú sa chéad ráithe de 2016.

# 4.7 Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh

## 4.7.1 Cúlra

Cuireann Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh maoirseacht, treoir agus tacaíocht ar fáil chun cur ar chumas HIQA a chuspóirí a sheachadadh laistigh de chreat rialachais. Áirítear leis sin tacaíocht éifeachtach don Bhord agus dá Choistí a sholáthar le cinntiú go gcomhlíonann HIQA a riachtanais reachtúla.

## 4.7.2 An Bord agus coistí an Bhoird

Ba bhliain ghnóthach í 2015 don Bhord agus dá choistí de bhrí go raibh athrú ar bhallraíocht an Bhoird mar chuid den phróiseas leanúnach i ndáil le hathnuachan bhallraíocht an Bhoird. Tháinig tionacht cheathrar comhaltaí Boird chun deiridh i mBealtaine 2015 agus ceapadh ceathrar comhaltaí nua ar 29 Iúil 2015. Mar gheall ar na hathruithe seo, bhí béim bhreise ar ionduchtú agus oiliúint chun tuiscint chomhaltaí nua an Bhoird a fhorbairt (agus chun comhaltaí atá ann cheana féin a athnuachan) ar ról agus freagrachtaí bhallraíocht an Bhoird agus ar fheidhmeanna HIQA. Athbhunaíodh ballraíocht Choiste an Bhoird.

### Cruinnithe Boird agus Coistí

Thionóil an Bord naoi gcruinniú i rith 2015. Bhí sé chruinniú riachtanach go reachtúil agus sceidealadh trí chruinniú breise chun míreanna gnó ar leith a chur chun tosaigh gan aon mhoill mhíchuí.

### Coistí an Bhoird

Tá ceithre choiste ag an mBord, mar seo a leanas:

- **An Coiste um Rialachas Sláinte agus Cúram Sóisialta** a dhéanann maoirseacht ar éifeachtúlacht, rialachas agus rialuithe i ndáil le feidhmeanna sláinte agus cúraim shóisialta HIQA a sheachadadh. Bhuail an coiste seo le chéile ceithre huaire le linn 2015.
- **An Coiste um Iniúchóireacht agus Rialachas Corparáide** a thugann tacaíocht don Bhord ina mheasúnú ar éifeachtúlacht agus iontaofacht na gcóras HIQA maidir le rialú inmheánach agus rathaíochtaí ar rialachas, bainistíocht riosca, an timpeallacht rialaithe agus cruinneas agus iomláine na ráiteas airgeadais.
- **An Coiste um Fhaisnéis, Taighde agus Teicneolaíocht** a thugann comhairle don Bhord ar ghnéithe tábhachtacha de na feidhmeanna faisnéise agus teicneolaíochta sláinte agus ar na socruithe rialachais a bhaineann lena dtionscadail taighde. Bhuail an coiste seo le chéile trí huaire le linn 2015.2015.
- **An Coiste Luacha Saothair agus Ainmnithe** a dhéanann monatóiriú ar riachtanais eagraíochtúla agus forbairt bhainistíochta HIQA. Bhuail an coiste seo le chéile dhá uair in 2015. Rinne an coiste seo, ar son an Bhoird, maoirseacht ar phróiseas ceapacháin an POF.

### 4.7.3 Plean Corparáide

I mí an Mhárta 2015, cuireadh tús le hobair ar an gceathrú Plean Corparáideach de chuid HIQA chun treo agus fócas na heagraíochta sna trí bliana atá amach romhainn a leagan amach. Cuireadh tús leis an bpróiseas le creat d'fhorbairt an phlean á chomhaontaithe ag Bord HIQA.

Agus an plean seo á fhorbairt aige, bhí sé mar aidhm ag HIQA a straitéis agus a shainordú dlíthiúil a ailíniú lena chumais, inniúlachtaí, acmhainní agus próisis ghnó lena chinntiú go bhfuil cuspóirí straitéiseacha indéanta. D'fhorbraíomar léarscáil straitéise athbhreithnithe mar chomhpháirt lárnach den phlean corparáideach.

Rinne HIQA maoirseacht ar phróiseas cuimsitheach rannpháirtíochta agus an plean corparáideach á fhorbairt. Sula ndearnadh an plean a dhréachtú, rinneamar suirbhé inmheánach foirne agus suirbhé seachtrach ar líne a fuair raon leathan freagairtí a léiríonn réimse leathan leasanna. Ina dhiaidh sin, rinne HIQA comhairliúchán poiblí cuimsitheach nuair a bhí an dréachtphlean aontaithe ag an mBord. Rinneadh straitéis HIQA a bheachtú tuilleadh mar gheall ar aiseolas a fuarthas le linn ár bpróisis chomhairliúcháin phoiblí.

### 4.7.4 Rialachas Corparáide

Tá Bord HIQA freagrach as córas HIQA um rialú inmheánach agus as athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin, comhlíonta agus bainistíocht riosca.

Chun seachadadh ar an bhfreagracht seo, glacann an Coiste Rialachais Chorparáidigh agus Iniúchóireachtata ról gníomhach maidir le dearbhuithe a fhaightear ó fhoinsí éagsúla a chomhordú, mar seo a leanas:

- Obair iniúchóireachta inmheánaí
- Iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- Bainistíocht riosca
- Athbhreithnithe rialuithe airgeadais
- Athbhreithniú ráiteas airgeadais

Ina theannta sin:

- Tá próiseas i bhfeidhm ina soláthraíonn an bhainistíocht fheidhmiúcháin ráiteas bliantúil ráthaíochta chuig an mBord ina leagtar amach na rialuithe a chlúdaíonn iomláine na bhfeidhmeanna HIQA.
- Soláthraítear tuarascálacha rialta feidhmíochta corparáide chuig an mBord, lena n-áirítear rioscaí corparáide.
- Soláthraíonn an Príomhfheidhmeannach tuarascáil chuig an mBord ag gach cruinniú an Bhoird.
- Tuairiscíonn Coistí an Bhoird chuig an mBord.

### 4.7.5 **Cód Iompair Ghnó**

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú:

- Go comhlíonann HIQA reachtaíocht maidir le hEitic in Oifig Phoiblí
- Go ndéanann HIQA cúrsaí a bhainistiú ina bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ann
- Go gcinntíonn HIQA go dtuigeann comhaltaí Boird a bhfreagrachtaí agus go ndeimhníonn siad an tuiscint sin i scríbhinn.

# CAIBIDIL 5
# Faisnéis Airgeadais

## 5.1 Ráitis Airgeadais

Ní hionann an t-eolas airgeadais achoimrithe atá leagtha amach sa tuarascáil seo agus cuntais an Údaráis Fhaisnéise Sláinte agus Cáilíochta don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2015, mar a éilítear in Alt 35 (4) den Acht Sláinte 2007.

Fuarthas an t-eolas anseo ó dhréacht-chuntais mar, tráth a rinneadh an Tuarascáil Bhliantúil seo a fhoilsiú, ní raibh na cuntais seo iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus, dá bhrí sin, ní féidir le HIQA iad a thabhairt chun críche.

**Cuntas Achoimrithe Ioncaim agus Caiteachais do Bhliain HIQA dar críoch 31 Nollaig 2015:**

| Ioncam | €'000 |
|---|---|
| An Roinn Sláinte agus Leanaí | 10,700 |
| Táillí Bliantúla agus Táillí Clárúcháin | 6,752 |
| Ioncam Eile | 39 |
| **Ioncam Iomlán** | **17,491** |

| Caiteachas | €'000 |
|---|---|
| Táillí Gairmiúla | 770 |
| Costais Foirne | 12,890 |
| Taisteal agus Cothú | 765 |
| Scaipeadh | 38 |
| Tacaíocht agus Bunú | 3,184 |
| **Caiteachas Iomlán** | **17,647** |
| Barrachas Caiteachais thar Ioncam | 156 |
| Cúlchistí Tosaigh | 478 |
| **Cúlchistí Deiridh** | **322** |

Féadfar féachaint ar thuilleadh eolais, na cuntais iomlána don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2015 agus deimhniú ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste do na cuntais. A luaithe is a bheidh siad ar fáil, is féidir cóipeanna de na cuntais a fháil ó www.hiqa.ie.

# AGUISÍN 1
# Gníomh agus Freastal an Bhoird in 2015

De réir an Achta Sláinte 2007, beidh cruinnithe ag an mBord de réir mar is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh, ach beidh cruinniú aige uair amháin ar a laghad gach dhá mhí i ngach bliain. Tá na sé chruinniú sceidealaithe liostaithe thíos mar aon le freastal gach comhalta Boird ar na cruinnithe sin.

**Tábla 1: Freastal ar sé chruinniú rialta agus riachtanacha go reachtúil an Bhoird in 2015**

| Cruinnithe rialta an Bhoird 2015 | 28 Ean 2015 | 18 Már 2015 | 27 Bealt 2015 | 30 Iúil 2015 | 30 M.Fóm 2015 | 25 Samh 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Brian McEnery | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá |
| Grainne Tuke* | Tá | Tá | Tá | N/B* | N/B* | N/B* |
| Philip Caffrey* | Tá | Tá | Tá | N/B* | N/B* | N/B* |
| Sam McConkey* | Tá | Tá | Tá | N/B* | N/B* | N/B* |
| Cillian Twomey* | Tá | Tá | Tá | N/B* | N/B* | N/B* |
| David Molony | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá |
| Sheila O'Malley | Tá | Tá | Níl | Tá | Tá | Tá |
| Una Geary | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá |
| Anne Carrigy | Tá | Tá | Níl | Níl | Tá | Tá |
| Bairbre O'Neill | Tá | Níl | Níl | Níl | Tá | Tá |
| Mary Fennessy | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá |
| Judith Foley | Níl | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá |
| Stephen O'Flaherty** | N/B | N/B | N/B | Tá | Tá | Tá |
| Paula Kilbane** | N/B | N/B | N/B | Níl ** | Tá | Tá |
| Martin Sisk** | N/B | N/B | N/B | Tá | Níl | Tá |
| Molly Buckley** | N/B | N/B | N/B | Níl** | Tá | Tá |

** chuaigh an tionacht as feidhm ar 15 Bealtaine 2015*

*** ceaptha chuig an mBord ar 29 Iúil 2015 (an tráthnóna roimh chruinniú an Bhoird) agus ní raibh inteagmhála in am don chruinniú.*

Chomh maith le líon riachtanach reachtúil cruinnithe an Bhoird mar atá leagtha amach san Acht Sláinte 2007, reáchtáil Bord an HIQA trí chruinniú sa bhreis chun feidhmeanna an HIQA a chur chun tosaigh.

### Table 2: Freastal ar chruinnithe urghnácha an Bhoird in 2015

| Cruinnithe breise an Bhoird 2015 | 05 Bealt 2015 | 22 D.Fómh.2015 | 15 Noll 2015 |
|---|---|---|---|
| Brian McEnery | Tá | Tá | Tá |
| Grainne Tuke* | Tá | N/B | N/B |
| Philip Caffrey* | Tá | N/B | N/B |
| Sam McConkey* | Tá | N/B | N/B |
| Cillian Twomey* | Tá | N/B | N/B |
| David Molony | Tá | Níl | Tá |
| Sheila O'Malley | Tá | Tá | Tá |
| Una Geary | Tá | Tá | Tá |
| Anne Carrigy | Níl | Níl | Tá |
| Bairbre O'Neill | Tá | Tá | Níl |
| Mary Fennessy | Tá | Tá | Tá |
| Judith Foley | Tá | Níl | Tá |
| Stephen O'Flaherty** | N/B | Tá | Tá |
| Paula Kilbane** | N/B | Tá | Níl |
| Martin Sisk** | N/B | Tá | Tá |
| Molly Buckley** | N/B | Tá | Tá |

** chuaigh an tionacht as feidhm ar 15 Bealtaine 2015*

*** ceaptha chuig an mBord ar 29 Iúil 2015*

# AGUISÍN 2
# Léarscáil Straitéise

**Our mission is:**

The Authority exists to promote sustainable improvements, safeguard people using health and social care services and support informed decisions on how services are delivered.

**The outcomes we hope to achieve are:**

**Care is improved**
We enable sustainable improvements in safety and quality of health and social care services

**People are safeguarded**
We act to reduce the risks of harm and abuse to people using health and social care services

**People are informed**
We publicly report on safety, quality and effectiveness of health and social care services

**Policy and service decisions are informed**
We inform policy development and how services are delivered

**Our core activities to deliver on our outcomes are:**

**Our strategic objectives are:**

### Regulation

*Registration, oversight and scrutiny of designated health and social care services in line with legal requirements*

- We will conduct regulation programmes of health and social care services to safeguard people and achieve improved outcomes for service users
- We will carry out our Regulation function effectively and efficiently and its outcomes and impact on policy will be communicated to all relevant stakeholders

### Supporting Improvement

*Improving quality and safety by providing support to service providers and users*

- We will develop new and revised existing standards and guidance
- We will build capacity and capability and support the implementation of sustainable improvements
- We will share the learning from activities to enable continuous improvement

### Improving outcomes through information

*Promoting the efficient and secure collection, use and sharing of health information*

- We will set standards to support eHealth
- We will promote and enable the use of information to plan, manage and deliver health and social care services

### Assessing Health Technologies (HTA)

*Provision of evidence-based advice to inform policy development and how services are delivered*

- We will undertake a number of relevant HTAs as efficiently as possible
- We will act to embed HTA in national policy and service decision making.

**Our key enablers to ensure our success:**

**People**
We will continue to ensure that we have a professionally competent and supported workforce that is utilised to its full potential

**Governance**
We will demonstrate that our corporate governance framework is effective and robust

**Performance and delivery**
We will manage the organisation effectively and efficiently through robust planning and performance management

**Information**
We will use and manage information effectively and in accordance with best practice

**Communication and engagement**
We will actively communicate and engage in an open and responsive manner with all our stakeholders

**Evidence**
We will ensure that our work is informed by evidence and research

# AGUISÍN 3
# Tuarascáil Bhliantúil Rialachais agus Chomhlíonta

## 1. Réamhrá

Tá Bord an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) freagrach as córas rialaithe inmheánaigh HIQA agus as athbhreithniú a dhéanamh go bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin, comhlíonta agus bainistíocht riosca[3].

Sonraíonn an tAcht Sláinte 2007 gur cheart go mbeadh i gCód Rialachais HIQA cur síos ar 'rialuithe inmheánacha an Údaráis, lena n-áirítear a nósanna imeachta maidir le hiniúchadh inmheánach, bainistíocht riosca, soláthar poiblí agus tuairisciú airgeadais' agus go 'gcuirfidh an tÚdarás in iúl ina thuarascáil bhliantúil na socruithe atá aige chun an cód rialachais a chur i ngníomh agus chun go gcloífear i gcónaí leis'.

## 2. Rialachas agus comhlíonadh

Chun aghaidh a thabhairt ar a chuid freagrachtaí i dtaca leis seo, tá cur chuige bunaithe ag Bord HIQA ina soláthraíonn comhaltaí na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin ráiteas ráthaíochta sínithe chuig Coistí an Bhoird maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha laistigh dá réimsí freagrachta.

Tar éis an athbhreithnithe seo ag Coistí an Bhoird, cuirtear tuairisc tiomsaithe ar fáil do Bhord HIQA. Clúdaíonn na ráitis na feidhmeanna reachtúla HIQA, lena n-áirítear faisnéis sláinte, measúnú ar theicneolaíocht na sláinte, forbairt chaighdeán agus rialáil. Leagtar amach sna ráitis na gníomhaíochtaí a chuireann tacú faoi gach feidhm agus na rialuithe do gach ceann de na gníomhaíochtaí seo.

San athbhreithniú ag an mBord agus ag a Choistí, déantar measúnú ar na próisis agus ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil feidhmeanna HIQA á mbainistiú agus á rialú go héifeachtach, agus go bhfuil siad laistigh de na paraiméadair reachtúla atá leagtha síos san Acht Sláinte 2007. Má mheastar go bhfuil réimsí ann le feabhsú, déanfar é sin sa bhliain atá amach romhainn.

Tá na ráitis ráthaíochta réamhráite ón bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin i dtaca le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha á dtacú agus á gcomhlánú ag obair leanúnach gach fochoiste an Bhoird agus ag an mBord é féin a chlúdaíonn, i measc nithe eile, an t-athbhreithniú ar thuarascálacha iniúchta inmheánacha, cláir riosca, agus moladh agus faomhadh gníomhaíochtaí agus beartais inmheánacha.

---

3 An Roinn Airgeadais. An Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, alt 10.1

Chuir HIQA sraith láidir bheartas agus nósanna imeachta corparáide ar bun freisin i réimsí an airgeadais, acmhainní daonna agus bainistíochta faisnéise lena chinntiú go bhfuil na gníomhaíochtaí á gcur i bhfeidhm laistigh de chóras éifeachtach rialuithe inmheánacha.

Tá na ráitis ráthaíochta do na gníomhaíochtaí seo soláthraithe ag:

- Seirbhísí Corparáide, lena n-áirítear bainistíocht airgeadais, bainistíocht acmhainní daonna, bainistíocht teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide agus comhlíonadh le cleachtais eile reachtaíochta, sláinte agus sábháilteachta, agus earcaíochta san earnáil phoiblí.
- Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh, lena n-áirítear pleanáil agus tuairisciú corparáide, eitic in oifig phoiblí, rialachas boird agus coistí agus bainistíocht riosca.
- Cumarsáidí agus Rannpháirtíocht Pháirtithe Leasmhara, lena n-áirítear socruithe le haghaidh rannpháirtíochta páirtithe leasmhara agus gnóthaí poiblí, agus Saoráil Faisnéise.

Oibríonn HIQA go leanúnach chun a shocruithe rialachais a neartú sa chás go n-aithnítear réimsí le feabhsú.

# AGUISÍN 4
# Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte atá riachtanach faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014

Éilítear in Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 go bhfoilsítear tuarascáil gach bliain maidir le líon na nochtuithe cosanta a rinneadh sa bhliain roimhe agus aon ghníomhaíochtaí a rinneadh mar fhreagairt ar na nochtuithe sin.

Rinne an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, faoi alt 7 (2) den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, Príomhfheidhmeannach an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte a fhorordú mar fhaighteoir iomchuí nochtuithe d'éagóracha ábhartha a bhaineann le gach ábhar a bhaineann le caighdeáin sábháilteachta agus cúraim na ndaoine sin a fhaigheann seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta sna hearnálacha cúraim sláinte poiblí agus deonacha agus seirbhísí cúraim shóisialta i gcás na hearnála cúraim sláinte príobháidí, mar a fhoráiltear leis an Acht Sláinte, 2007. Ní féidir déileáil le haon nochtadh den sórt sin ach amháin ar bhealach atá comhsheasmhach agus cuí leis an ról, na cearta agus dualgais reachtúla HIQA.

Tá próiseas ag HIQA le míreanna imní a nochtadh dó a láimhseáil. In 2015, rinneadh 1,175 mír imní a nochtadh do HIQA. Bhí na nochtuithe seo déanta ag oibrithe, ag daoine a úsáideann seirbhísí agus ag daoine eile. Rinneadh an fhaisnéis seo a logáil agus rinneadh measúnú riosca uirthi agus i ngach cás baineadh úsáid aisti chun eolas a chur ar an idirghabháil is oiriúnaí ag HIQA mar rialtóir seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta agus de réir a dhualgas faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014.

Fuarthas nochtadh amháin ó oibrí HIQA faoi na nósanna imeachta arna mbunú le nochtuithe cosanta a láimhseáil. Tá HIQA i mbun oibre faoi láthair leis an nochtóir ar an ábhar.

Health Information and Quality Authority
An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

**An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte**
**Le haghaidh tuilleadh faisnéise, téigh i dteagmháil le do thoil le:**

An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte
Cúirt Sheoirse, Lána Sheoirse
Baile Átha Cliath 7
Guthán: +353 (0)1 814 7400
R-phost: info@hiqa.ie
Gréasán: www.hiqa.ie

© An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte 2016